




Comhairle Contae
Ros Comáin
Roscommon
County Council



2023

Tuarascáil Bhliantúil



A scenic view of a lake with a boat, reeds, and wind turbines in the background. The boat is a small, white motorboat with a red roof, moving through the water. The lake is surrounded by tall reeds and greenery. In the background, there are hills and several wind turbines under a clear blue sky.

2023

Ár bhFís

*Ag obair leat,
ag obair ar do shon.*

Ár Misean

*A áirithiú, trí chomhoibriú agus trí
cheannaireacht láidir a sholáthar
i gcomhpháirtíocht leis an bpobal,
go mbeidh Ros Comáin ina háit
tharraingteach, uilechuimsitheach,
rathúil agus bheoga chun cónaí
ann, infheistíocht a dhéanamh
ann, oibriú ann agus cuairt a
thabhairt air.*

Clár na nÁbhar

Réamhrá ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach	2
Comhaltaí Tofa	4
Coistí um Bheartais Straitéiseacha (CBSanna)	5
An Stiúirthóireacht Tithíochta, Cultúir agus Cosanta Idirnáisiúnta	7
Tithíocht.....	8
Na hEalaíona agus Cultúr.....	13
Leabharlann.....	17
Cosaint Idirnáisiúnta.....	20
An Stiúirthóireacht Bonneagair Bóithre agus Taistil Ghníomhaigh agus Pleanála	21
Bonneagar Bóithre agus Taistil Ghníomhaigh.....	22
Pleanáil.....	30
An Stiúirthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide, Comhshaoil, Acmhainní, Daoine agus Rialachais	33
Gníomhú ar son na hAeráide.....	34
An Comhshaol.....	36
Seirbhísí Uisce.....	40
Córais Faisnéise.....	43
Seirbhísí Corparáideacha.....	45
Bainistíocht Sócmhainní agus Fuinnimh.....	49
Acmhainní Daonna.....	51
An Stiúirthóireacht um Athghiniúint, Forbairt Eacnamaíoch, Pobail, Turasóireachta agus Oidhreachta	53
Athbheochan agus Forbairt Eacnamaíoch.....	54
Forbairt Áitiúil & Pobail.....	58
Turasóireacht.....	63
Oidhreacht.....	65
An Stiúirthóireacht Airgeadais, Soláthair, Fiontar, Rialú Foirgníochta agus Seirbhísí Éigeandála	67
Cúrsaí Airgeadais.....	68
Oifig Fiontar Áitiúil.....	78
Rialú Foirgníochta.....	79
Seirbhísí Éigeandála.....	80
Tuarascáil an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil	82
Tuarascáil maidir leis an bPlean Corparáideach	84
Aguisíní	86
Aguisín 1: Táscairí Feidhmíochta 2023.....	86
Aguisín 2: Comhdhálacha agus Imeachtaí Oiliúna na gComhairleoirí 2023.....	93
Aguisín 3: Coistí na gComhairleoirí 2023.....	94
Aguisín 4: Struchtúr na Bainistíochta 2023.....	96

Réamhrá ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach

Is mór an phribhléid dúinn an Tuarascáil Bhliantúil seo don bhliain 2023 a thabhairt isteach. Cuirimid fáilte roimh fhoilsiú na tuarascála mar gheall go gcuirtear ardán ar fáil inti do Chomhairle Contae Ros Comáin an iomaí éacht a rinne sí i gcaitheamh na bliana a thabhairt chun solais. Léirítear in ábhar na tuarascála tiomantas daingean na Comhairle do réimse fairsing seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar a bhfuil mar aidhm acu borradh, rath agus ardchaighdeán na beatha a chur chun cinn do chách.

Lean an Chomhairle le tús áite a thabhairt don ghá atá le hinfheistíocht straitéiseach a dhéanamh i mbonneagar i rith 2023. Leanadh le hobair a dhéanamh ar luas ar thionscadail mhóra a thabhairt chun cinn agus a chur i gcrích. Síníodh an conradh chun *an Tionscadail Bóthair idir Bealach an Doirín agus Scramóg* a thógáil. Tosaíodh céim dhearaidh agus mheasúnaithe *an Tionscadail Bóthair idir Cora Droma Rúisc agus Dromad ar an N4*. Thit comhairliúchán poiblí amach do Thionscadail Ghlasbhealaigh idir *Baile Átha Luain agus Béal Átha Liag, Lár na Sionainne agus idir Loch Cé agus Cora Droma Rúisc*. Chuir críochnú scéimeanna sa Leithcheathrú, i gCluain Fada agus Baile an Locha faoin *gClár Infheistíochta i dTaisteal Gníomhach* leis an mbonneagar siúil agus rothaíochta. Chríochnaigh an Chomhairle, agus í ag obair i gcomhar le hUisce Éireann, oibreacha uasghrádaithe arbh fhiú €20m iad ar *Phríomhscéim Draenála Bhaile Ros Comáin*. Sholáthair an Chomhairle 57 aonad tithíochta sóisialta faoina *Clár Fála agus Tógála*. Leanadh le seirbhísí leathanbhanda ardluais a thabhairt isteach ar mhaithe le daoine aonair, gnólachtaí agus pobail faoin *bPlean Náisiúnta Leathanbhanda*. Táimid muiníneach go mbeidh tionscadail cosúil leo seo bunathraitheach i dtaobh borradh geilleagrach a chruthú a chruthóidh tairbhí do gach ball dár bpobal.

Tar éis gur glacadh le *Plean Forbartha Contae Ros Comáin 2022-2028*, thug an Chomhairle aird in 2023 ar *Phleananna Ceantair Áitiúil* a dhréachtú le forbairt ár gcontae a thabhairt chun cinn. Bhí obair ullmhúcháin ar *Dhréachtphlean Ceantair Áitiúil Bhaile Ros Comáin* ar bun i gcaitheamh na bliana. D'oibrigh Comhairle Contae Ros Comáin agus Liatroma as lámha a chéile le *Comhphlean Gníomhaíochta Áitiúil Chora Droma Rúisc a ullmhú*. Thit a mhacasamhail de chomhoibriú amach le Comhairle Contae na hIarmhí ar *Comhphlean Ceantair Uirbigh Bhaile Átha Luain a ullmhú*. Táimid ag tnúth leis an ról rithábhachtach a ghlacfaidh na pleananna seo i dtaobh borradh daingean agus bríoch a spreagadh ar fud ár gcontae go ceann blianta fada amach romhainn.


Bhí an Oifig Fiontair Áitiúil an-ghnóthach in 2023 maidir le Contae Ros Comáin a chur chun cinn mar láthair le haghaidh gnó agus infheistíochta. Tacaíodh le 171 gnólacht ina bhfostaítear 996 duine trí chistiú deontais. Áiríodh leis an tacaíocht *Deontais Tionscnaimh* chun

gnólachtaí nuathionscanta a spreagadh, *Deontais um Leathnú Gnó* chun cuidiú le gnólachtaí atá ag fás agus *Deontais Féidearthachta* chun cuidiú le gnólachtaí inmharthanacht táirgí nó próiseas nua a thástáil. Tugadh spreagadh breise don fhiontraíocht trí dheiseanna oiliúna agus meantóireachta do mhicreaghnóthaí agus do ghnólachtaí nuathionscanta. Dhírigh tacaíochtaí *Tús Digiteach* ar shainchomhairle a sholáthar le cuidiú le go leor gnólachtaí athrú ó bhonn trí phleananna digiteacha straitéiseacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Tugadh roinnt tionscnamh isteach freisin chun cuidiú le gnólachtaí dul in oiriúint agus dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le hathrú aeráide. Ábhar mór muiníne dúinn an t-ardchaighdeán seirbhísí a chuireann an Oifig Fiontair Áitiúil ar fáil dá bunachar cliant atá ag éirí níos mó i gcónaí go leanfaidh sí leis an rath geal a bhaint amach i dtaobh infheistíochta isteach a mhealladh, borradh gnó a chothú agus deiseanna móra fostaíochta a chruthú laistigh dár gcontae.

Aithníonn Comhairle Contae Ros Comáin a rithábhachtaí atá athghiniúint chun forbairt gheilleagrach agus pobail a chur chun cinn. Cuireadh líon níos mó tionscadal nuálach chun cinn, ar an ábhar sin, in go leor láithreacha faoi scéimeanna éagsúla. Críochnaíodh *Spás Cathartha Clúdaithe* uathúil agus suaithinseach i gCearnóg an Mhargaidh, Ros Comáin agus cuireadh an *Tobar Stairiúil i láthair*. Bronnadh conradh tógála d'oibreacha feabhsúcháin sa ríocht phoiblí i mBealach an Doirín. Críochnaíodh láithreán an Royal Hotel i Mainistir na Búille a athfhorbairt mar ionad fiontar *An Ríoga*. I measc na dtionscadal mór eile, bhí tús a chur le hoibreacha ar *Spás Eolaíochtaí agus Bogthuirlingthe Fhearann na Manach* agus *Mol Bia an Chaisleáin Riabhaigh*. Bhain go leor pobal tairbhe ó chúnamh faoi na *Scéimeanna Athnuachana Baile agus Sráidbhaile, Feabhsúcháin Sráid-Dreacha Baile agus Sráidbhaile agus Bonneagair Caitheamh Aimsire Taobh Amuigh*. I measc na n-oibreacha faoi na scéimeanna seo, rinneadh pábháil ar limistéir do choisithe, soláthraíodh troscán sráide agus forbraíodh páirceanna pobail, limistéir caitheamh aimsire, áiseanna spóirt agus clóis súgartha. D'imir na tionscnaimh seo tionchar ollmhór amhairc agus caitheamh aimsire agus chuir siad go mór le háiteanna níos mealltaí a dhéanamh de bhailte, sráidbhailte agus ceantair thuaithe an chontae le cónaí agus le gnó a dhéanamh iontu agus le cuairt a thabhairt orthu.

D'oibrigh an Chomhairle obair gan stad gan staonadh i gcaitheamh na bliana, i dteannta príomh-chomhpháirtithe agus páirtithe leasmhara ón tionscal turasóireachta, chun cuairteoirí a mhealladh chuig an gcontae. Bhain an feachtas margaíochta *Tabhair Cuairt ar Ros Comáin (Visit Roscommon)* poiblíocht fhorleathan amach don chontae i measc ardáin iolracha mheán. Thit imeachtaí iolracha séasúracha amach, ceadail, léirithe agus ceolchoirmeacha ina measc i dTeach King, Mainistir na Búille. Sheol an t-aisteoir Éireannach Brendan Gleeson *Féile Ealaíon Mhainistir na Búille* 10 lá ag an ionad seo. Bronnadh cistiú ar 26 imeacht faoin *Deontas Féilte agus Imeachtaí 2023*. I measc na tacaíochta a tugadh do ghníomhaíochtaí caitheamh aimsire, bhí an *Leabhrán Siúláin agus Rotharbhealaí Ros Comáin (Roscommon Walks and Cycleways)* a nuashonrú agus a athsheoladh. Lean an Chomhairle de bheith tiomanta do shaibhreas ár n-oidhreacht nádúrtha agus tógtha a chaomhnú trí *Phlean Oidhreacht Chontae Ros Comáin a chur i bhfeidhm*. D'fhreastail breis agus 2,000 duine ar bhreis agus 50 imeacht oidhreacht mar thoradh ar an gcur chun cinn a rinne sí ar an *tSeachtain Oidhreacht Náisiúnta*. Lean an Oifig Ealaíon le tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do na healaíona agus iad a chur chun cinn trí obair go comhoibritheach agus go hionchuimsitheach le healaíontóirí, gníomhaireachtaí agus pobail in go leor réimsí amhail ceol, scannánaíocht, amharc-ealaíona, litríocht, amharclannaíocht agus damhsa. Thit 70 imeacht amach in ionaid ar fud an chontae mar chuid d'*Fhéile na Bealtaine, Oíche an Chultúir, Cruinniú na nÓg, Compánaigh Chultúrtha agus Croíthailte Ildánacha*. Chuir an tIonad Ealaíon clár ilghnéitheach ar fáil inar cuimsíodh 125 léiriú beo agus 6 thaispeántas do lucht féachana níos mó ná 120,000 duine. Tá súil againn go gcuirfidh na gníomhaíochtaí seo agus go leor eile dá macasamhail breis feabhais ar an gcáil atá ar an gcontae atá ag dul dó agus go gcuirfidh siad leis an tóir atá air mar cheann scríbe turasóireachta mealltach, beoga agus tairbheach.

Aithníonn an Chomhairle go hiomlán, mar sin féin, go bhfuil dúshlán mhóra shóisialta agus gheilleagracha roimh go leor pobal. Dá réir sin, cuireann sí béim mhór ar thacaíochtaí a chur ar fáil d'fhorbairt, rannpháirtíocht, gníomhaíochtaí agus tionscadail phobail. Cuireadh cistiú ar fáil freisin do líon mór eagraíochtaí pobail faoin gClár 'Clár', an Ciste Tacaíochta Pobail agus an Ciste Aitheantais Pobail. Rinneadh idirchaidreamh forleathan le pobail áitiúla maidir le saincheisteanna beartais. Áiríodh leis seo comhairliúchán maidir leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2023-2029 agus Fís an Chontae d'Fholláine Pobail an Líonra Rannpháirtíochta Pobail. Bhain Tionscnamh Ros Comáin a Phleanáil le Chéile de chuid an líonra seo aitheantas amach tar éis gur ainmníodh é sa Chatagóir Chumarsáide is Fearr i nGradaim 2023 Chumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil. Déanfaimid iarracht as seo amach cur lenár gcaidreamh le pobail áitiúla chun líonra tacaíochta, comhoibrithe agus spreagtha a chruthú a chabhróidh leo an rath agus a spriocanna agus uailmhianta a bhaint amach don todhchaí.



Caithefear cothromaíocht a bhaint amach, mar sin féin, idir an mhian go gcuirfear forbairt ár gcontae chun cinn agus an géarghá atá le freagairt go réamhghníomhach do na bagairtí a chruthaíonn athrú aeráide. Cuireadh comhairliúchán reachtúil ar bun dá réir sin do *Dhréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide Chontae Ros Comáin 5 bliana chun ullmhú dá cheadú ag na Baill Thofa go luath in 2024*. Tugadh faoi chlár forleathan feasachta poiblí, Gníomhú ar son na hAeráide, Ros Comáin, chun tacú leis an bpróiseas comhairliúcháin seo. Seoladh Ciste Gníomhaithe Pobail ar son na hAeráide chun cabhrú leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a sholáthar. Tá an ciste seo ceaptha cabhrú le grúpaí pobail tionscadail a chur i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm acu freagairt do dhúshlán an athraithe aeráide. Fáiltimid go croíúil leis na tionscnaimh seo mar gheall go ndéanfaidh siad ceannaire i ngníomhú ar son na hAeráide den Chomhairle, a neartóidh a cumas athrú a dhéanamh ar leibhéil áitiúla agus phobail chun sláinte ár bpláinéid agus folláine an chine dhaonna a chosaint agus a chaomhnú.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn ár bhfíorbhíochas a ghabháil, arís eile, leis na Baill Thofa, leis an nGrúpa um Beartais Chorpáraideacha; Cathaoirligh agus Comhaltaí de na Coistí um Beartais Straitéiseacha agus Coistí Ceantair Bhardasaigh; an Fhoireann Bainistíochta agus baill foirne Chomhairle Contae Ros Comáin as a gceannaireacht, a dtreallús agus as a ndíograis le linn 2023. Cuirtear ár mbuíochas ó chroí in iúl don iomaí gníomhaireacht reachtúil agus neamhreachtúil agus eagraíocht dheonach agus phobail as a n-idirchaidreamh dearfach leis an gComhairle i rith na bliana. Táimid ag tnúth go mór le fiú rath níos mó amach anseo de réir mar a leanfaidh an Chomhairle lena misean a chur i gcrích, is é sin **'a chinntiú, trí chomhoibriú agus trí cheannaireacht láidir a sholáthar i gcomhpháirtíocht leis an bpobal, go bhfuil Contae Ros Comáin ina áit tharraingteach, uilechuimsitheach, rathúil agus bheoga chun cónaí ann, infheistíocht a dhéanamh ann, oibriú ann agus cuairt a thabhairt air'**.

John D. Keogh

An Comhairleoir John Keogh
Cathaoirleach
Chomhairle Contae Ros Comáin

Shane Tiernan

An tUasal Shane Tiernan
Príomhfheidhmeannach
Chomhairle Contae Ros Comáin

Comhaltaí Tofa



Ceantar Bardasach Mhainistir na Búille



An Comhairleoir
Valerie Byrne
Neamhpháirtí



An Comhairleoir
John Cummins
Fianna Fáil



An Comhairleoir
Tom Crosby
Neamhpháirtí



An Comhairleoir
Liam Callaghan
Fine Gael



An Comhairleoir
Michael Mulligan
Sinn Féin



An Comhairleoir
Joe Murphy
Fianna Fáil



Ceantar Bardasach Ros Comáin



An Comhairleoir
Marty McDermott
Fianna Fáil



An Comhairleoir
Anthony Waldron
Neamhpháirtí



An Comhairleoir
Nigel Dineen
Neamhpháirtí




An Comhairleoir
Paschal Fitzmaurice
Fianna Fáil



An Comhairleoir
Orla Leyden
Fianna Fáil



An Comhairleoir
Kathleen Shanagher
Neamhpháirtí



Ceantar Bardasach Bhaile Átha Luain



An Comhairleoir
Emer Kelly
Neamhpháirtí



An Comhairleoir
Laurence Fallon
Neamhpháirtí



An Comhairleoir
John Keogh
Fianna Fáil



An Comhairleoir
Donal Kilduff
Neamhpháirtí



An Comhairleoir
John Naughten
Fine Gael



An Comhairleoir
Tony Ward
Neamhpháirtí

Coistí um Bheartais Straitéiseacha (CBSanna)

CBS maidir le Tacaíocht Forbartha Eacnamaíche agus Fiontraíochta (lena n-áirítear Turasóireacht, Cultúr agus Leabharlanna)

Comhairleoirí

- › An Comhairleoir Orla Leyden, Cathaoirleach (ó Mheitheamh go Nollaig 2023)
- › An Comhairleoir John Keogh, Cathaoirleach (ó Eanáir go Meitheamh 2023)
- › An Comhairleoir Nigel Dineen
- › An Comhairleoir Kathleen Shanagher
- › An Comhairleoir Tom Crosby
- › An Comhairleoir Valerie Byrne
- › An Comhairleoir Joe Murphy
- › An Comhairleoir Emer Kelly
- › An Comhairleoir Liam Callaghan

Ainmniúcháin Earnála

- › An tUasal John Mee, Gnó/Tráchtáil
- › An tUasal Liam Murray, Forbairt/Tógáil
- › Iníon Susan Gaynor, Pobal/Deonach – Lónra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)
- › An tUasal Alan Moran, PPN

Tionóladh 4 chruinniú den CBS sin an 2 Márta, an 15 Meitheamh, an 5 Deireadh Fómhair agus an 7 Nollaig 2023.

Áiríodh iad seo a leanas ar na ceisteanna a breithníodh:

- › LECP (An Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail) 2023-2029;
- › An Straitéis um Imeachadh Imirceach;
- › An Ciste Aitheantais Pobail;
- › Clár Ealaíne Poiblí na hOifige Ealaíon;
- › Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide an Údaráis Áitiúil;
- › Braisle TFC Lár na Tíre;
- › An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (URDF);
- › Plean Oidhreacht;
- › Plean Ealaíon 2023-2028;
- › Nuashonruithe na hOifige Fiontair Áitiúil.

CBS um Thithíocht, TFC agus Uisce Tuaithe

Comhairleoirí

- › An Comhairleoir Paschal Fitzmaurice, Cathaoirleach
- › An Comhairleoir John Cummins
- › An Comhairleoir Liam Callaghan
- › An Comhairleoir John Keogh
- › An Comhairleoir Joe Murphy
- › An Comhairleoir Tony Ward
- › An Comhairleoir Marty McDermott
- › An Comhairleoir John Naughten
- › An Comhairleoir Anthony Waldron

Ainmniúcháin Earnála

- › An tUasal Bernard Kearney, Pobal/Deonach
- › Iníon Monica Mahon, Ceardchumann
- › An tUasal Sean Flanagan, Forbairt/Tógáil
- › An tUasal Jim O'Connor, Talmhaíocht/Fairmeoireacht
- › Iníon Margaret Mulligan, Cuimsiú Sóisialta

Tionóladh 4 chruinniú den CBS sin an 9 Márta, an 1 Meitheamh, an 7 Meán Fómhair agus an 14 Nollaig 2023.

Áiríodh iad seo a leanas ar na ceisteanna a breithníodh:

- › SD-WAN - Nascacht Nua Oifig Brainse Chomhairle Contae Ros Comáin
- › Limistéir Ghlasa agus Limistéir Choiteanna a Choimeád in Eastáit Tithíochta a Tógadh i gCúram;
- › Ligeán Roghabhunaithe;
- › Nuashonrú ar an Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Foilme;
- › Tuarascálacha Ráithe 1, 2 agus 3 ar an bPlean Straitéiseach do Dhaoine faoi Mhíchumas;
- › Ranníocaíocht le Daoine gan Dídean;
- › Scéim Deontais Córais Cóireála Fuíolluisce Tí Leasaithe;
- › Nuashonrú ar an Deontas Feabhsúcháin Luaidhe;
- › Clár Iarfheistithe Fuinnimh;
- › An Scéim Tionóntachtaí Údaráis Áitiúil - Seomra do Mhac léinn.

CBS um Pleanáil, Comhshaol, Athrú Aeráide agus Rialachas Corparáideach

Comhairleoirí

- › An Comhairleoir John Naughten, Cathaoirleach
- › An Comhairleoir Laurence Fallon
- › An Comhairleoir Tom Crosby
- › An Comhairleoir Paschal Fitzmaurice
- › An Comhairleoir Orla Leyden
- › An Comhairleoir Kathleen Shanagher
- › An Comhairleoir Anthony Waldron*
- › An Comhairleoir Michael Mulligan
- › An Comhairleoir Donal Kilduff
- › An Comhairleoir Tony Ward**

Ainmniúcháin Earnála

- › An tUasal Ned O'Connor, Talmhaíocht/Feirmeoireacht
- › An tUasal Gareth Scahill, Pobal/Deonach
- › An tUasal Ciarán King, Forbairt/Tógáil
- › An tUasal Seán Mahon, Gnó/Tráchtáil

* D'éirigh as an 22 Bealtaine 2023

** Ceaptha an 22 Bealtaine 2023 i ndiaidh gur éirigh an Comhairleoir Waldron as

Tionóladh 5 chruinniú den CBS seo an 8 Feabhra, an 20 Aibreán, an 22 Meitheamh, an 21 Meán Fómhair agus an 3 Deireadh Fómhair 2023.

Áiríodh iad seo a leanas ar na ceisteanna a breithníodh:

- › An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide;
- › Nuashonrú ar an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide;
- › Plean Cigireachta Náisiúnta do Chórais Chóireála Fuíolluisce Tí;
- › Plean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola don Gheilleagar Ciorclach;
- › Tionscadal FarmPEAT (Íocaíochtaí Feirme d'Aistrithe Éiceolaíochta agus Talmhaíochta);
- › Straitéis Bainistithe Crann;
- › An Clár Oibre um Pleanáil chun Cinn.

CBS um Iompar de Bhóithre agus Seirbhísí Éigeandála

Comhairleoirí

- › An Comhairleoir Tony Ward, Cathaoirleach (ó Eanáir go Meán Fómhair 2023)
- › An Comhairleoir Anthony Waldron, Cathaoirleach (ó Mheán Fómhair go Nollaig 2023)
- › An Comhairleoir Nigel Dineen
- › An Comhairleoir Valerie Byrne
- › An Comhairleoir Emer Kelly
- › An Comhairleoir John Cummins
- › An Comhairleoir Laurence Fallon
- › An Comhairleoir Donal Kilduff
- › An Comhairleoir Michael Mulligan
- › An Comhairleoir Marty McDermott

Ainmniúcháin Earnála

- › Iníon Mary Clifford, Gnó/Tráchtáil
- › An tUasal Paul Glynn, Pobal/Deonach
- › An tUasal Philip Glover, Forbairt/Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta

Tionóladh 4 chruinniú den CBS sin an 22 Feabhra, an 24 Bealtaine, an 20 Meán Fómhair agus an 6 Nollaig 2023.

Áiríodh iad seo a leanas ar na ceisteanna a breithníodh:

- › An Scéim Oibreacha Bóthair 2023;
- › An Straitéis Leathanbhanda agus Dhigiteach;
- › An Beartas um Bhearradh Fáil agus Ciumhaise;
- › Todhchaí an N61;
- › An Lá 'Fág an Bealach' 2023;
- › An Scéim Feabhsúcháin Áitiúil.



Tithíocht, Cultúr agus Cosaint Idirnáisiúnta Stiúrthóireacht

Lár Bhaile Ros Comáin

Tithíocht

Tá an Roinn Tithíochta tiomanta do na gníomhaíochtaí atá leagtha amach in *Tithíocht do Chách: Plean Nua Tithíochta d'Éirinn* agus an *Plean um Sholáthar Gníomhaíochta Tithíochta 2022-2026*.

Clár um Éadail agus um Thógáil



An Clár um Éadail agus um Thógáil - Lakeview Heights, Mainistir na Búille.

In 2023, chuir Comhairle Contae Ros Comáin na haonaid tithíochta sóisialta seo a leanas ar fáil faoin *gClár um Éadail agus Tógáil*:

- › Esker Lawns, Fearann na Manach – 25 aonad, 3 aonad Chuid V ina measc;
- › Lakeview Heights, Mainistir na Búille – 6 aonad;
- › Baile Anraí, an Caisleán Riabhach – 2 aonad;
- › Lus na Gréine, Fearann na Manach – 1 aonad (Cuid V);
- › *An Clár um Éadail* – 17 n-aonad (an Scéim Tionóntaí in Situ – 13, Daoine a bhfuil Cásanna Sonracha acu – 3, Faighte trí aontú trí Ordú Ceannaigh Éigeantaigh – 1);
- › *An Scéim Ceannaigh agus Athnuaigh* (nuair a theastaíonn athchóiriú mór le caighdeán inchónaithe a bhaint amach do na haonaid) – 5 aonad.



Clár um Éadail agus um Thógáil
- Esker Lawns, Fearann na Manach, Baile Átha Luain.

Ard-Saoráid Léasaithe Caipitil (CALF) & an Scéim um Chúnamh Caipitil (CAS)

Tá príomhról le himirt ag Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe maidir le tithíocht shóisialta a sholáthar. Is iad CALF agus CAS na príomhshruthanna maoiniúcháin caipitil le haghaidh tithíocht shóisialta a sholáthar trí Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe.

Sholáthair Comhlachas Tithíochta Tuath 35 aonad nuathógtha i rith 2023 ag Páirc Chluain Gamhna, Fearann na Manach, Baile Átha Luain.

Roghanna Léasaithe

Scéim Deisithe agus Léasaithe (SDL)

Dírítear san SDL ar úinéirí réadmhaoine foilmhe nach féidir leo íoc as na deisiúcháin riachtanacha chun caighdeán chíos a bhaint amach, in áiteanna a bhfuil éileamh ar thithíocht shóisialta. Tá 4 aonad tithíochta sóisialta á riar ag an gComhairle tríd an SDL i mBaile Ros Comáin.

Léasú Fadtéarmach

Leis an gcineál sin soláthair leathnaítear na roghanna chun soláthar na tithíochta sóisialta a sholáthar. Tá an Chomhairle tar éis socruithe léasaithe fhadtéarma a iontráil le húinéirí príobháideacha maidir le 4 réadmhaoine i Mainistir na Buille agus i mBaile Ros Comáin. Rinneadh aonaid ghníomhacha de 22 aonad faoi chomhaontuithe léasaithe de chineál RAS le linn 2023.

An Scéim Morgáiste go Cíos (MTR)

Dearadh an scéim MTR chun cuidiú le húinéirí tí atá i mbaol a dtithe a chailleadh mar gheall ar riaráistí morgáiste. Cuidíonn sí le húinéirí tí a bhfuil deacrachtaí morgáiste acu athrú ó úinéireacht a bheith acu ar a dteach go dtí a dteach a fháil ar cíos mar thionóntaí tithíochta sóisialta. Déantar tionónta Comhlachta Cheadaithe Tithíochta nó chuideachta phríobháideach cheadaithe na Roinne Tithíochta, Home for Life, den iarratasóir MTR. Bíonn an rogha ag tionóntaí MTR a n-áiteanna cónaithe a cheannach ar ais tar éis 5 bliana (nó níos luaithe, má aontaítear leis, ach faoi lánrogha úinéir na réadmhaoine) ar luach margaidh oscailte ar dháta an cheannaigh ar ais. Ní féidir costas níos lú a bheith ar an réadmhaoine ná an praghas a d'íoc an t-úinéir réadmhaoine ar an réadmhaoine. Cheannaigh 1 thionónta MTR a réadmhaoine ar ais in 2023.

Tábla 1: Tionóntachtaí MTR – Ar an iomlán

Tionóntaí Gníomhacha MTR iomlána	Tionóntachtaí Comhlachtaí Cheadaithe Tithíochta iomlána	Tionóntachtaí Home for Life iomlána
20	5	15



Páirc Chluain Gamhna, Fearann na Manach, Baile Átha Luain.

Tábla 2: Tionóntachtaí MTR – Gníomhaíocht 2023

Tionóntachtaí MTR a Cuireadh i nGníomh in 2023	Ceannach ar Ais Réadmhaoine MTR in 2023
1	1

Folúntais Ócáideacha

Rinne an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht 31 aonad corrholúntais dar luach €441,860 a mhaoiniú in 2023 faoi *Chlár na dTithe Folmha* 2022.

Measúnuithe agus Tithíocht Leithdháiltí

Tugadh an Measúnú Bliantúil ar Riachtanais Tithíochta Sóisialta chun críche an 14 Samhain 2023. Ag deireadh 2023 bhí 778 iarratasóir (aistrithe san áireamh) agus 317 iarratasóir (gan aistrithe san áireamh) ar an liosta tithíochta ceadaithe.

Scéim Cóiríochta Cíos (RAS)

Tá an Chomhairle ag leanúint le tacaíocht airgeadais a sholáthar do chóiríocht phríobháideach ar cíos dóibh siúd a bhfuil tithíocht fhadtéarmach de dhíth orthu tríd an RAS. Ag deireadh 2023, bhí tacaíocht á fáil ag 329 teaghlach tríd an RAS. Bhí 218 teaghlach i gcóiríocht phríobháideach ar cíos agus 111 teaghlach i gcóiríocht curtha ar fáil ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.

Scéim na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta (HAP)

Táthar ag leanúint de thacaíocht tithíochta a sholáthar do dhaoine a bhfuil tithíocht fhadtéarmach de dhíth orthu faoi scéim HAP. Tugadh cóiríocht do 79 iarratasóir mar chuid den scéim in 2023. Fágann sé sin gur 982 líon iomlán na n-iarratasóirí ar tugadh cóiríocht dóibh mar chuid den scéim ó tugadh isteach i Nollaig 2016 í.



Na caighdeáin le haghaidh Réadmhaoin Chónaithe ar Cíos

Bhí iniúchtaí fós á ndéanamh in 2023 ar theaghaisí príobháideacha ar cíos faoi Rialacháin na dTithe (Caighdeáin le haghaidh Tithe Príobháideacha ar Cíos), 2019. Tá na sonraí leagtha amach i dTábla 3.

Tábla 3: Iniúchtaí ar Réadmhaoin Chónaithe ar Cíos

Líon na nIniúchtaí a Cuireadh i gcrích	834
Líon na dTeaghaisí a Measadh Comhlíontach	276
Líon na Litreacha um Fheabhsú arna n-eisiúint do Thiarnaí Talún	552

Easpa dídine

Tugann an Chomhairle réimse freagairtí don easpa dídine i gcomhréir le *Plean Gníomhaíochta um Easpa Dídine Réigiún an Iarthair*. Tháinig 152 teaghlach chugainn le haghaidh seirbhísí easpa dídine in 2023, agus bhí cóiríocht ghearrthéarmach de dhíth ar 58 acu. Bhain 26 teaghlach gan dídean leas as tacaíocht um thithíocht shóisialta trí shásraí éagsúla amhail tithíocht údaráis áitiúil, tithíocht Chomhlachta Cheadaithe Tithíochta, HAP, agus Scéimeanna HAP um Easpa Dídine agus léasanna de chineál RAS.

Thug an Chomhairle isteach an Scéim HAP um Easpa Dídine i mí na Nollag 2020. Comhaontaíodh 18 dtionóntacht HAP um Easpa Dídine ó tugadh isteach í, a bhfuil 10 gcinn díobh gníomhach go fóill.

In 2021, cuireadh Foireann Gníomhaíochta um Easpa Dídine (HAT) ar bun chun comhordú seirbhísí tacaíochta *Tús Áite* do Thithíocht agus *Treoraithe ag Tithíocht* a éascú. Rinneadh 7 n-atreorú in 2023 chuig an HAT. Tugadh cóiríocht do 4 cinn de na hatreoruithe seo i réadmhaoin na Comhairle agus tá na 3 cinn eile

ag fanacht le cóiríocht faoin gclár *Tús Áite do Thithíocht*. Glacadh le 3 cliant in 2023 don chlár *Treoraithe ag Tithíocht*, a bhfuil 2 chliant díobh ag fanacht le haghaidh cóiríochta. Leantar le haonaid chóiríochta eile a shainaitheint maidir le tionóntachtaí *Tús Áite do Thithíocht* agus *Treoraithe ag Tithíocht* a chruthú.

Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí

Foilsíodh an Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí faoi Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014. Fuair an Chomhairle 55 iarratas in 2023.

Tábla 4: Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí

Iarratais a Fuarthas	55
Tairiscintí Díola	30
Díolacháin a Cuireadh i gCrích	8

Iasachtaí Tithíochta

Tháinig an Scéim Iasachtaí Tí Údaráis Áitiúil in ionad Scéim Iasachta Tí Atógáil Éireann an 4 Eanáir 2022. Fuair an Chomhairle 40 iarratas in 2023.

Tábla 5: Iasachtaí Tithíochta

Iarratais a Fuarthas	40
Iasachtaí a Faomhadh	20
Tarraingt Anuas Iasachtaí	8

Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019-2024

Ar aon dul leis an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil, tá roinnt tionscadal á gcur chun cinn, lena n-áirítear forbairtí ag na láithreacha seo a leanas:

- Cluain Airne, Ros Comáin: Mar gheall ar an méadú ar éileamh ar réadmhaoin níos mó, rinne an Chomhairle an plan tosaigh a athdhearadh do Chluain Airne. Fuarthas Ceadú Chéim 1 ón Roinn do 4 aonad 4 leaba agus 2 aonad trí leaba;
- An Torpán Beag, Béal Átha Feorainne: Ceapadh conraitheoir in 2023 le 3 shíneadh mhóra a chríochnú;
- Brí An Chaoilinn, an Caisleán Riabhach: Cuireadh cóiríocht ar fáil do theaghlach in 2 réadmhaoin mhóra shínte;
- Baile na Coille, Ros Comáin: Críochnaíodh uasghrádú ar shuíomh neamhbhuan in 2023. Tá 5 bhá neamhbhuana agus aonad leasa ina bhfuil leithris agus cithfholcadáin sa suíomh seo anois.

An Clár Éifeachtúlachta Fuinnimh

Fuair an Chomhairle cead do 23 aonad faoin *gClár um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2023*. Astu sin, críochnaíodh 16 aonad agus tá 7 n-aonad beagnach críochnaithe. D'éirigh le gach ceann de na 11 aonad a tugadh anonn ó scéim 2022 a chríochnú in 2023.

Cothabháil Tithe

Fuair an Roinn Tithíochta 1,180 glaoch cothabhála agus chaith sí €785,779 ar oibreacha freagartha cothabhála in 2023. Is ionann é sin ar an meán agus €606.48 in aghaidh an ghlaio amach.

Deontais Tithíochta

Fuair an Chomhairle cistiú €1,446,375 in 2023 (bhí 80% de cistithe ag an Roinn agus 20% cistithe ag an gComhairle) faoin *Scéim Oiriúnuithe Tí do Dhaoine Scothaosta agus do Dhaoine faoi Mhíchumas*. Tá na 3 shaghas ar leith deontais seo a leanas ar fáil:

- › *Deontas Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas;*
- › *Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluasteachta;*
- › *Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta.*

Fuair an Chomhairle cistiú €365,883 in 2023, oibreacha feabhsúcháin ina ionad san áireamh, (bhí 90% de cistithe ag an Roinn agus 10% cistithe ag an gComhairle) faoin *Scéim Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas*.

An Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022-2027

Bhí 4 chruinniú ag an nGrúpa Stiúrtha maidir le Míchumas in 2023. Tugadh tacaíocht tithíochta sóisialta do 47 duine faoi mhíchumas trí thithíocht údarás áitiúil, trí thithíocht le Comhlacht Ceadaithe Tithíochta, *HAP*, *RAS*, *MTR*, trí Chomhpháirtíocht Phoiblí/Phríobháideach le Comhlacht Ceadaithe Tithíochta agus trí réadmhaoin léasaithe. Rinneadh oiriúnuithe ar 6 réadmhaoin agus rinneadh 1 réadmhaoin a oiriúnú go speisialta chun freastal ar dhuine faoi mhíchumas coirp sa teaghlach.

Bainistíocht ar Eastáit

Déanann an Roinn Tithíochta dea-chleachtais i leith na bainistíochta ar eastáit a chur chun cinn i gcónaí a chhothaíonn bród sa cheantar agus bíonn pobail bhríomhara mar thoradh air sin. Bhí an méid seo a leanas ar siúl in 2023:

- › Rinne an tOifigeach Teagmhála Tithíochta in éineacht leis an Maor Bruscair iniúchtaí rialta ar eastáit de chuid an údaráis áitiúil, faoi fhodhlíthe um dhramhaíl;
- › Thug an tOifigeach Teagmhála Tithíochta cuairteanna ar eastáit an údaráis áitiúil leis an Maor Madraí chun bainistiú cuí madraí a chinntiú;
- › Fuarthas gearáin maidir le hiompraíocht fhrithshóisialta i ndáil le 20 teach údaráis áitiúil. Réitíodh 18 gceist;
- › Deonaíodh 4 Ordú Sealbhaithe sa Chúirt Dúiche;
- › Tacaíodh le 29 saincheist leasa tionónta agus réitíodh iad.

Deontas i gcomhair Athchóiriú Réadmhaoin Folmha

Seoladh an *Deontas Athchóirithe Réadmhaoin Foilme* arna mhaoiniú ag *Ciste Croí Cónaithe (Bailte)* an 14 Iúil 2022. Téann an deontas seo chun tairbhe iad siúd ar mian leo a bpríomhált chónaithe phríobháideach nó réadmhaoin chíosa a dhéanamh de theach nó foirgneamh a bhí folamh roimhe seo ar cláraíodh a thionóntacht leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe. Tá deontais a mhéid le €50,000 ar a mhéad ar fáil. Tá deontas breisithe suas le €20,000 ar fáil nuair a dheimhnítear go bhfuil an réadmhaoin tréigthe i.e. níl sí slán ó thaobh struchtúir de agus contúirteach.

Tábla 6: Deontas i gcomhair Athchóiriú Réadmhaoin Folmha

Líon na nIarratas a Fuarthas	203
Líon na gCeaduithe a Tugadh	98
Líon na nÍocaíochtaí Deontais a Eisíodh	2

Láithreáin Thréigthe

Cuireadh 23 suíomh in 2023 leis an *gClár Láithreán Tréigthe*, a mhéadaigh an líon iomlán láithreán thréigthe atá cláraithe i Ros Comáin aníos go dtí 33. Cuireadh tuairisciú ar láithreáin thréigthe le tairseach *Mo Chuid Seirbhísí* de chuid na Comhairle chun é a dhéanamh níos éasca don phobal láithreán thréigthe a thuairisciú. Gearrtar tobhach láithreáin thréigthe 7% de luach margaidh an láithreáin ar aon réadmhaoin a chuirtear ar an *gClár Láithreán Tréigthe* amhail an 1 Eanáir 2023.

Baineadh 7 láithreán thréigthe ón gclár in 2023 i ndiaidh idirchaidreamh a dhéanamh le húinéirí réadmhaoin agus gur críochnaíodh oibreacha le réadmhaoin neamhthréigthe a dhéanamh den réadmhaoin.



Tosaíodh an próiseas Ordaithe Ceannaigh Éigeantaigh (CPO) in 2023 maidir le 7 réadmhaoin. Rinneadh an Chomhairle 2 cheann den réadmhaoin seo a dhílsiú agus fuarthas ceann amháin trí chomhaontú. Tá trí cinn ag an mBord Pleanála le cinneadh a dhéanamh orthu. Aistarraingíodh ceann amháin mar gheall go ndearna an t-úinéir na hoibreacha.

Fuair an Chomhairle 2 réadmhaoin, agus úsáid á baint aici as an bpróiseas CPO faoin Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990. Tá oibreacha dearaidh/tógála ar siúl ar an réadmhaoin seo go gcuirfear bail inchónaithe orthu do thithíocht shóisialta.

Tá an *Clár Láithreán Tréigthe* ar fáil le hamharc air ar shuíomh gréasáin na Comhairle.



Éadálacha CPO Láithreán Tréigthe.

Déanmhais agus Áiteanna Contúirteacha

Feidhmítear feidhm déanmhais agus áiteanna contúirteacha na Comhairle faoi fhorálacha atá san Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1964 arna leasú. Baineann an fheidhm seo le sábháilteacht phoiblí a chinntiú nuair atá a mbealach á dhéanamh ag an bpobal timpeall foirgneamh, struchtúr nó suíomhanna faoi úinéireacht phríobháideach a mheastar a chuireann an pobal i mbaol. Tá an chumhacht ag an gComhairle déileáil le struchtúir nó áiteanna a chuireann nó is dócha

a chuirfidh an pobal i mbaol. Ceanglaítear ar úinéirí faoin dlí a chinntiú nach bhfuil aon struchtúir bhaolacha ina réadmhaoin. Sa chás go bhfuil struchtúr baolach i réadmhaoin, caithfidh an t-úinéir dul i mbun beart leis an gcás a réiteach nó déanfar é/í a ionchúiseamh. Shainaithin an Chomhairle 6 láithreán bhaolacha i rith 2023 agus eisíodh fógraí faoin Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1964 d'úinéirí réadmhaoin.

Na hEalaíona agus Cultúr

An Oifig Ealaíon

Cistíonn Comhairle Contae Ros Comáin, an Chomhairle Ealaíon agus Éire Ildánach cláir na hOifige Ealaíon. Treoraítear iad ag *an bPlean Ealaíon Place for Art 2023-2028* agus ag *an Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2023-2027*.

Déanann Oifig Ealaíon na Comhairle:

- Na healaíona agus ealaíontóirí a spreagadh, a chothú agus a chur chun cinn agus tacú leo trí chláir, imeachtaí, scéimeanna cistithe agus comhpháirtíochtaí éagsúla;
- Obair go comhoibritheach agus go hionchuimsitheach go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta le healaíontóirí, ionaid, ranna, gníomhaireachtaí agus pobail;
- Deiseanna a éascú agus tacú leo chun barr feabhais a chur ar an timpeallacht ina ndéantar ealaín, ina nglactar páirt agus ina bhfaightear í.

Roinnt Tionscadal in 2023

Bronnadh coimisiúin ar 3 chumadóir, Bianca Gannon, Peter Leavy agus Fiona Linnane, sa tríú bliain, agus an bhliain dheireanach, de *Choimisiún Pianó Theach King*. Sheinn an pianódóir ó Ros Comáin, Peter Regan, na píosaí ceoil den chéad uair ar an Mórphianó Steinway i dTeach King i rith *Fhéile Ealaíon Mhainistir na Búille* in Iúil.

Tacaíodh le 80 ealaíontóir agus tionscadal faoi stiúir ealaíontóra faoin *Scéim Sparánachtaí Ealaíontóra*, *Gradam Scríbhneoireachta Nua Ros Comáin*, *Gradam Chapbook*, *Sparánachtaí Slow Art*, *Sparánachtaí Ionchuimsithe sna hEalaíona*, *Glaoch Oscailte Fhéile na Bealtaine*, *Glaoch Oscailte Oíche an Chultúir*, *CARE*, *Ros Comáin Ildánach* agus *Deich mBliana na gCuimhneachán*.



CARE Aosú Ildánach i Ros Comáin leis an ealaíontóir Sarah Lundy ag Aonad Altranais Pobail Phluincéid.

Thit 70 imeacht amach in ionaid ar fud an chontae mar chuid d'*Fhéile na Bealtaine*, *Oíche an Chultúir*, *Cruinniú na nÓg*, *Compánaigh Chultúrtha* agus *Croíthailte Ildánacha*.



Oíche an Chultúir ag Ionad Ealaíon Ros Comáin le Bráithre na Carthanachta.

Mar chuid de *Phleanáil don Taibhiú Allamuigh (POP)* eagraíodh sraith seimineár oiliúna ar líne 8 bpáirt i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2023 le cur i láthair ag raon de shaineolaithe ó shaol na n-imeachtaí ealaíon faoin aer. Arna maoiniú ag an gComhairle Ealaíon agus Oifigí Ealaíon i Ros Comáin, Corcaigh, Ciarraí, Lú agus Tiobraid Árann, éascófar le *POP* soláthar sraith imeachtaí ealaíon píolótach lasmuigh i spásanna poiblí nua i ngach contae.

Cruinniú na nÓg ag Páirc Somers
An Caisleán Riabhach le Emmet
Louis as Motion Chapel.



Cruthaíonn cláir Ealaíon don Aos Óg eispéiris spreagúla agus inrochtana do na mílte leanaí agus daoine óga, lena gcinntítear go mbíonn a nguthanna i gcónaí ag croílár na pleanála leanúnaí do chláir agus páirt a ghlacadh i gcláir, ar nós *Ealaíontóirí i Scoileanna, Amharclann Óige Chontae Ros Comáin, Music Generation Ros Comáin* agus *Cruinniú na nÓg*.

Tar éis iarratas rathúil a dhéanamh ar an gComhairle Ealaíon, seoladh *Áiteanna Cruthaitheacha, Bealach an Doirín* (*Creative Places Ballaghaderreen*), tionscadal taighde agus forbartha ealaíon bliana. Tá páirt á glacadh ag na healaíontóirí Nollaig Molloy, Julie Sharkey agus Anna King sa tionscadal ina n-úsáidtear cleachtais ealaíne phobalghníomhacha lena fhiosrú conas is féidir le grúpaí pobail áitiúla, eagraíochtaí agus daoine aonair clár ealaíon ionchuimsitheach inbhuanaithe a fhorbairt don cheantar áitiúil. Oibreoidh na healaíontóirí go dlúth le grúpa stiúrtha áitiúil agus leis an Oifig Ealaíon.



Áiteanna Cruthaitheacha, Bealach an Doirín.



Portal, leis an ealaíontóir Conleth Gent.

Faoi *Ealaín Phoiblí Ros Comáin*, cuireadh 2 dhealbh isteach i mBéal Átha Liag mar chuid de *Scéim Bonneagair Áineasa Taobh Amuigh (ORIS) Bhéal Átha Liag*, a chuir feabhas ar áiseanna timpeall ar Abhainn na Sionainne. Is éard atá in *Portal* leis an dealbhóir Conleth Gent ná tairseach fuinneoige ina bhfuil figiúirí daoine a snoíodh ó dhair phortaigh ar thángthas uirthi go háitiúil. Léirítear ann an pobal, roimhe seo, faoi láthair, agus amach anseo, agus áilleacht scéimhe Loch Rí sa chúla. Léirítear sa sproicéad iarainn ollscartaire, a fuarthas ó Bhord na Móna, an oidhreacht thionsclaíoch áitiúil. *Led by Nature*: is éard atá sa saothar seo leis an dealbhóir Redmond Herrity peann luaidhe atá 2.5m ar airde ag a bhfuil pointe marmair dhuibh a rinneadh ó aolchloch na hÉireann a snoíodh le dearáí a spreagadh agus a sainaithníodh ag ceardlanna ina raibh an pobal áitiúil bainteach.



Ruth Cunningham agus Holly Connaughton i *Romeo agus Juliet*, Amharclann Óige Chontae Ros Comáin, arna stiúradh ag Catherine Sheridan.



Led by Nature, leis an ealaíontóir Redmond Herryty.

Ionad Ealaíon Ros Comáin

Spás ionchuimsitheach agus beoga ealaíon é Ionad Ealaíon Ros Comáin do lucht féachana ina dtacaítear le healaíontóirí saothair a chruthú, a fhorbairt agus a chur i láthair.

Tá sé á chistiú ag Comhairle Contae Ros Comáin agus an Chomhairle Ealaíon agus lean an tIonad Ealaíon le clár ilghnéitheach a fhorbairt in 2023, lenar áiríodh 125 léiriú beo agus 6 thaispeántas a chur i láthair lucht féachana breis agus 120,000 duine. Is iad 4 cholún Ionad Ealaíon Ros Comáin:

- **Léiriú:** Clár éagsúil i rith na bliana de léirithe beo i halla éisteachta 194 suíochán an ionaid.
- **An Amharc-ealaín:** 6 thaispeántas choimeádta i ndánlann thiomnaithe an ionaid ina léirítear fairsinge an chleachtais ealaíne comhaimseartha, ina gcuirtear deiseanna ar fáil d'ealaíontóirí agus do chomhoibriú áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- **For-rochtain agus Rannpháirtíocht:** Sraith deiseanna ar an láthair agus as an láthair don phobal chun a rannpháirtíocht sna healaíona a mhéadú agus a fhairsingiú, atá ionchuimsitheach agus a chuireann leis na colúin *Léirithe* agus *Amharc-ealaíne*.
- **Tacaíochtaí d'Ealaíontóirí:** Clár tacaíochtaí d'ealaíontóirí gairmiúla i measc na bhfoirmeacha uile ealaíne, cónaitheachtaí, meantóireacht, coimisiúin agus teacht ar an stiúideo agus ar spásanna oibre ag an ionad ina measc.

I measc na mbuaicphointí, bhí tionscnamh *AIR (Ealaíontóir Cónaithe)* le triúr ealaíontóirí, Antony Keigher, Thaís Muniz agus Cian Ó Náraigh agus *Ealaíontóir ar m'Fhaiche (Artist on My Green)* inar thug triúr ealaíontóirí faoi thionscadail le 3 Chumann Cónaitheoirí sa chontae. Thosaigh Compántas Amharclannaíochta Druid a thuras ar fud na tíre in Ionad Ealaíon Ros Comáin i bhFeabhra inar cuireadh 3 sheó de chuid *The Last Return* ar siúl ar díoladh na ticéid go léir dóibh. *In the Midst of Plenty*: seó ceoil tíre nua é seo leis an scríbhneoir/cumadóir Amy Day, a léirigh Enchanted Croí Theatre agus a rinne Anne-Marie O'Sullivan a stiúradh a d'fhill ar a chontae dúchais tar éis turas ar fud na tíre.

Déanann an Oifig Ealaíon forbairt agus soláthar chláir *Éire Ildánach* agus *Dheich mBliana na gCuimhneachán* a chomhordú. Oibríonn sí le Foireann Cultúir inmheánach na Comhairle, ina bhfuil na haonaid: Ealaíona, Oidhreacht, Turasóireacht, Leabharlann, Ionchuimsiú Sóisialta, Aeráid agus OFÁ (Oifig Fiontair Áitiúil); Oifig náisiúnta Éire Ildánach; an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus iliomad pobal, ionad agus cleachtóirí i dtacú le tionscadail chruthaitheacha ar fud an chontae.



Druid, *The Last Return* ag Ionad Ealaíon Ros Comáin.

Thug breis agus 100 duine óg Ó *Music Generation* faoin stáitse le *Sunday Sounds*. Léiríodh *Sing Me to the Seale* Anna Newell do leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais chasta acu sa linn hidriteiripe ag Scoil Náisiúnta na gCreag mar chuid de bhaint an Ionaid Ealaíon sa *Network for Extraordinary Audiences*. D'athraigh Bráithre na Carthanachta an amharclann ó bhonn le haghaidh *Club Electric* ar *Oíche an Chultúir*. Thug bunscoileanna agus iarbunscoileanna a bhfuinneamh agus a gcruthaitheacht leo chuig an ionad do chlár oideachais sa dánlann agus san amharclann.



In the Midst of Plenty ag Ionad Ealaíon Ros Comáin.



Ealaíontóir ar m'Fhaiche.

Ionad Staire agus Cultúir Theach King

Chuir Ionad Staire agus Cultúir Theach King níos mó lena thairiscint turasóireachta agus eispéireas cuartaíochta in 2023 trína fhoirgneamh ón 18ú haois agus go leor dá thaispeántais a athshamhlú agus a uasghrádú.

Bogadh Taispeántas *Mhuintir King* ón gcéad urlár go leibhéal na talún agus tugadh eispéireas léirmhínithe scáileáin tadhaill isteach. Bogadh na *Taispeántais Éire na nGael* agus *Muintir Mhic Dhiarmada* go dtí an chéad urlár agus cuireadh léaráidí nua bunúla, idirghníomhú agus daingneáin ar fáil. Cuireann scannán coimisiúnaithe beochana sa *Taispeántas Devil's Own* le tuiscint agus eispéireas na gcuairteoirí de stair na Connaught Rangers.

Cuireadh clár iomlán agus ilchineálach ealaíon agus imeachtaí cultúrtha ar bun i dTeach King i gcaitheamh na bliana, taispeántas buan *Bhailiúchán Ealaíne Cathartha Mhainistir na Búille*, seinm ceoil, léirithe, léachtaí, seoltaí leabhair, searmanais phósta agus *Féile Ealaíon Mhainistir na Búille* bhliantúil ina measc. Cuireadh comharthaíocht nua fheiceálach mheirge in airde taobh amuigh.

Ionad Dhúghlas de híde

Osclaíodh Ionad Dhubhghlais de hÍde do chuariteoirí idir Iúil agus Meán Fómhair. Ceiliúradh an *Tionchairé Cultúrtha Dubhghlas de hÍde* san ionad i rith *Oíche an Chultúir* trí choimisiún an ealaíontóra Pádraig Cunningham a sheoladh. Bhain saothair ealaíne, ina raibh scannáin, ábhair fuaime agus gnéithe scríofa leis an tionscadal a bhí spreagtha ag an ngrá a bhí ag an iar-Uachtarán ar an talamh agus ar fhocail.

An Ríoga

D'oscail an tAire Coimirce Sóisialaí agus Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphries an Ríoga i Mainistir na Búille go hoifigiúil an 19 Iúil 2023, agus cuireadh Taispeántas Oscailte Fhéile Ealaíon Mhainistir na Búille ar siúl sa spás taispeántais ina dhiaidh sin chomh maith le taispeántais agus imeachtaí dá éis sin ar Oíche an Chultúir le healaíontóirí áitiúla. Cuireadh spás an taispeántais i gcrích faoin gCiste Forbartha um Athghiniúint Tuaithe (RRDF) mar fhreagairt do Éire 2040 agus Pleananna 2040 Mhainistir na Búille. Féachtar amach sa spás taispeántais ar an bpromanáid nuafhorbartha feadh Abhainn na Búille agus tá Spás Cathartha nua ina bhfuil sliogán fuaime ann ar cúl, ar féidir teacht air tríd an stua ó Shráid an Droichid. Rinne an fhorbairt an láthair cois abhann seo i gcoirlár an bhaile a athrú ó bhonn.



An Ríoga.

Leabharlann

Chuir an tSeirbhís Leabharlainne Comáin raon acmhainní agus seirbhísí ar fáil le linn 2023. Tugadh seirbhísí nua isteach ar mhaithe le tacú le húsáideoirí leabharlainne a bhfuil riachtanais bhreise acu leas a bhaint as seirbhísí leabharlainne agus reáchtáladh ar fud an ghréasáin brainsí cláir a bhí ag cur thar maoil le himeachtaí.

Soláthar Seirbhísí

Thit 592 imeacht leabharlainne amach in 2023, 252 cuairt ar leabharlanna a thug ranganna scoile agus Ionaí Luathfhoghlama. Cuireadh breis agus 100 *Am Scéalaíochta* ar bun gach seachtain do leanaí ar aois réamhscoile i Leabharlanna Ros Comáin, Mhainistir na Búille agus an Chaisleáin Riabhaigh. Cuireadh roinnt *Seisiúin Súgradh agus Fan* ar siúl, i gcomhoibriú le Coiste i gCúram Leanaí Ros Comáin, chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht shóisialta an phobail i measc teaghlach ina bhfuil leanaí óga, go háirithe do na teaghlaigh siúd nach bhfuil in Éirinn nó sa cheantar áitiúil ach le tamall. Chas an Ciorcal Litríochta – Club Leabhair Ghaeilge ar a chéile i Leabharlann Ros Comáin ar bhonn míosúil, agus rinne an Grúpa Sóisialta Bond with a Book, an Grúpa Tacaíochta Mum-2-Mum, an Cumann Ceardaíochta, Coláiste Athshlánúcháin Regari agus Grúpaí Scríbhneoireachta Cruthaithí i Leabharlanna Mhainistir na Búille agus Bhéal na mBuillí amhlaidh freisin.



An Ceart chun Léitheoireachta ('Right to Read') (Clár Litearthachta Náisiúnta)

Seoladh *Réaltaí an tSamhraidh* le seisiún speisialta scéalaíochta i Leabharlann Bhéal na mBuillí. Spreagtar sa chlár seo leanaí leabhair a léamh ar mhaithe le taitneamh a bhaint as i rith mhíonna an tsamhraidh agus cuirtear duaiseanna ar fáil feadh an bhealaigh. Rinneadh baill nua leabharlainne de 900 pátrún (leanaí a bhformhór) i rith *Réaltaí an tSamhraidh* agus tugadh breis agus 12,500 leabhar agus ábhar eile ar iasacht ó bhraint ar fud Chontae Ros Comáin. Cuireadh ceardlanna STEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic), taispeántais cheardaíochta, cuairteanna údair, le linn *Amanna Scéalaíochta* gach seachtain mar chuid de *Réaltaí an tSamhraidh* agus eagraíodh *Amanna Scéalaíochta* speisialta do champaí samhraidh do gach leabharlann bhraint, inar ghlac idir 400 agus 500 leanbh páirt.

Cuireadh *Féile Leabhar na Leanaí* ar siúl i rith Dheireadh Fómhair 2023. Thit 21 imeacht amach i mbrainsí ar fud an chontae, cuairteanna ag údair mhóra le rá náisiúnta agus idirnáisiúnta leabhar do leanaí, ceardlanna ceardaíochta agus seisiúin scéalta, cheoil agus damhsa do ranganna níos óige ina measc.

Grúpa Scríbhneoirí
Cruthaitheacha,
Béal na mBuillí.

Am Scéalaíochta
ag Leabharlann Mhainistir na Búille.



Cuireadh an Scéim Mo Leabhar Beag Am Codlata Leabharlainne náisiúnta, atá ceaptha léitheoireacht agus níos mó ballraíocht leabharlainne a spreagadh i measc naíonán, lapadán agus a dtuismitheoirí agus a dteaghlach, ar siúl ó Mheán Fómhair go Nollaig 2023 i measc na mbrainsí go léir. Dháil Leabharlanna Ros Comáin 1,200 leabhar, ónar eascair méadú ar bhallaíocht leabharlainne i measc teaghlach.



An Scéim Leabhair Bheaga Am Codlata Leabharlainne.

Áiseanna Litearthachta

Fuair Seirbhís Leabharlainne Ros Comáin Lexia, clár nua litearthachta ar líne.



Bogearraí Litearthachta Lexia Core5.

Sense-Ability – Clár Néara-éagsúlachta Leabharlann Ros Comáin

Sheol an Leas-Chathaoirleach John Cummins *Clár an Áthais (The Happiness Programme)* go hoifigiúil an 19 Nollaig 2023 ag Leabharlann Mhainistir na Búille.

Thug Leabharlanna Chontae Ros Comáin roinnt draíochta go Mainistir na Búille trí theilgeoir solais idirghníomhach nua a thabhairt isteach le spreagadh ionchuimsitheach céadfach a sholáthar don phobal, a chuirfidh feabhas breise ar sheirbhísí aoisbhá na leabharlann.

Cultúr

SiarScéal

Le tacaíocht ó Éire Ildánach, tosaíodh *Féile Litríochta SiarScéal* bhliantúil i Leabharlann Ros Comáin in Iúil 2023 faoi Chomhordaitheoir Cruthaitheach nua, an file ó Shligeach, Mary Branley. Cuireadh 8 gCeardlann Scríbhneoireachta Cruthaithí do dhéagóirí ar bun go seachtainiúil i Leabharlann Ros Comáin i rith Iúil agus Lúnasa agus cuireadh 4 cheardlann ar bun i leabharlanna i Sligeach agus Liatroim ar ar fhreastail 240 duine fásta óg.



Lá Bronnta Gradam SiarScéal.

An tSeachtain Oidhreacht

Eagraíodh 10 n-imeacht don bhliain i gcomhoibriú le hOifig Oidhreacht na Comhairle, is é sin 4 thaispeántas, 4 chaint i mbrainsí agus ceardlanna agus 2 chaint ar líne. I measc na n-ábhar, bhí *Aleen Cust*, *Ginealas*, *Rannpháirtithe ó Ros Comáin i gCogadh Cathartha Mheiriceá*, *O'Conor Don*, *Músaem Iarnróid an Chaisleáin Riabhaigh* agus *Scríbhneoireacht Chruthaitheach*.



An tSeachtain Oidhreacht ag Leabharlann Bhéal na mBuillí.

Leabharlann Taistil

Lean an tseirbhís leabharlainne taistil le seirbhísí a sholáthar i mBealach an Doirín, Fearann na Manach, Céideadh, Ail Finn, Béal Átha Fearnáin, Rúscaigh agus Tearmann Bearaigh. Ina measc seo, bhí 10 gcuart ar scoileanna agus ar réamhscoileanna ó thús Mheán Fómhair 2023.

Straitéisí Forbartha Leabharlainne

Seoladh *Straitéis Leabharlainne Poiblí 2023-2027* nua i bPort Laoise an 17 Iúil 2023. *Is í an Leabharlann an Áit: Lorgáitear in Eolas, Caitheamh Aimsire, Spreagadh* (Information, Recreation, Inspiration) leanúint le dul chun cinn ginearálta na Seirbhíse Leabharlainne agus tá sé uailmhianach i dtaobh ár gcoisheirbhísí a fhorbairt, léitheoireacht agus litearthacht agus rochtain ar eolas san áireamh.

Tacaíochtaí Maoinithe

Thacaigh cistiú ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Ciste na gCuntas Díomhaoin le Clár an Áthais a sholáthar tar éis gur cuireadh *Tábla Draíochta* isteach ag Leabharlann Mhainistir na Búille.

D'fhógair an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail cistiú i Meán Fómhair 2023 chun 19 ríomhaire pearsanta deisce nua a cheannach, monatóirí 24 orlach ag a bhfuil stáisiún nasctha ionsuite, ceamara gréasáin, callairí agus micrefón le teacht in ionad na ríomhairí pearsanta poiblí a bhí ann cheanna ag brainsí leabharlainne.

Acmhainní Ar Líne

I measc na seirbhísí á soláthar bhí ríomhleabhair, ríomhchlosleabhair, cúrsaí ar líne, foghlaim teangacha ar líne, ríomhnuacláin agus ríomhírisí. Tá an leas atá á mbaint as acmhainní ar líne fós 200% níos mó ná na leibhéil a bhí ann roimh aimsir Covid 19.

Chuir an tSeirbhís Leabharlainne rochtain ar fáil ar 100 ceadúnas *Touch-type, Read and Spell (TTRS)* in 2023. Is cúrsa clóscríofa ar líne *TTRS* atá deartha le dul chun tairbhe do dhaoine a bhfuil deacrachtaí litrithe, léitheoireachta nó scríbhneoireachta acu.

Úsáid na Leabharlainne

Tugadh 95,694 cuairt in 2023 ar phointí seirbhíse leabharlainne, ar méadú nach mór 20% é sin ó 2022. Fuair úsáideoirí leabharlainne breis agus 110,000 earra ar iasacht, i bpearsan agus ar líne.



Leabharlann Taistil Cuairte ar Ranganna Sóisearacha.



Acmhainní ar Líne Leabharlainne Saor in Aisce a chur chun cinn.

Cosaint Idirnáisiúnta

Bhunaigh an Chomhairle Fóram Freagartha Pobail Ros Comáin i mí an Mhárta 2022 mar fhreagra ar dhídeanaithe ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin. Is é ról an fhórait comhordú a dhéanamh ar an bhfreagairt faoi stiúir an phobail ar sholáthar cúnaimh agus tacaíochta do dhídeanaithe ón Úcráin i gContae Ros Comáin. Oibríonn gníomhaireachtaí comhpháirtíochta le chéile chun dídeanaithe a threorú chuig na seirbhísí agus na tacaíochtaí ábhartha sna réimsí leasa, cúraim leanaí, sláinte, oideachais, fostaíochta agus riachtanas sóisialta agus imeasctha eile.

Bhunaigh an Chomhairle Aonad Freagartha d'Úcránaigh tiomnaithe freisin a thacaíonn le:

- › *An Clár um Theach a Thairiscint*;
- › *An Clár Athchóirithe Éigeandála*;
- › Soláthraithe Seirbhíse Cóiríochta laistigh den chontae.

An Clár um Theach a Thairiscint

Seoladh tionscnamh nua Rialtais, *an Clár um Theach a Thairiscint*, i Samhain 2022. Bainistíonn údaráis áitiúla tairiscintí tithe, árasán nó tithe saoire nach gcónaítear iontu ar mhaithe le cóiríocht a sholáthar do dhaoine agus teaghlaigh ón Úcráin, faoin gclár seo. Go dtí seo:

- › Cuireadh 195 réadmhaoin ar tairiscint i gContae Ros Comáin;
- › Dáileadh 128 réadmhaoin ar theaghlaigh na hÚcráine (408 duine);
- › Aistarraingíodh 39 teach.

Tionscadal Athchóirithe Éigeandála na hÚcráine (ERUP)

Tá 7 réadmhaoin ar an rianaire athchóirithe éigeandála. Críochnaíodh 1 athchóiriú éigeandála.

Soláthraithe Seirbhíse Cóiríochta laistigh den Chontae

Tá cóiríocht á soláthar faoi láthair ag 12 sholáthraí seirbhíse do dhídeanaithe na hÚcráine, a bhfuil ceann amháin díobh faoi chonradh leis an gComhairle agus tá an fuilleach faoi chonradh leis an tSeirbhís Chóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta (IPAS).

Ag deireadh 2023 bhí thart ar 1,200 dídeanaí ón Úcráin i gContae Ros Comáin agus tá obair ar siúl chun cóiríocht a chur ar fáil do thuilleadh dídeanaithe easáitithe sna hionaid agus sa réadmhaoin atá geallta.

An Fhoireann Imeasctha Údaráis Áitiúil (LAIT)

Tugadh gealltanas i *gClár an Rialtais* deireadh a chur leis an gcóras soláthair dhíreach agus samhail agus tacaíochtaí nua cóiríochta um chosaint idirnáisiúnta sa tsláinte, tithíocht, oideachas, agus fostaíocht d'iarratasóirí a chur ina ionad i *gCóras Cosanta Idirnáisiúnta na hÉireann*. Bunchloch den tsamhail nua seo, atá dírithe ar chur chuige neamhbhrabúsach, is ea díriú ar thacú leis an bprionsabal 'imeascadh ón gcéad lá' a bhfuil mar aidhm uileghabhálach aige a chur ar chumas iarratasóirí maireachtáil go neamhspleách sa phobal.

Agus an tsamhail seo á fairsingiú, tá mar aidhm ag an Roinn Leanaí, Míchumais, Comhionannais, Lánpháirtíochta agus Óige, i gcomhoibriú le húdaráis áitiúla, Foirne Imeasctha Údaráis Áitiúil (LAITanna) buana a bhunú i ngach údarás áitiúil le soláthar tacaíochtaí dóibh seo a leanas a chomhordú:

- Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta (iarratasóirí IP);
- Iad siúd a bhfuil stádas dídeanaí, cosanta coimhdí, nó ceada chun fanacht acu;
- Dídeanaithe Cláir; agus
- Tairbhíthe Cóiríochta Sealadaí (BOTPanna).

Is é príomhról na LAITanna tacaíochtaí leanúnacha imeasctha a sholáthar d'iarratasóirí IP, Dídeanaithe Cláir agus BOTPanna lena chur ar a gcumas maireachtáil go neamhspleách sa phobal. Is éard a bhainfidh leis seo na cohóirt seo a nascadh le soláthraithe seirbhíse áitiúla a oireann dá riachtanais. Gníomhóidh na LAITanna freisin mar an bpointe díreach teagmhála, a sholáthraíonn eolas, treoir, agus comhairle, lena chinntiú go dtugtar sochair agus teidlíochtaí bainteacha do na cohóirt seo.

A photograph of two cyclists riding away from the camera on a paved path. They are wearing high-visibility yellow-green vests and helmets. The path is bordered by green grass on the left and a metal railing on the right. In the background, there are trees and a person standing near a dog. A blue semi-transparent box with white text is overlaid on the upper right portion of the image.

An Stiúrthóireacht Bonneagair Bóithre agus Taistil Ghníomhaigh agus Pleanála

Rothaíocht sna Croithailte Glasa

Bonneagar Bóithre agus Taistil Ghníomhaigh

Tá an Roinn Bóithre agus Iompair freagrach as cláir a sholáthar lena n-áirítear Scéimeanna Cothabhála agus Feabhsaithe Bóithre Náisiúnta agus Neamhnáisiúnta; Cláir Sábháilteachta Bóithre; Oibreacha Cothabhála agus Feabhsaithe ar Dhroichid; an Clár Infheistíochta i dTaisteal Gníomhach; an Clár um Dhul in Oiriúint agus Athléimneacht maidir le hAthrú Aeráide; Cothabháil ar Dhraenáil Artaireach, Oibreacha Maolaithe Tuilte; Reiligí; Ceadanna Ualaí Neamhghnácha; Bóithre Poiblí a Dhearbhu; Cearta Slí Poiblí a Chealú; Scéimeanna Feabhsaithe Áitiúil; Scéimeanna Rannpháirtíochta an Phobail; Dúnadh Sealadach Bóithre; Láithreacha Stadanna Bus a Fhaomhadh; Teorainneacha Luais; Flít agus Meaisínre; Ceadúnais Oscailte Bóithre agus Páirceanna agus Taitneamhachtaí.

Líonra Bóithre

Tá an Chomhairle freagrach as an ngréasán bóithre sa chontae a chothabháil agus a fheabhsú. Bhí na hoibreacha seo a leanas i measc na n-oibreacha a rinneadh in 2023: tógáil agus cothabháil bóithre; athshlánú droichead; oibreacha draenála; bearta bainistithe sábháilteachta agus tráchta a chur i bhfeidhm; bearta taistil ghníomhaigh; oibreacha um dhul in oiriúint agus athléimneacht maidir leis an athrú aeráide; *Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail agus Feabhsaithe Áitiúil* a chur i bhfeidhm agus deisithe ar chosáin. Tá achoimre ar aicme agus ar fhad bhóithre Ros Comáin le fáil i **dTábla 1**.

Tábla 1: Aicmiú agus Fad Bhóithre Ros Comáin

Aicmiú Bóthair	Fad (Méadair)
Mótarbhealach	20,220
Príomhbhóthar náisiúnta	83,492
Bóthar náisiúnta den Dara Grád	148,056
Réigiúnach	375,760
Bóithre Áitiúla	3,423,237
Iomlán do na Bóithre ar fad	4,050,765

Maoiniú

Leithdháileann Bonneagar Iompair Éireann (TII) maoiniú d'fhonn an Líonra Príomhbhóithre agus Bóithre den Dara Grád sa chontae a oibriú, a chothabháil agus a fheabhsú. Leithdháileann an Roinn Iompair maoiniú le haghaidh na nithe a leanas: Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla a atógáil agus a chothabháil; athshlánú droichead; cláir draenála; scéimeanna sábháilteachta; scéimeanna um dhul in oiriúint agus athléimneacht maidir leis an athrú aeráide agus oibreacha faoi *Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail*. Cuireann an tÚdarás Náisiúnta Iompair maoiniú ar fáil

don *Chlár Taistil Ghníomhaigh*. Cuireann an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maoiniú ar fáil do bhóithre neamhphoiblí – *Scéimeanna Feabhsaithe Áitiúil*. Cuireann an Chomhairle maoiniú ar fáil óna cuid acmhainní féin chun iarratais ar dheontais a fhorlíonadh. Cuirtear maoiniú ar fáil d'oibreacha maolaithe tuithe ó Oifig na nOibreacha Poiblí agus ó acmhainní féin na Comhairle. Tá achoimre ar fáil ar na leithdháiltí maoinithe Náisiúnta agus Neamhnáisiúnta le haghaidh 2023 i **dTábla 2**.

Tábla 2: Leithdháiltí Maoinithe do Bhóithre Náisiúnta agus do Bhóithre Neamhnáisiúnta Chontae Ros Comáin 2023

Foinse Maoinithe	Oibreacha	Méid
An Roinn Iompair	Atógáil agus Cothabháil Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla, Droichid, Oibreacha Draenála, Scéimeanna Sábháilteachta, Oibreacha um Dhul in Oiriúint agus Athléimneacht maidir le hAthrú Aeráide, Iarbhóithre Náisiúnta, Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail	€21,243,550
Bonneagar Iompair Éireann (TII)	Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre den Dara Grád	€21,832,142
An tÚdarás Náisiúnta Iompair	An Clár Infheistíochta um Thaisteal Gníomhach	€2,500,000
Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail	Scéimeanna Áitiúla Feabhsaithe na mBóithre nach Bóithre Poiblí iad	€442,825
Comhairle Contae Ros Comáin	Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla / Soilsiú Poiblí	€2,235,600
Iomlán		€48,254,117

Tionscadail Bóithre Náisiúnta

Tá **an Tionscadal Bóthair ó Bhealach an Doirín go Scramóg** thart ar 34km ar fad agus síneann sé ó phointe ceangail lastoir de Sheachbhóthar N5 Bhealach an Doirín go Scramóg agus téann sé timpeall ar Dhún Gar, ar Bhéal Átha na gCarr, ar Thuilsce agus ar Bhéal na mBuillí. Tá an trasghearradh ar chaighdeán carrbhealaigh aonair de Chineál 1. D'fhaomh an Bord Pleanála an scéim agus an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh (CPO) gaolmhar in Eanáir 2019. Rinneadh fógraí ordaithe ceannaigh éigeantaigh a sheirbheáil ar na daoine ar fad atá ainmnithe san ordú ceannaigh éigeantaigh agus tá idirbheartaíocht talún ar bun. Fuarthas seirbhísí luachála talún agus maoinne agus seirbhísí dlí chun cuidiú le fáil talún. Fuarthas conarthaí oibreacha agus seirbhísí roimh ré/cumasaithe roimh an bpríomhchonradh tógála lena n-áirítear, suirbhé

aispeiste, fálú, leagan crann agus baint fál sceach, suirbhéanna topagrafacha agus iniúchtaí geoiteicniúla, Tá atreorú HV (ardvoltage) ESB críochnaithe agus leantar le hatreorú fhearas LV (ísealvoltage) agus MV (meánvoltage) ESB go fóill. Tá na hoibreacha ar an suíomh seandálaíochta críochnaithe agus leantar le tuairisciú agus le scaipeadh. Ceapadh sainchomhairleoirí teicniúla chun cuidiú leis an tionscadal a chur chun cinn trí na céimeanna tairisceana agus tógála. Bronnadh an príomhchonradh tógála ar Wills Bros Ltd. an 25 Deireadh Fómhair 2023 mar thoradh ar an bpróiseas soláthair chun conraitheoir ionaid a aimsiú tar éis gur cuireadh deireadh le conradh Roadbridge Ltd. Síníodh an conradh seo an 8 Nollaig 2023.



An Comhairleoir John Keogh, Cathaoirleach, Comhairle Contae Ros Comáin, Shane Tiernan, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Ros Comáin, ionadaithe ó Wills Bros. Conraitheoirí agus bainistíocht shinsearach Chomhairle Contae Ros Comáin ag síníú an chonartha do thionscadal bóthair an N5 ó Bhealach an Doirín go Scramóg an 8 Nollaig 2023.

Is é atá i gceist le **Tionscadal N4 Chora Droma Rúisc go Dromad** réiteach iompair a sholáthar lena gcuimsítear trasnú nua ar an tSionainn chun an cúngú tráchtasuntasach a mhaolú ar an N4 trí Chora Droma Rúisc/Corr Tobair. Tá Comhaontú Alt 85 faoin Acht Rialtais Áitiúil i bhfeidhm idir Comhairle Contae Ros Comáin agus Comhairle Contae Liatroma. Faoin gComhaontú Alt 85, is í Comhairle Contae Liatroma an 'Údarás Príomhúil'. Cheap Comhairle Contae Liatroma Ove Arup & Partners Ireland Ltd. (ARUP) chun an tionscadal a chur ar aghaidh tríd an bpróiseas pleanála i Márta 2020. Chríochnaigh ARUP Céim 1 (Coincheap agus Indéantacht) in Iúil 2020 agus Céim 2 (Roghnú na Rogha) i Márta 2023. Fuarthas cead ó TII leanúint ar aghaidh go Céim 3 (Dearadh agus Measúnú Comhshaoil). Tosaíodh leis na suirbhéireachtaí imscrúdaithe talún agus topagrafacha a theastaigh le dearadh an tionscadail a thabhairt chun cinn ar an láthair agus leanadh leo i rith 2023 agus tá súil go gcríochnófar oibreacha imscrúdaithe talún Chéim 3 i Ráithe 1 2024. Nuair a chuirtear san áireamh Leithdháiltí Deontais 2023 ar Údaráis Áitiúla do Bhóithre Náisiúnta, thug Comhairle Contae Liatroma tús áite do sheachbhóthar an bhaile agus do na bearta gaolmhara bainistithe éilimh tráchtas agus taistil ghníomhaigh a thabhairt chun cinn trí chéimeanna forbartha ina dhiaidh sin. Thosaigh ARUP Céim 3 (Dearadh agus Measúnú Comhshaoil) an tionscadail i Meitheamh 2023. Táthar ag tabhairt faoi chomhairliúchán le húinéirí talún agus le páirtithe leasmhara de réir mar a thugtar dearadh an tionscadail chun cinn.

Is é atá i gceist le **Tionscadal Athailínithe Bhóthar Óráin an N60** thart faoi 3.4km den Bhealach Náisiúnta N60 den Dara Grád a athailíniú, lena n-áirítear 1.7km de thógáil as líne agus 1.7km de leathnú ar líne go caighdeán carrbhealaigh singil Chineál 1. Tá an próiseas fála talún ag leanúint ar aghaidh agus go dtí seo tá 95% de na cásanna socraithe. Tá na hoibreacha conartha go léir eile atá fós gan réiteach curtha i gcrích.

Is éard atá i gceist le **Tionscadal an Bhóthair N61 ó Thuilsce go Gort na Cranncha** ná athailíniú thart ar 5.6km de Bhóthar Tánaisteach Náisiúnta an N61 idir an Tuilsce agus an crosbhealach nua N5 leis an N61 ag Baile Fearainn Gort na Cranncha, agus feabhsú air sin. D'fhormheas TII ceapachán na bPríomh-Chomhairleoirí Teicniúla agus na speisialtóirí neamhspleácha chun an tionscadal a thabhairt chun cinn trí Chéimeanna TII (1-4). Ceapadh Roughan & O'Donovan-AECOM Alliance (ROD-A) mar Phríomh-Chomhairleoirí Innealtóireachta in Iúil 2022. Críochnaíodh Céimeanna 0 agus 1. Tá Céim 2 (Roghnú na Rogha) beagnach críochnaithe.

Is éard atá i gceist le **Tionscadal Bóthair an N61 ón Leathcheathrú go Cnoc an Chrochaire** ná feabhsú Bhóthar Náisiúnta den Dara Grád an N61 idir Baile Uí Mhuirigh agus an Leathcheathrú, ina n-ionchorprófar seachbhóthar timpeall ar Chnoc an Chrochaire. Thug na sainchomhairleoirí ceaptha, Roughan & O'Donovan-AECOM Alliance (ROD-A), an tionscadal chun críche go Céim 2 (Roghnú na Rogha) TII in 2021. Chuir TII an tionscadal seo ar fionraí ina dhiaidh sin mar gheall ar shrianta cistithe.

Leithdháileadh roinnt maoiniú in 2022 faoi *Chlár Miontionscadal* TII chun straitéis fhoriomlán a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sábháilteachta agus gaolmhara ar an stráice den N61 idir Baile Ros Comáin agus Baile Átha Luain go dtí go gcuirfear réitigh fhadtéarmacha chun feidhme. Ceapadh ROD-A i mí Lúnasa 2022 chun an staidéar seo a dhéanamh. Eisíodh tuarascáil an staidéir i mí na Nollag 2023 agus cuireadh faoi bhráid Bhaill Thofa na Comhairle í ag a Cruinniú Iomlánach a tionóladh an 18 Nollaig 2023. Sainithnítear sa tuarascáil 15 idirghabháil dá dtugtar tús áite agus lorgaíodh cistiú TII maidir le 5 idirghabháil bharrfheabhsúcháin aomhail.

I dTionscadal Bhóthar Chéim 1 an N61 go Cúil Taidhg, beifear ag tabhairt faoi thart faoi 3km de stráice Bóthair Náisiúnta den Dara Grád ar imeall thuaidh Bhaile Ros Comáin a athailíniú agus a fheabhsú den chuid is mó go dtí an caighdeán a bhíonn ag carrbhealach singil Chineál 1. Cuireadh oibreacha allamuigh réiteach na seandálaíochta i gcrích i Samhain 2016. Críochnaíodh monagraf an tionscadail ina sonraítear an tochailt ar choimpléasc clóis ina raibh múrtha cosanta nach rabhtas eolach air ag Ranelagh in 2022. Tá an próiseas fála talún ar siúl go leanúnach.

Sa tionscadal chun Bóthar an N61 ó Thuilsce go Clais an Ghainimh a athailíniú, beifear ag tabhairt faoi thart ar 4km de bhealach an N61, Bóthar Náisiúnta den Dara Grád, a athailíniú, ón gcuid den bhealach atá ó Thuilsce go Clais an Ghainimh. Foilsíodh iarratas pleanála i gcomhréir le Cuid 8 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt i nDeireadh Fómhair 2022 agus ceadaíodh an fhorbairt a bheartaítear leanúint ar aghaidh i gcomhréir le moladh thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ag Cruinniú Iomlánach na Comhairle a tionóladh i bhFeabhra 2023. Rinneadh athbhreithniú breithiúnach ar an gcinneadh sin a tugadh os comhair na hArd-Chúirte agus d'aontaigh an Chomhairle leis an gcinneadh a rinneadh i bhFeabhra 2023 a chur ar ceal.

Tionscadail um Chosáin Bhóthair Náisiúnta

Críochnaíodh oibreacha i rith 2023 ar Scéimeanna Dromchla Pábhála an N61 Baile Átha Luain Thuaidh (Céim 2), an N61 an tSeanchill go Crosaire an Chladaigh agus an N5 Dún Gar go Béal Átha na gCarr. Ullmhaíodh cáipéisíocht dearaidh agus tairisceana dromchla pábhála maidir le Scéimeanna Dromchla Pábhála an N63 Áth Liag go Clonyourish, an N63 ó Clonyourish go Bóthar Bhaile na gCeard agus an N5 Béal Átha na gCarr go Moneylea in 2023.



Loch Rí, Baile Átha Luain go Glasbhealach Bhéal Átha Liag

Nasctar an Glasbhealach ó Bhaile Átha Luain go Béal Átha Liag leis an nGlasbhealach beartaithe ó Ghaillimh go Baile Átha Luain i gceantar Bhaile Átha Luain. Ceapadh RPS chun an tionscadal a chur ar aghaidh trí Chéim 0 (Raon Feidhme agus Réamh-Mheasúnú) agus trí Chéim 1 (Coincheap agus Féidearthacht) (Lámhleabhar Bainisteoirí Tionscadail TII le haghaidh Tionscadail Glasbhealaigh). Thit Comhairliúchán Poiblí Uimh. 1 amach in Óstán an Hodson Bay, Baile Átha Luain an 22 Márta 2023. Cuireadh torthaí insólathartha Chéim 1 i gcrích in 2023.

Glasbhealach Lár na Sionainne

Is é Glasbhealach Lár na Sionainne an t-ainm a glacadh don tionscadal Glasbhealaigh beartaithe idir Béal Átha Liag agus Tearmann Bearaigh/Béal na mBuillí/Rúscaigh. Téann an Glasbhealach isteach le scéim an Ghlasbhealaigh ó Bhaile Átha Luain/Bhéal Átha Liag. Ceapadh Ryan Hanley chun an tionscadal a chur ar aghaidh trí Chéim 0 (Raon Feidhme agus Réamh-Mheasúnú) agus trí Chéim 1 (Coincheap agus Féidearthacht) (Lámhleabhar Bainisteoirí Tionscadail TII le haghaidh Tionscadail Glasbhealaigh). Thit Comhairliúchán Poiblí Uimh. 1 amach in Óstán Percy French, Béal na mBuillí, an 19 Aibreán 2023. Cuireadh torthaí insólathartha Chéim 1 i gcrích in 2023.

Glasbhealach ó Loch Cé go Cora Droma Rúisc

I ndiaidh próiseas tairisceana, ceapadh Roughan & O'Donovan Consulting Engineers chun an tionscadal a chur ar aghaidh trí Chéim 0 (Raon Feidhme agus Réamh-Mheasúnú) agus trí Chéim 1 (Coincheap agus Féidearthacht) (Lámhleabhar Bainisteoirí Tionscadail TII le haghaidh Tionscadail Glasbhealaigh). Tosaíodh an conradh i ráithe 1 2023. Cuireadh torthaí insólathartha Chéim 0 i gcrích i ráithe 3 2023. Thit Comhairliúchán Poiblí Uimh. 1 amach i bPáirc Foraoise agus Gníomhaíochta Loch Cé an 6 Meán Fómhair 2023. Tá torthaí insólathartha Chéim 1 le cur i gcrích le linn ráithe 1 2024.

Tionscadail Taisteal Gníomhach arna maoiniú ag TII

Sholáthair TII cistiú i rith 2023 chun tionscadail *Taistil Ghníomhaigh* a chur chun cinn ag: –

- Dún Gar (fad táscach 1.2km);
- Béal Átha na gCarr (fad táscach 1.0km);
- Tuilsce go Ráth Cruachan (fad táscach 5.2km);
- Tuilsce (fad táscach 1.4km);
- Béal na mBuillí (fad táscach 0.7km).

Ceapadh sainchomhairleoirí teicniúla i Meán Fómhair 2023 le cabhrú leis na tionscadail a thabhairt chun cinn.

Clár Oibreacha Bóithre - Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad

Cuireadh níos mó ná 420 tionscadal ar leith maidir le Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla i gcrích faoi na 3 Scéim Oibreacha Bóithre de chuid an Cheantair Bhardsaigh 2023 agus fuarthas maoiniú ón Roinn Iompair agus ó acmhainní féin na Comhairle.

An Clár Infheistíochta um Thaisteal Gníomhach

Áiríodh le *Clár an Rialtaisa* foilsíodh i Meitheamh 2020 spriocanna uailmhianacha agus suntasacha le haghaidh scéimeanna siúil agus rothaíochta a fhorbairt. In 2023, rinne an tÚdarás Náisiúnta Iompair cistí a leithdháileadh ar údarais áitiúla d'fhonn €290 milliún a chaitheamh ar bhonneagar siúil agus rothaíochta. Fuair an Chomhairle leithdháileadh €2.5m don bhliain 2023. Baineann an maoiniú le haghaidh 2023 le Bliain 3 de *Chlár Infheistíochta um Thaisteal Gníomhach 5 bliana*, rud a bheidh bunathraitheach i réimse roghanna an iompair inbhuanaithe ghlais maidir leo siúd lasmuigh de lárionaid uirbeacha mhóra.

Críochnaíodh scéimeanna in 2023 i sráidbhailte na Leithcheathrún, Chluain Fada agus Bhaile an Locha. Bhí céim phleanála/sholáthair amach bainte amach ag 10 dtionscadal bhreise ag deireadh na bliana. Soláthraíodh conraitheoir do scéim i Lár Bhaile Bhealach an Doirín, a bhfuil a tógáil le tosú i ráithe 1 2024. Tá *Clár Bealaí Sábháilte chun na Scoile (SRTS)* á thógáil ag Scoil Náisiúnta Naomh Pól sa Chaisleán Riabhach. Tá céimeanna pleanála bainte amach ag 7 dtionscadal eile scoile faoin *gClár Bealaí Sábháilte chun na Scoile*.

Trí shaoráidí siúil agus rothaíochta ardchaighdeán a fhorbairt spreagfar níos mó daoine chun aistriú go taisteal gníomhach agus cuirfear le dul i ngleic le dúshlán an athraithe aeráide. Beidh an maoiniú sin ina chuidiú le pobail a nascadh agus le siúl agus rothaíocht a dhéanamh tarraingteach, sábháilte agus inrochtana do chách. Tá 21 scéim curtha i gcrích go dtí seo i gContae Ros Comáin ar fud na 3 Cheantar Bardasacha le caiteachas €4,713,137.

Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail

Chuir an Roinn Iompair leithdháileadh €139,050 ar fáil in 2023 faoi *CIS* (Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail). Rinneadh an cúnamh deontais a chómhaoiniú le 10% ar a laghad ón bpobal le haghaidh oibreacha incháilithe lenar áiríodh cothabháil ghinearálta, oibreacha draenála, oibreacha cosáin agus cosáin ar bhóithre poiblí. Cuireadh 4 thionscadal chun cinn faoin scéim sin in 2023.

An Scéim Feabhsaithe Áitiúil (LIS)

Oibríonn an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail an *LIS* le haghaidh bóithre áitiúla nach bóithre poiblí iad a fheabhsú. Tá an ranníocaíocht áitiúil ina dlúthchuid den *LIS*. Tá an ranníocaíocht áitiúil socraithe ag 10% maidir le bóithre incháilithe agus suas le 5 thairbhí i gceist leo agus tá sí socraithe ag 15% dóibh siúd lena mbaineann 6 thairbhí nó níos mó. In 2023, faomhadh maoiniú deontais de €442,825.00 ón Roinn don Chomhairle faoin scéim seo.

Scéim chun Cosáin a Dheisiú


Mar chuid de na *Bearta Maolaithe Riosca*, fuarthas maoiniú ó Chomhlachtaí Poiblí na hÉireann. Tá lochtanna agus contúirtí á dtaifeadh i rith an ama agus tá cosáin lochtacha ar fud an chontae á ndeisiú ar bhonn leanúnach. Tá an Chomhairle ag comhoibriú le soláthraithe fónais chun seomraí faoi thalamh lochtacha etc. a aimsiú. In 2023, lean an Chomhairle chun conraitheoirí pábhála a fhostú chun codanna lochtacha de chosáin a athchur agus pábháil thadhlaigh a shuiteáil nuair ba ghá léi. Tugadh faoi oibreacha san Airgnigh, Bealach an Doirín, Béal Átha Liag, Uachtar Thíre, Mainistir na Búille, Loch Glinne, Fearann na Manach agus Ros Comáin.

CFRAM (Clár Measúnaithe agus Bainistíochta Riosca Tuilte Abhantrach)

Is é is cuspóir don Chlár chun Priacal Tuile in Abhantrach a Mheas agus a Bhainistiú (CFRAM) scéimeanna chun faoisimh tuile a shainaithint agus a dhearadh chun priacal tuile a mhaolú. Faoin gclár, rinneadh Baile Átha Luain, Ros Comáin, Áth Liag, An Caisleán Riabhach, Mainistir na Búille agus Corr an Tobair a mheas i ndáil le priacal tuile. Tá oibreacha á moladh sna bailte móra agus na sráidbhailte sin ar fad ach amháin an Caisleán Riabhach.

Tá spéis á lorg go gníomhach ag an gComhairle ó shainchomhairleoirí chun scéim a sholáthar d'oibreacha cosanta tuilte ag an mBogán Fionn, Baile Átha Luain. Fuarthas cistiú €350,000 ón OPW don obair seo.

Tá Scéim Cosanta Tuilte Chora Droma Rúisc á cur chun cinn ag Comhairle Contae Liatroma, an príomhúdarás, i gcomhar le Comhairle Contae Ros Comáin agus le hOifig na nOibreacha Poiblí. Is bailte iad Cora Droma Rúisc agus Corr an Tobair ina bhféadfadh tuilte a tharlú ón tSionainn agus óna craobh-aibhneacha. Tá an t-imscrúdú suímh críochnaithe anois. Tá suirbhéanna comhshaoil séasúracha curtha i gcrích agus tá measúnú á dhéanamh ar na roghanna.



Rinne Comhairle Contae Liatroma agus Oifig na nOibreacha Poiblí athbhreithniú ar an *Tuarascáil maidir le Samhaltú Hiodrálach* agus tá sé curtha i gcrích den chuid is mó.

An Oifig Leathanbhanda Feidhmiú céimneach Leathanbhanda Náisiúnta Éireann

Leanadh le hobair le Leathanbhanda Náisiúnta Éireann maidir le dearáí tógála agus iarratais Alt 254 ar phleanáil ar fud an líonra Béal Átha na Sluaighe, Ros Comáin, Baile Átha Luain agus Cora Droma Rúisc. Tá orduithe á nglacadh faoi láthair ag ceantair imscartha maidir le naisc nua agus tá áitribh beo anois ar an líonra sna ceantair seo. Bhí 419 iarratas ar chuailí próiseáilte ag an gComhairle faoi dheireadh 2023. Rinneadh 59.8% d'áitribh a cheangal, arbh ionann sin agus 3,000 ceangal.

Tábla 3: Leathadh Amach Leathanbhanda National Broadband Ireland don Chontae

€76M Infheistíocht	19K Áitribh	11,365 Áitribh a Ritheadh	3,019 Naisc
Limistéar Imscartha	Áitribh	Stádas	Dáta Réamh-Mheasta don Nascadh
BAILE ÁTHA LUAIN	737	Ar Fáil le Réamhordú/Ordú	Ar Fáil le Réamhordú/Ordú
BÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE	833	Ar Fáil le Réamhordú/Ordú	Ar Fáil le Réamhordú/Ordú
BEANNCHAR	91	Tógáil Gréasáin ar Bun	Iúil 2025 - Nollaig 2025
CORA DROMA RÚISC	2,484	Ar Fáil le Réamhordú/Ordú	Ar Fáil le Réamhordú/Ordú
AN CAISLEÁN RIABHACH	3,752	Ar Fáil le Réamhordú/Ordú	Ar Fáil le Réamhordú/Ordú
CLUAIN FADA	655	Suirbhé ar Feitheamh	Eanáir 2026 - Nollaig 2026
AN CURRACH BUÍ	1,720	Tógáil Gréasáin ar Bun	Iúil 2025 - Nollaig 2025
AN DAMHSHRAITH	146	Suirbhé Críochnaithe	Iúil 2024 - Lúnasa 2024
AIL FINN	2,385	Tógáil Gréasáin ar Bun	Eanáir 2025 - Meitheamh 2025
AN GOIRTÍN	953	Suirbhé Críochnaithe	Eanáir 2026 - Nollaig 2026
CEIS CHARRAIGÍN	171	Ar Fáil le Réamhordú/Ordú	Ar Fáil le Réamhordú/Ordú
CNOC MHUIRE	405	Suirbhé Críochnaithe	Eanáir 2026 - Nollaig 2026
AN LONGFORT	291	Ar Fáil le Réamhordú/Ordú	Ar Fáil le Réamhordú/Ordú
AN DROICHEAD NUA	161	Suirbhé Críochnaithe	Iúil 2025 - Nollaig 2025
BAILE IDIR DHÁ ABHAINN	29	Suirbhé ar Feitheamh	Eanáir 2026 - Nollaig 2026
RÚSCAIGH	894	Suirbhé Críochnaithe	Eanáir 2026 - Nollaig 2026
ROS COMÁIN	3,565	Ar Fáil le Réamhordú/Ordú	Ar Fáil le Réamhordú/Ordú
(Áitribh Bhreise)	142	N/B	Le deimhniú



WiFi4EU

Fuair an tionscadal *WiFi4EU* cistiú AE le baill the Wi-Fi a sholáthar timpeall an chontae. Tá 52 pointe rochtana beo i mbailte agus sráidbhailte i gContae Ros Comáin. Tá an úsáid a bhaintear as Wi-Fi comhsheasmhach agus táthar an-bhuíoch de sna háiteanna seo.



Pointí Nasctha Leathanbhanda (BCPanna)

Leanann Oifig Leathanbhanda na Comhairle le hidirchaidreamh a dhéanamh le suíomhanna BCP agus le cistiú a aimsiú ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD) le háiseanna moil a fhorbairt ar bhonn leanúnach. Ní raibh aon sruthanna ioncaim ann ó *Mhoil Cheangailte* ná ón *gClár Nuálaíochta Digití* in 2023. Tá ar an DRCD a dheimhniú má bheidh ceachtar sruth cistithe oibríochtúil in 2024.

Tá ní hamháin deasca teo á gcur ar fáil ag BCPanna sa chontae, ach áiseanna comhdhála freisin d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus cuirtear cúrsaí oiliúna agus cúrsaí téamacha ar siúl iontu, cosúil le códú ríomhaire do leanaí agus do theaghlaigh, e.g. *Cód Ár Leanaí/Our Kids Code* agus *MS Dreamspace*.

Códú

In 2023 bhí an chéad *STEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic) inár bPobal - Cód Ár Leanaí* agus seisiúin agus ceadlanna blaiseadh de *Microsoft Dreamspace*. Cuireadh na seisiúin chódaithe do leanaí ar siúl i Scoil Náisiúnta Ghort an Ghainimh agus sa Phointe Nasctha Leathanbhanda (BCP), nó an mol digiteach, taobh leis an scoil agus ghlac an scoil páirt iontu. Ghlac 2 scoil sa cheantar máguaird, Scoil Náisiúnta Chluain Banbh agus Loch Glinne, páirt freisin. Ghlac beagnach 90 leanbh ó na 3 scoil páirt sna seisiúin.

Eduroam

Seirbhís fánaíochta idirnáisiúnta é Eduroam a chuireann rochtain ar an ngréasán ar fáil do thaighdeoirí, do mhúinteoirí agus do mhic léinn agus iad ag tabhairt cuairt ar institiúid seachas a n-institiúid féin. Éascaíonn sé úsáideoirí rochtain a fháil ar an idirlíon níos fusa tríd an tseirbhís Wi-Fi ag láithreáin éagsúla. Nuair a nascann siad le Eduroam, déantar úsáideoirí Wi-Fi a fhíordheimhniú tríd an institiúid bhaile dá gcuid. Má éiríonn leis an bhfíordheimhniú tugtar rochtain don úsáideoir ar líonra gan sreang. Tá rochtain Eduroam ar fáil faoi láthair i Leabharlanna Mhainistir na Búille agus an Chaisleáin Riabhaigh.

Reiligí

Oibreacha Caipitil sna Reiligí

Críochnaíodh oibreacha, a tosaíodh in 2022 ar an síneadh le Reilig Kilbegley atá ann faoi láthair, in 2023.

An Scéim Feabhsaithe agus Cothabhála Reiligí

Leithdháileadh €65,000 don *Scéim Feabhsaithe agus Cothabhála Reiligí* in 2023. Bronnadh deontais ar 94 grúpa deonach.

Ceadanna le haghaidh Ualaí Neamhghnácha

Caithfidh oibreoirí a bhfuil feithicil nó ualach faoi stiúir acu a thiteann taobh amuigh de na teorainneacha atá ceadaithe ag na Rialacháin um thrácht ar bhóithre (Trealamh Tógála agus Úsáid Feithicilí), 2003, cead a fháil don ghluaiseacht. Tá córas ceadanna á fheidhmiú ag Údarás áitiúla le haghaidh ualaí neamhghnácha nuair atá coinníollacha maidir le meáchan, airde agus toisí i bhfeidhm ar achair ina n-iomláine nó i bpáirt a tharlaíonn ar bhealaí nach bhfuil clúdaithe ag scéim an Gharda Síochána. Eisíodh 159 Cead le haghaidh Ualaí Neamhghnácha in 2023.



Droichead na Sionainne

Ceadúnais chun Bóthar a Oscailt

Tá Ceadúnas chun Bóthar a Oscailt riachtanach do gach tochailt a dhéantar i mbóthar poiblí nó cosán. Déantar gach iarratas ar an mbóthar poiblí a oscailt a chur isteach i dtairseach lárnach den Oifig um Bainistiú Bóithre (www.rmo.ie). Déanann an Chomhairle na ceadúnais do Chontae Ros Comáin a phróiseáil ón tairseach sin agus coinníollacha agus táillí a cheangal den cheadúnas. Cuireadh líon iomlán 562 iarratas nua isteach ar cheadúnas chuig an gComhairle in 2023.

Rotharbhealach ó Gaillimh go Baile Átha Luain

Ceapadh RPS Consulting Engineers were i nDeireadh Fómhair 2019 le seirbhísí innealtóireachta, pleanála, comhshaoil agus eile a sholáthar ar an rotharbhealach seo, atá mar chuid den bhealach straitéiseach ó Bhaile Átha Cliath go Gaillimh. Tá obair ar bun ó shin i leith agus sainaitheandóidh agus foilsíodh an Bealach is Dealraithí a Roghnófar. Tugadh faoi obair freisin ar ghnéithe eile den tionscadal, a seolfar iarratas pleanála chuig an mBord Pleanála mar thoradh uirthi.

Chuir RPS Consulting Engineers Comhairle Contae na hIarmhí ar an eolas i Meán Fómhair 2023 nach bhfuil an tionscadal inmharthana ó thaobh airgeadais de a thuilleadh don chuideachta, agus aird ar an tsuim thairisceana praghais sheasta don chonradh nuair a síníodh é in 2019, mar sin féin, mar gheall ar chastacht agus ar scála na Rogha Bealaigh 200km. Lorg RPS Consulting Engineers comhghoirceannadh faoin gconradh. Le haon moill ar an tionscadal agus, go háirithe, ar chríochnú chéim dhearaidh agus mheasúnaithe comhshaoil na scéime a íoslaghdú, d'aontaigh na páirtithe le próiseas a iontráil chun déileáil leis na saincheisteanna ar láimh. Mar gheall ar an bhforbairt seo, tá cuir chuige éagsúla á bhfiosrú ag Comhairle Contae na hIarmhí, mar an bpríomh, thar ceann na n-údarás áitiúil rannpháirteach agus TII, leis an meicníocht is cuí agus is éifeachtaí a shainaitheint chun an scéim a thabhairt chun cinn agus a sholáthar trí na próisis dearaidh agus mheasúnaithe comhshaoil.

Sábháilteacht ar Bhóithre

Oibreacha Feabhsaithe Sábháilteachta ar Chostas Íseal

In 2023, cuireadh 12 Scéim Feabhsaithe Sábháilteachta i gcrích ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla ar fud an chontae ó dheontas sonrach ón Roinn Iompair de €380,000 do bhearta sábháilteachta ísealchostais. Fuair an Chomhairle maoiniú breise le haghaidh scéimeanna ar leith ar bhealaí náisiúnta.

Pleanáil

Mar an tÚdarás Pleanála reachtúil, áirítear ar phríomhfhreagrachtaí Chomhairle Contae Ros Comáin chun pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an chontae a chinntiú pleananna a ullmhú a chuireann chun cinn agus a éascaíonn forbairt pobail agus fiontar inbhuanaithe agus ag an am céanna cosaint oidhreacht nádúrtha agus thógtha an chontae a chinntiú; bainistiú forbartha (lena n-áirítear comhairle réamhphleanála a chur ar fáil agus iarratais phleanála a mheasúnú agus a chinneadh) agus forfheidhmiú pleanála maidir le forbairtí neamhúdairithe nó forbairtí nach bhfuil comhlíontach de réir pleanála.

Pléann Roinn Pleanála na Comhairle freisin le forbairtí tithíochta neamhchríochnaithe mar chuid den phróiseas den Chomhairle a bheith i gceannas amach anseo ar na forbairtí sin.

Bainistíocht Forbartha

Fuarthas 707 iarratas pleanála in 2023, agus seoladh cuid mhór díobh seo ar líne ó tugadh an áis ar líne isteach i Meitheamh.

B'ard i gcónaí in 2023 don éileamh ar phlé réamhphleanála, tráth inar thit 211 plé amach.

Forfheidhmiú Pleanála

Cuimsítear i bhforfheidhmiú pleanála gníomhaíocht forfheidhmiúcháin, réiteach forbairtí tithíochta neamhchríochnaithe agus bailiú ranníocaíochtaí forbartha.

Gníomhaíocht Forfheidhmiúcháin

De réir Chuid VII, den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), is cion é forbairt neamhúdairithe a dhéanamh. Seo a leanas achoimre ar an ngníomhaíocht forfheidhmithe pleanála in 2023:

- Fuarthas 88 **gearán forfheidhmithe pleanála**;
- Eisíodh 49 **litir rabhaidh**;
- Seirbheáladh 24 **Fógra Forfheidhmiúcháin**;
- Chuir an Chomhairle tús le **gníomh dlí** i 6 chás forfheidhmithe.

Tábla 1: Iarratais ar Phleanáil 2019-2023

	2019	2020	2021	2022	2023
Iarratais a Fuarthas	671	573	723	682 ¹	707
Cinntí maidir le Deonú	410	331	417	376 ²	333
Cinntí maidir le Diúltú	46	51	60	62	48
Ráta Diúltaithe	11.2%	15.4%	12.6%	14.16%	12.6%
Líon na nAchomharc	16	17	17	23	17
Achomhairc ar sheas an Bord Pleanála leo	9	11 ^{3,4}	11 ⁵	10 ⁶	2 ⁷
Dearbhuithe Forbartha Díolmhaithe Alt 5	30	57	65	37	106

¹ Áirítear leis sin iarratais bhailí agus neamhbhailí ar phleanáil; ní áirítear leis Síneadh ar Fhad de chuid Alt 42 agus forbairt Chuid 8.

² Ní bhaineann sé seo le Cinntí ar iarratais S.42

³ Rinneadh staitisticí achomhairc 2020-2022 a nuashonrú chun gach cinneadh a léiriú.

⁴ Rinneadh 17 gcás a achomharc in 2020, agus rinneadh 2 chás a tharraingt siar ina dhiaidh sin; seasamh le 73% de na 15 chás ar a ndearnadh cinneadh.

⁵ Rinneadh 17 gcás a achomharc in 2021. Rinneadh cinneadh faoi gach achomharc; seasadh le 64%.

⁶ As 23 achomharc, rinneadh 5 cinn a tharraingt siar ina dhiaidh sin. As na 18 n-achomharc faoina ndearnadh cinneadh; seasadh le 55%.

⁷ Ní dhearnadh cinneadh go dtí seo ach faoi 2 cheann de na hachomhairc a seoladh in 2023, agus seasadh le cinneadh na Comhairle sa dá chás.

Forbairtí Tithíochta Neamhchríochnaithe (UHDanna) a Réiteach

Bhí thart ar 97 forbairtí tithíochta i Ros Comáin nár tugadh i gcúram faoi dheireadh 2023, agus measadh go raibh 71 díobh sin neamhchríochnaithe go pointe áirithe.

Leanadh le hobair le UHDanna a réiteach trí idirchaidreamh leanúnach a dhéanamh le páirtithe ábhartha le pleananna agus oibreacha réitigh suímh a aontú agus a chur i bhfeidhm. Glacadh 12 fhorbairt tithíochta i gcúram in 2023. Bhí 26 forbairt eile críochnaithe ach níor tugadh ar aghaidh iad go dtí an bpointe nuair a glacadh faoi chúram iad.

Réamhphleanáil

Thit roinnt cásanna d'obair chomhoibritheach amach le hÚdarás Phleanála máguaird in 2023. Seoladh an *Straitéis Gheilleagrach do Lárionad Réigiúnach Bhaile Átha Luain*, a bhí chomhchoimisiúnaithe ag Comhairle Contae Ros Comáin agus Comhairle Contae na hIarmhí agus a d'ullmhú an gnóthas sainchomhairleoireachta Grant Thornton, go foirmiúil i bhFeabhra. Soláthraíodh díriú láithreach bonn sa Straitéis ar dheiseanna fostaíochta agus fiontraíochta níos mó a chur chun cinn i mBaile Átha Luain agus ina chúlchríoch agus bunófar *Comhphlean Ceantair Uirbigh Bhaile Átha Luain (JUAP)* uirthi.

D'oibrigh an fhoireann um pleanáil chun cinn i gComhairle Contae Ros Comáin le comhghleacaithe i gComhairle Contae na hIarmhí ar ghníomhaíocht éagsúil réamhdhréachta ar *JUAP Bhaile Átha Luain*, suíomh gréasáin tiomnaithe *JUAP*(athlonejointplan.ie) a choimisiúnú agus *Páipéar Saincheisteanna Straitéiseacha Réamhdhréachta* a ullmhú. Forbraíodh an páipéar seo le rannpháirtíocht a chothú ó pháirtithe leasmhara i rith réamh-dhréacht-chomhairliúcháin ar an *JUAP*. Tosaíodh comhairliúcháin an 7 Nollaig 2023.


Thug Comhairle Contae Ros Comáin agus Liatroma faoina mhacasamhail d'obair chomhoibritheach réamhdhréachta mar chuid den obair ullmhúcháin do *Chomhphlean Ceantair Áitiúil (LAP) Chora Droma Rúisc*. Seoladh suíomh gréasáin tiomnaithe i gcomhar le tosú an réamh-dhréacht-chomhairliúcháin phoiblí an 12 Deireadh Fómhair 2023. Chomhullmhaigh oifigigh phleanála Ros Comáin agus Liatroma *Páipéar Saincheisteanna Straitéiseacha* le heolas a sholáthar don chéim réamh-dhréacht-chomhairliúcháin.

Ranníocaíochtaí Forbartha a Bhailiú

Gearrtar ranníocaíochtaí forbartha ar iarratais ar phleanáil i gcomhréir leis an *Scéim um Ranníocaíochtaí Forbartha 2014* (arna leasú in 2020) arna glacadh.


Tábla 2: Ranníocaíochtaí Forbartha

	2022	2023
Ranníocaíochtaí a sonrascadh	€563,608.00	€703,678.05
Ranníocaíochtaí a fuarthas	€657,554.66	€677,875.22



Bhí obair ullmhúcháin ar *Dhréachtphlean Ceantair Áitiúil (LAP) Bhaile Ros Comáin* ar bun go leanúnach i gcaitheamh na bliana, agus ullmhaíodh an dréachtphlean ar bhonn intí agus bunaíodh é ar shaintuarascálacha comhshaoil a d'ullmhaigh sainchomhairleoirí. Tosaíodh an comhairliúcháin poiblí reachtúil ar an *Dréacht-LAP* an 15 Nollaig 2023.

Rinne foireann pleanála chun cinn na Comhairle obair freisin a bhain le tionscnamh na *Cánach Talún Críosaithe Cónaithe (RZLT)*. Rinneadh measúnú ar na 29 aighneacht a fuarthas faoin 1 Eanáir 2023 ar na *dréacht léarscáileanna den RZLT* (a foilsíodh an 1 Samhain 2022) lena dheimhniú cibé acu an raibh tailte a sonraíodh in aighneachtaí le fágáil mar 'tailte i scóip' nó an raibh siad le baint ó léarscáileanna *RZLT*. Eisíodh cinntí faoi gach aighneacht a eisíodh d'úinéirí talún i Márta 2023. Ullmhaíodh agus foilsíodh na léarscáileanna deiridh *RZLT* an 1 Nollaig 2023. D'oibrigh an fhoireann pleanála chun cinn i gcomhoibriú le hOifigeach Córais Faisnéise Geagrafaí (GIS) na Comhairle ar gach léarscáil *RZLT* a ullmhú.

A scenic view of a river with a bridge and lush greenery. The river flows from the bottom left towards the center, with white water rapids visible. On the left, a bridge with a green metal railing spans the river. The right bank is covered in dense green vegetation, including tall grasses and shrubs. A person wearing a white cap and a dark vest is walking along a path on the right bank. In the background, there are more trees and a wooden fence.

An Stiúrthóireacht um, Ghníomhú ar son na, hAeráide, Comhshaoil, Acmhainní, Daoine agus Rialachais

An Caisleán Riabhach

Gníomhú ar son na hAeráide

Bunaíodh an tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide, ina bhfuil Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Oifigeach Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus Oifigeach Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide, atá maoinithe ag an Roinn Comhshaoil, Cumarsáide agus Aeráide in 2023. Tacaíonn an tAonad seo leis an bhFoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAT) idir-rannach, ina bhfuil an bhainistíocht shinsearach i measc Ranna/Aonaid Ghnó uile na Comhairle. Tionóladh 5 chruinniú an CAT in 2023 le hullmhú *Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide an Údaráis Áitiúil (LACAP)*.

An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide

D'ordaigh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide gach údarás áitiúil tús a chur leis an bpróiseas chun a *LACAPanna* reachtúla a ullmhú ar aon dul le treoir an rialtais i ráithe 1 2023. Leagadh amach leis an treoir seo scóip an *LACAP* i 4 phríomhréimse, lena dtugtar aghaidh ar oibríochtaí na Comhairle, réimsí tionchar na Comhairle, rannpháirtíocht pobail agus slógadh agus ról éascaithe na Comhairle chun tacú leis an gcuspóir náisiúnta aeráide agus an críos dícharbóinithe sainithe i mBaile Ros Comáin. Fostaíodh sainchomhairleoirí agus thug siad faoi fhardail astaíochtaí bonnlíne agus faoi mheasúnú riosca athraithe aeráide a chuir eolas ar fáil d'ullmhú *Dhréachtphean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chontae Ros Comáin*. Ar aon dul le forálacha reachtaíochta, tugadh faoi réamh-dhréacht-chomhairliúchán i rith ráithe 2 agus 3 2023 agus ullmhaíodh dréachtphean i gcomhar leis an gCoiste um Beartais Straitéiseacha Pleanála, Chomhshaoil, Athraithe Aeráide agus Rialachais Chorpáraidigh, inar cuimsíodh na próisis mheasúnaithe comhshaoil riachtanacha. I ndiaidh ceadú a fháil ó na Baill Thofa, cuireadh an dréachtphean agus na measúnuithe gaolmhara ar comhairliúchán poiblí i rith ráithe 4 2023 agus súil leis an bplean deiridh a ullmhú i ráithe 1 2024.



Gníomhaithe ar Son na hAeráide Ros Comáin
Climate Action Roscommon

Gníomhú ar son na hAeráide, Ros Comáin

Seoladh an clár feasachta poiblí *Gníomhú ar son na hAeráide, Ros Comáin* i ráithe 2 2023 chun tacú le próiseas réamh-dhréacht-chomhairliúcháin an *LACAP*. Tar éis go ndearnadh iarraidh ar léiriú spéise, roghnaíodh 12 ghrúpa pobail cuntas a thabhairt ar thionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide ina gceantair agus cuireadh fiseáin ghearra inrochtana le chéile leis na gníomhaíochtaí seo a léiriú ar na meáin shóisialta, ar shuíomh gréasáin na Comhairle agus ar scáileáin Áras an Chontae.

Oiliúint ar Ghníomhú ar son na hAeráide

Soláthraíodh oiliúint thiomnaithe ar ghníomhú ar son na haeráide do gach roinn/aonad gnó na Comhairle agus do Bhaill Thofa i ráithe 2 2023 i gcomhar leis an Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide agus an leis an nGrúpa Oiliúna Náisiúnta Údaráis Áitiúil.



Seoladh Réamh-Dhréacht-Chomhairliúchán Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide Chontae Ros Comáin.

Ciste an Phobail um Ghníomhú ar son na hAeráide

Tugadh faoi fheachtas forleathan poiblí agus faisnéise ar *Chlár an Phobail um Ghníomhú ar son na hAeráide* i rith ráithe 2 agus 3 2023. Sheol an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide *Ciste an Phobail um Ghníomhú ar son na hAeráide* go foirmiúil i ráithe 4 2023 agus leithdháileadh €402,000 ar Chontae Ros Comáin. Fáiltíodh roimh iarratais ar thionscadail chuí phobalbhunaithe le tacaíocht ó Oifigeach Aeráide Pobail, a dhéanfar a mheasúnú in 2024.

Luchtú Feithiclí Leictreacha – an Ciste um Aistriú Cóir

Ghlac an tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide páirt i scéim um *Fheithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann (ZEVI)* a chistítear faoin gClár um Aistriú Cóir, a sholáthraíonn deontais chun íoc as costais a bhaineann le hoibreacha sibhialta, leictreacha agus ar chur isteach a theastaíonn chun luchtairí feithiclí leictreacha 50 kW inrochtana poiblí a chur isteach. Sheol an Chomhairle 10 n-iarratas chun freastal ar áiseanna poiblí agus thacaigh siad le pobail chun a n-iarratais a dhéanamh trí thairseach Pobal.

Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe

Lean an tAonad Gníomhaithe ar son na hAeráide i mbun idirchaidrimh le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus le pobail áitiúla i rith 2023 chun tacú le pobail fuinnimh inbhuanaithe a bhunú agus le *Máistirphleananna Fuinnimh* a ullmhú chun an cuspóir náisiúnta aeráide a thabhairt chun cinn.

An Comhshaol

Clúdaíonn Rannóg Comhshaoil Chomhairle Contae Ros Comáin réimse feidhmeanna agus seirbhísí éagsúla. Áiríodh leo sin:

- › Rialú Truailithe agus Bainistíocht Cháilíocht an Uisce;
- › Bainistíocht agus Forfheidhmiú Dramhaíola;
- › Bainistíocht ar Líonadh Talún;
- › Bainistíocht Ionad Fóntas Poiblí agus Ionad Fág Anseo;
- › Bainistíocht Bruscair;
- › Feasacht ar an gComhshaol;
- › Seirbhísí Samplála agus Tástála sa tSaotharlann Uisce;
- › Corrthrádail;
- › Uisce Tuaithe.

Plean Bainistíochta Abhantrach 2022-2027

Clúdaítear i reachtaíocht um rialú truailithe réimsí amhail truailiú uisce, aerthruailiú, núis agus torann. Tugtar faoi roinnt gníomhaíochtaí a bhaineann go sonrach le rialú truailithe lena n-áirítear imscrúdú ar theagmhais truailithe uisce, ceadúnú agus monatóireacht maidir le sceitheadh isteach in uiscí agus i séaraigh, ceadúnú astaíochtaí san aer chomh maith le monatóireacht ar uisce óil, ar fheidhmíocht ionad cóireála fuíolluisce uirbigh agus ar aibhneacha agus ar lochanna. Eisíodh dréacht den *Phlean Bainistíochta Abhantrach, 2022-2027* le haghaidh comhairliúcháin poiblí ó mhí Mheán Fómhair 2021 go dtí deireadh mhí an Mhárta 2022. Fuarthas 259 aighneacht a raibh ábhar ar leith iontu. Léirítear le staidéir nach bhfuil cáilíocht an uisce á feabhsú go gasta go leor, d'ainneoin iarrachtaí le blianta beaga anuas. Bhain brúnna suntasacha arna sainaitheint i gContae Ros Comáin le hearnáil na talmhaíochta agus le hidreamoirfeolaíocht. Tá rialuithe níos déine ar ionchur nítrigine molta in éineacht le hoibreacha maolaithe athshlánaithe agus rialacháin nua chun athruithe fisiceacha a rialú. Táthar ag súil go seolfar an *RMBP* nua in 2024.

Saotharlann

Cuirtear seirbhís theicniúil/anailíseach agus samplála araon ar fáil sa tsaotharlann agus tá sí creidiúnaithe de réir chaighdeán ISO 17025 (atá i measc na 6 shaotharlann tástála údaráis áitiúil a bhain creidiúnú ar an gcaighdeán seo amach). Lean an tsaotharlann le seirbhís chomhroinnte samplála agus tástála a chur ar fáil do 6 údarás áitiúla eile. Bhain sé sin le sampláil agus tástáil uiscí óil, fuíolluisce, eisiltigh thrádála, láisteáit líonta talún, uiscí dromchla agus screamhuisce. Tháinig méadú 11% ar shampláil sa tsaotharlann i rith na bliana 2023.

Plean Náisiúnta Cigireachta

Is é is cuspóir leis an gcóras clárúcháin agus cigireachta le haghaidh córais chóireála fuíolluisce tí cáilíocht screamhuisce agus uisce dromchla (go hairithe foinsí uisce óil) a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le córais nach bhfuil ag obair i gceart. Leanfaidh an Chomhairle le tús áite a thabhairt do chigireacht ar dhabhcha séarachais sa bhliain 2024. Tá súil leis go méadófar an glacadh le scéimeanna deontais le córais chóireála ar an láthair a uasghrádú de réir mar a mhéadófar an deontas uasta aníos ó €5,000 go €12,000 an 1 Eanáir 2024.

Rinneadh cigireacht 13 nua sa bhliain 2023 agus rinneadh iad go léir a uaslódáil chuig EDEN. Taifeadadh ráta teipe 53% sa bhliain 2023, arbh ionann sin agus laghdú anuas ó ráta ráta na bliana 2022 (69%). Rinneadh neamhchomhlíonadh a oibriú amach trí úsáid a bhaint as an bprótacal cigireachta náisiúnta.

Cuireadh clár fógraí stairiúla comhairleacha oscailte a dhúnadh i bhfeidhm in 2023. Cuireadh 46 cigireacht ar shuíomhanna a bhaineann le fógraí comhairleacha stairiúla i gcrích. Teastaíonn ó gclár seo go ndéantar cigireacht ar fhógraí comhairleacha stairiúla gan réiteach, cigireachtaí fíoraithe a dhéanamh agus fógraí a dhúnadh nuair a críochnaíodh oibreacha. Sa chás nár cuireadh oibreacha i gcrích de réir an bhunfhógra chomhairligh, eisíodh fógraí comhairleacha nua. Eisíodh 36 fógra nua comhairleach dá bharr seo do shuíomhanna reatha agus críochnaíodh 7 gcigireacht fíoraithe agus dúnadh na comhaid.

Bainistíocht agus Forfheidhmiú Dramhaíola

Tugadh deontas €139,043 as an *gCiste Comhshaoil* don Chomhairle in 2023 chun tacú le tionscnaimh thiomnaithe intomhaiste forfheidhmithe de réir mar atá sonraithe i *bPlean RMCEI na Comhairle (an Plean um Chritéir Íosta Mholta maidir le Cigireachtaí Comhshaoil agus Forfheidhmiú*. Rinneadh feidhmíocht i gcoinne an phlean a thomhas agus ansin rinneadh na torthaí a thuairisciú do Phríomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola Chonnacht - Uladh (CUWERLA) agus don Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC). Cuireadh tuairisceáin mhíosúla faoi bhráid na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) trí CUWERLA.

Réigiún Dramhaíola Chonnacht-Uladh agus CUWERLA

Áirítear Ros Comáin mar chuid de Réigiún Chonnacht-Uladh i gcomhthéacs bainistíocht dramhaíola. Foilsíodh *Plean Dramhaíola Chonnacht-Uladh, 2015-2021* i mí na Bealtaine 2015. Cheap an réigiún Comhairle Contae Mhaigh Eo mar an Príomhúdarás réigiúnach, chun gníomhú thar ceann na n-údarás eile, agus ar a bhfuil freagracht as cur chun feidhme rathúil an phlean.

Chomh maith leis sin, roghnaíodh Ceann-Údarás Réigiúnacha maidir le Forfheidhmiú Dramhaíola (WERLAanna) i ngach réigiún. Lean an Chomhairle ag plé le CUWERLA maidir le tosaíochtaí náisiúnta agus maidir le hábhair lena mbaineann leas réigiúnach. Is iad Comhairle Contae Liatroma agus Comhairle Contae Dhún na nGall na comhphríomhúdarás do CUWERLA a bhfuil an fheagracht air as gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin dramhaíola a chomhordú laistigh den réigiún, as tosaíochtaí agus cuspóirí comhchoiteanna a leagan síos maidir le forfheidhmiúcháin dramhaíola, agus as fhorfheidhmiú comhsheasmhach na reachtaíochta dramhaíola a chinntiú, agus is iad pearsanra na n-údarás áitiúil atá fós ina gcéad fhreagróirí ar an talamh maidir le sárúithe sonracha ar an reachtaíocht dramhaíola.

An Plean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola

Tar éis próiseas comhairliúcháin agus rannpháirtíochta poiblí in 2023, seolfar *Plean Bainistíochta Dramhaíola Náisiúnta nua don Gheilleagar Ciorclach* ráithe 1 2024. Tiocfaidh seo in ionad an *Phlean Réigiúnaigh Bainistíochta Dramhaíola*.

Ionaid Athchúrsála

Leanann an Chomhairle le hionaid athchúrsála a oibriú ag Mainistir na Búille, Ros Comáin, Bealach an Doirín agus an Caisleán Riabhach. Bíonn láithreáin ar oscailt don phobal 3 lá ina aghaidh na seachtaine. Tá ionaid fág anseo suite freisin ag 39 suíomh ar fud an chontae. Cuireann Barna Recycling seirbhísí bailithe dramhaíola ar fáil. Tuairiscítear an dramhaíl uile a bhailítear sa *Suirbhé Náisiúnta Dramhaíola* a chuirtear faoi bhráid na GCC.

Bainistíocht ar Líonadh Talún

Leanann an Chomhairle le monatóireacht agus cothabháil a dhéanamh ar 2 láithreán líonta talún stairiúla cheadúnaithe ag Bealach an Doirín agus Ros Comáin. Tá oibleagáid orthu monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar rioscaí comhshaoil a bhaineann leis na láithreáin stairiúla sin (m.sh. gás ón láithreán líonta talún, cáilíocht an screamhuisce, cáilíocht an uisce dromchla). Déantar oibreacha seirbhísithe agus cothabhála orthu go rialta freisin. Cuirtear an *Tuarascáil Bhliantúil Chomhshaoil* agus an *Tuarascáil Bhliantúil Feidhmíochta Comhshaoil* faoi bhráid an GCC.

Tá 4 láithreán eile líonta talún dhúnta suite sa chontae. De bhun Deimhniú Údaraithe a ceadáíodh don láithreán líonta talún stairiúil ag an gCaisleán Riabhach, beidh gá le hoibreacha a dhéanamh ann ar bhonn leanúnach amhail tollphoill bhreise a shuiteáil chun monatóireacht bhreise a éascú. Is gá conarthaí le haghaidh sainchomhairleoirí a ullmhú chun cuidiú le hiarratais ar Dheimhnithe Údaraithe do na 3 láithreán líonta talún eile i mBéal na mBuillí, Mainistir na Búille agus Dún Gar.

Córas Náisiúnta Monatóireachta maidir le Truailliú ó Bhruscar

Cuirtear léargas ar an truailliú ó bhruscar ar fud na tíre ar fáil leis an *gCóras Monatóireachta maidir le Truailliú ó Bhruscar* agus déantar na hathruithe le himeacht ama a thomhas go cruinn. Rinne an Chomhairle suirbhéanna faoin gcóras - 24 suirbhé cainníochtúil agus 82 suirbhé ar thruailliú ó bhruscar.



Cláir Bhliantúla

Chuir an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide cistiú ar fáil in 2023 trí na WERLAanna chun tacú le *Tionscnaimh Frithdhumpála*. Is é cuspóir an tionscnaimh seo tionscadail a chistiú atá dírithe ar fhadhbanna a chomhrac trí úsáid a bhaint as cur chuige comhoibritheach ina bhfuil baint ag údaráis áitiúla agus pobail. Sheol an Chomhairle roinnt tograí le haghaidh cistiú ar aghaidh faoin tionscnamh. Caitheadh €111,017, ar an iomlán, ar thionscadail. Cuireadh na tionscadail seo a leanas i gcrích sa bhliain 2023:

- › Cuireadh 4 bhailiú earraí toirtiúla ar bun ag gach ionad fóntas pobail. Bailíodh 56.38kg de dhramhaíl théagartha (tochtanna agus troscán san áireamh);
- › *Tionscadal Dramhaíola Bhealach an Doirín*, glantacháin san áireamh;
- › Glantacháin bhonn;
- › Dearadh agus clódh *Treoir maidir le Dramhaíl tí a Bhainistiú agus a Athchúrsáil*;
- › *Feachtas Feasachta ar Fhodhlíthe um Dhramhaíl a Chur Amach*;
- › Oiliúint ar fhorfheidhmiú dramhaíola;
- › Ceardlanna uaschúrsála teicstílí.

Clár na Scoileanna Glasa

Tá an clár forchéimnitheach agus leanúnach seo deartha do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna araon. Tá an clár bunaithe ar théamaí éagsúla, agus tógann sé timpeall 2 bhliain chun ceann de na téamaí sin a chríochnú. Ní mór do na scoileanna ar bronnadh *Bratach Ghlas* orthu a mbrat a athnuachan gach 2 bhliain. Tá 94 bunscoil agus iar-bhunscoil cláraithe ar an gclár. Rinne 21 scoil a mBratacha Glasa a athnuachan in 2023.

Fodhlíthe um Chorrthrádáil

Tháinig Fo-dhlíthe Chorrthrádála 2022 na Comhairle i bhfeidhm an 1 Eanáir 2023. D'eisigh an Rannóg Comhshaoil ceadúnais agus rinne sí gníomhaíochtaí forfheidhmithe faoi na fodhlíthe seo i gcaitheamh na bliana.

Seirbhís bailithe earraí toirtiúla.

Feachtais Feasachta Comhshaoil agus Feachtais ar na Meáin

Lean an tOifigeach Oideachais agus Feasachta ar an gComhshaoil le hidirchaidreamh a dhéanamh le scoileanna, grúpaí pobail agus daoine aonair; agus soláthraíodh cainteanna, seisiúin eolais agus tacaíocht.

I measc na bhfeachtas a eagraíodh agus a cuireadh chun cinn i rith na bliana, bhí:

- Seoladh *Do Threoir maidir le Dramhaíl tí a Bhainistiú agus a Athchúrsáil i gContae Ros Comáin*;
- *Gradaim na Spásanna Níos Glaise* – bronnadh 21 duais ar ghrúpaí pobail/scoileanna;
- An Feachtas in aghaidh an Bhruscair Cois Bóthair “*Caith sa Bhosca Bruscair é nó Tabhair Abhaile leat é*”;
- *Seimineáir Scoileanna Glasa* ar líne le An Taisce;
- *Comórtas Bliantúil Feasachta ar an gComhshaoil um Nollaig*;
- *Feachtas in aghaidh an Bhruscair ag Ionaid Fág Anseo*;
- *Cuir i mála é! Cuir sa bhosca bruscair é!* Feachtas frithshalaíthe ag madraí
- *Glantachán Náisiúnta an Earraigh* – cláraíodh 120 duine/grúpa;
- *Seó Bóthair an Tascfhórsa in aghaidh Bruscar Guma*;
- *Glac le Bóthar/Glac le hIonad Fág Anseo* - cláraíodh 22 grúpa pobail;
- *Seachtain Náisiúnta na gCrann* – dáileadh 200 crann dúchasach ar 20 grúpa pobail;
- *An tSeachtain Náisiúnta Athchúrsála Dramhaíl* – cuireadh 4 cheardlann ar bun i leabharlanna i Ros Comáin;
- *Mol Gnó Ghlais* – bronnadh cistiú €15,000 le deighilt dramhaíola a chur chun cinn i ngnólachtaí;
- *An tionscnamh D'Fhéile a Ghlasú*.

I measc na bhfeachtas meán sóisialta, bhí:

- *Feachtais mheán WEEE Ireland agus My Waste*;
- *Gov.ie Aer Glan*;
- *Dumpáil neamhdhleathach*;
- *Fodhlíthe um Dhramhaíl a Chur Amach*;
- *Suíomhanna ionaid fóntas agus fág anseo a chur chun cinn*.

Uisce Tuaithe

Cuimsíodh an fheidhm uisce tuaithe in 2023 isteach i sainchúram na Rannóige Comhshaoil tar éis gur aistríodh seirbhísí uisce go hUisce Éireann. Leanann an Chomhairle le deireadh a chur le hoibreacha faoin *gClár Uisce Tuaithe Ilbhliantúil 2019-2021*. Táthar ag súil go seolfar an chéad chlár ilbhliantúil eile i ráithe 1 2024.



Gradaim Spásanna Níos Glaise 2023.



Cuir i mála é! Cuir sa bhosca bruscair é! Feachtas frithshalaíthe ag madraí



Glantachán Náisiúnta an Earraigh 2023.

Seirbhísí Uisce

Aistriú Seirbhísí go hUisce Éireann

De bhun an Achta um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013, ghlac Uisce Éireann le freagracht as an mbonneagar uisce agus fuíolluisce a oibriú agus as cothabháil a dhéanamh air agus as úinéireacht air agus as seirbhísí uisce agus fuíolluisce a sholáthar. Cuireadh deireadh leis na feidhmeanna agus na cumhachtaí ar bronnadh uirthi san Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007 a bheith ag an gComhairle maidir le gníomhaíochtaí uisce agus fuíolluisce. Ghníomhaigh an Chomhairle mar ghníomhaire de chuid Uisce Éireann ón 1 Eanáir 2014 chun seirbhísí uisce agus fuíolluisce phoiblí a sholáthar faoi *Chomhaontú Seirbhíse*. Foráladh ina dhiaidh sin sa Pháipéar Beartais Rialtais *Uisce Éireann – i dtreo Fóntas Náisiúnta Rialáilte Seirbhísí Uisce faoi Úinéireacht Phoiblí* dar dháta an 23 Feabhra 2021 agus i gcáipéis an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre *Creat um Sheirbhísí Uisce a Sholáthar Amach Anseo, Meitheamh 2022* do chomhaontú nua a thiocfadh in ionad an *Chomhaontaithe Seirbhíse reatha*.

Leanadh ar aghaidh le bunathrú Uisce Éireann chun oibriú mar an fóntas náisiúnta aonair rialáilte seirbhísí uisce in 2023. Thosaigh Uisce Éireann leis an gcomhtháthú, ar bhonn céimnithe, ar oibriú agus soláthar laethúil seirbhísí uisce agus fuíolluisce isteach ina struchtúr eagrúcháin féin. Shínigh an Chomhairle *Máistir-Chomhaontú Comhair* an 19 Iúil 2023 a thiocfadh in ionad an *Chomhaontaithe Seirbhíse* a bhíodh aici le hUisce Éireann. Is é cuspóir an *Mháistir-Chomhaontaithe* freagracht iomlán a leagan ar Uisce Éireann as seirbhísí uisce agus fuíolluisce a bhainistiú agus a stiúradh. Ar leithligh, beartaítear *Comhaontú Seirbhísí Tacaíochta* ina leagtar amach na seirbhísí ar aontaigh an Chomhairle lena soláthar chun tacú le seirbhísí uisce agus fuíolluisce a sholáthar ag Uisce Éireann. Tá súil leis go síneofar an *Comhaontú Seirbhísí Tacaíochta* seo in 2024.

Plean Seirbhíse Bliantúil le hUisce Éireann.

Bhí spriocanna feidhmíochta i *bPlean Seirbhíse Bliantúil 2023* le haghaidh scéimeanna uisce agus fuíolluisce reatha a fheidhmiú agus chun cothabháil a dhéanamh orthu, agus tionscadail chaipitiúla a chur i gcrích, faoi mar a comhaontaíodh ag deireadh 2022 mar chuid den idirbheartaíocht maidir le líon na mball foirne agus an buiséad. Rinneadh buiséad iomlán de €8.6 milliún a leithdháileadh ar Ros Comáin.


Scéimeanna Caipitiúla

Tá an phleanáil agus an tógáil i ngach scéim caipitil á ndéanamh anois faoi stiúir Uisce Éireann. Tá *Clár Caipitiúil* ar siúl sa chontae faoi láthair.

Punann an Bhonneagair

Príomhscéim Draenála Bhaile Ros Comáin

Críochnaíodh *Príomhscéim Draenála Bhaile Ros Comáin* i dtreo dheireadh 2023. Mar chuid den tionscadal, chuir criúnna breis agus 7km de shéaraigh nua isteach agus d'uasghrádaigh agus thóg siad stáisiúin chaidéalaithe ar fud Bhaile Ros Comáin. Bhí ró-ualach ar an ngréasán bunúil séaraigh ach is féidir leis soláthar a dhéanamh anois, tar éis gur críochnaithe na hoibreacha, d'fhás reatha agus amach anseo ar an daonra sa bhaile. Tá tairbhí na n-oibreacha i dtaobh fhorbairt an bhaile, agus tacaíonn siad le forbairt tithíochta agus tráchtála. Mar gheall gur críochnaíodh an tionscadal €20m seo, is féidir leis an bpobal fás agus tháinig laghdú ar an mbaol tuile. Tuar dóchais atá ann chomh maith ó thaobh cháilíocht an uisce in aibhneacha áitiúla an Jiggy agus na hEidhní, a chinntíonn go gcomhlíontar an Treoir maidir le Fuíolluisce Uirbeach a Chóireáil agus go gcosnaítear ár gcomhshaol.



Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhealach an Doirín

Tháinig an conraitheoir Veolia i gceannas ar an tionscadal i mí Eanáir 2020. Tá Veolia ag dul ar aghaidh faoi láthair le dearadh mionsonraithe molta i gcomhairliúchán le páirtithe uile. I measc na príomhrudaí atá le cur i gcrích mar chuid den tionscadal um Rannpháirtíocht Luath an Chonraitheora:

- An críoch-stáisiún caidéalaithe a uasghrádú trí thoilleadh an umair ar an láithreán a mhéadú mar aon le hoibreacha láithreáin gaolmhara;
- Teorainneacha an láithreáin a uasghrádú tríd an mbealach isteach atá in úsáid faoi láthair ag Uisce Éireann agus ag an gComhairle a scaradh;
- An próiseas cóireála tánaistí a uasghrádú d'fhonn toilleadh an phróisis reatha a fheabhsú;
- Oibreacha láithreáin coimhdeacha gaolmhara lena n-áirítear uasghrádú Chóras SCADA (Rialú Maoirseachta agus Aimsiú Sonraí).



Príomhscéim Draenála Bhaile Ros Comáin
– Stáisiún Caidéalaithe Bhóthar an Chaisleáin Riabhaigh.

Príomhscéim Draenála Bhaile Ros Comáin
– Oibreacha Tollánaithe.

Punann an Chláir Chaipitil

Clár Cóireála Uisce

Dearadh oibreacha cosanta foinsí nua d'Ionad Cóireála Uisce Mhun Talbóid in 2022. Cuimsíodh an láithreán freisin sa *Chlár Cothromaithe Soláthair Éilimh* i gcomhair screamhuisce breise.

Clár Glanta Taiscumar

Rinneadh gach taiscumar agus umair uisce ghlain a ghlanadh cothrom le dáta. Tá an clár maidir le hoibreacha glanta fós i bhfeidhm.

Clár Cosanta um Rochtain ar Ard agus ar Imill

Is é aidhm an chlár réigiúnaigh seo chun dul i ngleic le nithe meánriosca agus ardriosca a sainaithníodh le linn iniúchtaí Sláinte, Sábháilteachta, Cáilíochta agus Timpeallachta (HSQE). D'iarr Uisce Éireann go ndéanfaí athbhreithniú ar aon nithe a d'fhéadfadh a bheith faoi bhreithniú le haghaidh soláthair faoin gclár sin. Leanann an clár seo i mbun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna ardbhaoil ar bhonn atrátha.

Clár Soláthair-Éilimh agus Easnamh

Cuimsíonn an clár seo Tobar an Átha Fhada, Caisleán an Riabhaigh; Tobar Chluain Lachnáin, Mun Talbóid agus Tobar Phort na Carraige, agus Mainistir na Búille. Is é is cúram don chlár seo acmhainní breise screamhuisce a sholáthar le go mbeadh breis teacht aniar ann le linn tréimhsí triomaigh.

Clár Fáis na mBailte Beaga agus Sráidbhailte

Tá *Clár Fáis Bailte Beaga agus Sráidbhailte* beartaithe d'fhonn tacú le roinnt cuspóirí beartais náisiúnta agus torthaí straitéiseacha náisiúnta faoin *gCreat Náisiúnta Pleanála (CNP)* is é sin, cur chuige nua a fhorbairt i leith infheistiú i lonnaíochtaí tuaithe. Tá sé i gceist leis an gclár go soláthrófar acmhainn fáis maidir le hionaid chóireála uisce agus fuíolluisce i lonnaíochtaí níos lú nach ndéanfar soláthar ina leith ar shlí eile sa phlean infheistíochta.

Cáilíodh Ionad Cóireála Fuíolluisce na Leathcheathrún don chlár seo. Tá tús curtha le hobair shuirbhéireachta tosaigh agus le hiniúchadh láithreáin. Cuireadh Ionad Cóireála Fuíolluisce Béal an Átha Mín san áireamh sa chlár. Tionóladh ceardlanna in Aibreán 2023. Seoladh líníochtaí reatha agus iarrataí ar eolas breise go hUisce Éireann.

Plean Náisiúnta Acmhainní Uisce Réigiún an Iarthuaiscirt

Rinneadh aighneacht ar *Dhréachtphlean Réigiúnach Acmhainní Uisce Réigiún an Iarthuaiscirt (RWRP-NW)* i bhFeabhra 2023.

Leagtar amach i *bPlean Réigiúnach Acmhainní Uisce Réigiún an Iarthuaiscirt (RWRP-NW)* na roghanna chun soláthar uisce níos sláine, níos iontaofa agus níos inbhuanaithe a sholáthar do 732,700 custaiméir san Iarthuaisceart go ceann 25 bliain. Leagtar amach sa phlean na dúshláin reatha agus amach anseo maidir le huisce atá sábháilte, slán agus a bhfuil teacht aniar ann a sholáthar. Aithnítear ann an dul chun cinn atá déanta go dtí seo, mar shampla, trí bhíthin sceitheadh a laghdú, oibreacha infheistíochta caipitiúla agus oibreacha atá idir lámha. Cuireann sé an mhodheolaíocht i bhfeidhm mar a glacadh i *gCreat an Phlean Náisiúnta Acmhainní Uisce* chun (i) an riachtanas atá sna 119 Crios Acmhainní Uisce uile a aithint i dtaca le caighdeán, méid, iontaofacht agus inbhuanaitheacht an tsoláthair de agus (ii) réitigh a aithint chun freastal ar an riachtanas seo.

Tá 142 ionad cóireála uisce ag feidhmiú i Réigiún an Iarthuaiscirt a fhreastalaíonn le chéile ar 732,700 duine nó 18% de dhaonra na hÉireann trí bhíthin thart ar 17,700km de líonra dáileacháin agus 119 Crios Acmhainne Uisce. Freastalaíonn na hionaid cóireála seo ar 74,000 gnólacht chomh maith. Tá thart ar 26,900 ciliméadar cearnach sa réigiún, a shíneann ó Chontae an Chláir go Contae Dhún na nGall.

Is mór an tairbhe a bhainfear as an bplean i dtaobh soláthairtí a athrú ó bhonn, lena n-áirítear a bheith in ann freastal ar fhás agus ar fhorbairt gheilleagrach ar bhealach inbhuanaithe, idirnasacht fheabhsaithe idir soláthairtí le cinntiú go dtabharfaí faoi fhorbairt réigiúnach ar bhealach cothromaithe agus foinsí uisce inbhuanaithe nua atá inoiriúnaithe don athrú aeráide.

Punann na Líonraí Uisce

Clár Athshlánaithe na Líonraí Uisce

Ceapadh Farrans Ltd. mar chonraitheoir réigiúnach chun oibreacha a dhéanamh ar son Uisce Éireann.

Oibreacha Bainistithe Brú

Forbraíodh clár nua bainistithe brú le linn 2022 agus tugadh isteach é in 2023. Is suirbhéireacht agus bailiú sonraí a bhí i gceist leis an gclár go dtí seo. Tá pointí rialaithe rithábhachtacha nua curtha ar bun agus feidhm bainte as logálaithe brú.

Clár 'Aimsigh agus Deisigh'

Bhí an clár sin ina chúigiú bliain de dhíriú ar Limistéir Mhéadraithe Ceantair ina raibh figiúirí úsáide uisce arda gan tasc in 2023. Is é atá i gceist leis an *gClár Aimsigh agus Deisigh*, Limistéir Mhéadraithe sa Cheantar a bhfuil aird dírithe orthu a dheimhniú trí limistéir ina bhfuil úsáid uisce ard gan tasc a leithlisiú agus ansin oibreacha braite sceite a dhíriú chun sceitheadh ar bith a aimsiú agus a dheisiú sna limistéir sin. Trí mhonatóireacht a dhéanamh ar laghduithe gaolmhara agus sceitheadh a laghdú is féidir úsáid laethúil a threorú laistigh de Limistéir á Méadrú de réir Ceantair i dtreo sprice um leibhéil sceite eacnamaíoch inbhuanaithe. Leanann an clár ar aghaidh ag cur le laghduithe a bhaint amach ar uisce agus sceite gan chuntas ar fud an chontae.

Clár um Leigheas Roimh Ré

Tá Farrans Construction ceaptha ag Uisce Éireann le hoibreacha a dhéanamh faoin gclár seo. Beidh fad an chláir ag brath ar líon na gcustaiméirí a bhainfidh leas as an scéim.

Méadair Thráchtála a Athsholáthar

Tá Farrans Construction ceaptha ag Uisce Éireann le hoibreacha a dhéanamh faoin gclár seo. Cuireadh tús le suirbhéanna mar chéad chéim den athsholáthar ar mhéadair.

Córais Faisnéise

Tá Roinn na gCóras Faisnéise agus Bunathraithe Dhigith comhdhéanta de na Foirne Oibríochtaí TFC (Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide), Bunathrú Digiteach agus GIS (Córais Faisnéise Geografaí).

Oibríochtaí TFC

Cuireann Foireann Oibríochta TFC an t-ardán soláthair seirbhísí agus tacaíocht theicniúil ar fáil do gach roinn, d'aonaid ghnó agus do Chomhaltaí Tofa na Comhairle. Cinntítear leis sin go mbíonn trealamh agus faisnéis, de réir mar is gá, ar fáil chun an Chomhairle a chuidiú seirbhís éifeachtúil a chur ar fáil dá custaiméirí.

Leanadh le ham acmhainne a dhíriú sa bhliain 2023 ar thacú le réitigh oibre cumaisc. Thacaigh Foireann Oibríochtaí TFC le naisc dhaingne leis an líonra corparáideach agus chuir siad gléasanna bainistithe cothrom le dáta ar fáil don fhoireann chun naisc le láithreacha cianoibre a éascú.

Lean Foireann Oibríochtaí TFC freisin de sheirbhísí a úsáid agus cur leo siúd atá ar fáil trí ardán Microsoft 365. Leis an gcur chuige sin cumasaítear rochtain shlán ar chórais corparáideacha agus ar fhaisnéis ó láthair ar bith ar ghléasanna daingne bainistithe. Cuidíonn sé freisin leis an bhfoireann obair a dhéanamh ar dhóigheanna nua agus an lorg carbóin a laghdú i gcomhthráth tríd an ngá le gléasanna fisiceacha a laghdú.

Lean Foireann Oibríochtaí TFC freisin de dhul chun cinn a dhéanamh sa bhliain 2023 maidir leis na réimsí freagrachta a leanas:

- › An cumas a bhaineann le TFC na linne seo a mheas agus a fhorbairt chun cuspóirí gnó na Comhairle a fheabhsú agus tionchar uasta teicneolaíochtaí ata ag teacht chun cinn a uasmhéadú;
- › Teicneolaíochtaí nua a fhiosrú agus a chur i bhfeidhm trína gcuirfear le feabhsú agus éifeachtúlacht na gcóras faisnéise atá ann;
- › Slándáil agus sláine shonraí agus bhonneagar TF na Comhairle a chinntiú, lena n-áirítear dul i ngleic le cibearshlándáil;
- › Réitigh um athshlánú ó thubaiste/leanúnachas gnó a fhorbairt agus a bhainistiú lena ndéantar an riosca de bhristeacha i gcórais agus de chailliúint/thruailliú sonraí a íoslaghdú.



Bunathrú Digiteach

Tá Foireann an Bhunathraithe Dhigitigh freagrach as clár oibreacha a sholáthar don eagraíocht chun bunathrú digiteach a bhaint amach, agus é mar aidhm ag an gclár sin seirbhísí ardchaighdeáin inrochtana a sholáthar atá éifeachtúil agus tarraingteach, a bhíonn ag teacht lena bhfuil saoránaigh ag súil. D'fhorbair an fhoireann os cionn 80 seirbhís ar líne go dtí seo, lena gcuirtear rochtain éasca agus éifeachtúil do chustaiméirí ar sheirbhísí éagsúla na Comhairle.

Trí thairseach dhigitheach, *Mo Sheirbhísí ar Líne*, ar a bhfuil rochtain trí www.roscommoncoco.ie, bhí custaiméirí in ann fós clárú agus leas a bhaint as líon na seirbhísí ar líne atá ag dul i méid a chuireann an Chomhairle ar fáil amhail fadhbanna bardasacha agus timpeallachta a thuairisciú, iarratais a chur isteach ar dheontais nó íocaíochtaí a dhéanamh. Tugadh breis agus 17,000 saincheist le fios trí *Tuairiscigh* é agus bronnadh cistiú deontais breis agus €18m ar ghrúpaí pobail trí *Mo Sheirbhísí ar Líne* ó cuireadh i bhfeidhm é in 2020. Bhí 4,800 duine cláraithe mar úsáideoirí custaiméara féinseirbhíse ar an ardán digiteach seo ag deireadh 2023. Leis sin, ligtear dóibh rochtain a fháil ar sheirbhísí na Comhairle ag am ar bith, ó áit ar bith ar ghléas ar bith.

Choinnigh an Chomhairle taifead ar shonraí do os cionn 13,000 custaiméir a chuir ceisteanna ar an bhfón nó trí ríomhphost. Déantar na ceisteanna seo a thaifeadadh agus cuirtear ar aghaidh na ceisteanna chuig an bpearsana cuí chun iad a réiteach. Tháinig feabhas mór mar thoradh air seo ar chumarsáid inmheánach agus éifeachtúlacht maidir le próiseáil ordaithe saothair ag baill foirne. Leanadh de phróisis ghnó a fheabhsú sa bhliain 2023 chomh maith trí sheirbhísí ar líne a chur i bhfeidhm go céimneach.

GIS

Lean an Fhoireann GIS leis na córais a chothabháil agus a fhorbairt chun rochtain a sholáthar d'fhoireann na Comhairle agus do bhaill an phobail ar fhaisnéis bunaithe ar léarscáileanna. San áireamh leis na córais sin tá uirlisí chun amharc ar fhaisnéis bunaithe ar láthair agus chun í a bhailiú. Mar shampla, nuashonraíodh an *Suirbhé Allamuigh ar Dhramhaíl Tí* in 2023 le hacmhainní riaracháin cúloifige agus tuarascáil bunaithe ar Power BI a chur san áireamh.

Lean an Chomhairle le níos mó faisnéise a bhailiú go digiteach sa bhliain 2023. Trí chórais amhail *Tuairiscigh* é, cuireadh ar chumas an phobail an Chomhairle a chur ar an eolas faoi shaincheisteanna ina gceantar féin. Mhéadaigh foireann na Comhairle an úsáid dá cuid as feidhmchláir mhóibíleacha éagsúla chun sonraí a bhailiú níos éifeachtúla sa réimse.

Méadaíodh úsáid Microsoft Power BI agus deaiseanna GIS freisin sa bhliain 2023 chun na huirlisí a chur ar fáil do chinnteoirí na Comhairle a theastaíonn uathu chun faisnéis a bhreathnú agus a mheasúnú go gasta. Sa bhreis air sin, d'fhorbair an Fhoireann GIS roinnt tuarascálacha gréasánbhunaithe le linn na bliana chun taispeáint mhéadracht phríomhúil a chumasú ar dhóigh shimplí agus úsáideach.

Seirbhísí Corparáideacha

Áirítear le feidhmeanna na Roinne Seirbhísí Corparáideacha seirbhísí tacaíochta a sholáthar do lucht bainistíochta na Comhairle; cruinnithe na Comhairle agus a fochoistí a eagrú agus fónamh orthu; toghcháin áitiúla; clár na dtoghthóirí; árachas; bainistíocht saoráidí; feidhmeanna tréidliachta; rialú madraí; fáiltithe cathartha; imeachtaí, seirbhísí custaiméirí; gearáin ó chustaiméirí; saoráil faisnéise; rochtain ar fhaisnéis maidir leis an gcomhshaol; cosaint sonraí; nochtadh cosanta; eitic agus dearbhuithe maidir le síntiúis pholaitiúla agus sláinte agus sábháilteacht.

Cruinnithe Chomhairle Contae Ros Comáin

Ag Cruinnithe Iomlánacha na Comhairle, tagann 18 Comhaltaí na Comhairle le chéile chun a gcuid feidhmeanna forchoimeáda a chur i gcrích agus pléann siad le gnóthaí sóisialta, eacnamaíocha agus cultúrtha atá ríthábhachtach maidir le forbairt inbhuanaithe an chontae ar aon dul leis na tosaíochtaí straitéiseacha agus cuspóirí i *bPlean Corparáideach* na Comhairle.

Tionóladh 11 Chruinniú Iomlánacha mhíosúla den Chomhairle sa bhliain 2023. Tionóladh an Cruinniú Bliantúil i mí an Mheithimh agus Toghadh an Comhairleoir Tom Crosby ina Chathaoirleach agus an Comhairleoir John Cummins mar Leas-Chathaoirleach. Tionóladh Cruinniú an Bhuiséid i mí na Samhna 2023 d'fhonn Buiséad 2024 a fhaomhadh.

Bhí 12 chruinniú ag Ceantar Bardasach Ros Comáin, 8 gcruinniú ag Ceantar Bardasach Bhaile Átha Luain agus 10 gcruinniú ag Ceantar Bardasach Mhainistir na Búille le linn na bliana 2023.

Plean Corparáideach 2020-2024

Ghlac na Comhaltaí Tofa leis an *bPlean Corparáideach* sa bhliain 2020. Úsáidfear an plean sin mar chreat gníomhaíochta straitéiseach Chomhairle Contae Ros Comáin le linn shaolré na Comhairle tofa reatha agus é ar aon dul leis an Acht Rialtais Áitiúil, 2001. Déantar na 3 thosaíocht a leanas a leagan amach sa phlean chun misean na Comhairle a chur i gcrích, chun dearcthaí mhuintir an chontae a léiriú agus chun pobail inbhuanaithe a fhorbairt i dtimpeallacht atá ag athrú:

- Cáilíocht na beatha agus folláine do chách;
- Forbairt gheilleagrach agus pobail;
- Seirbhís ardchaighdeán dár ndaoine.

Clár na dToghthóirí

Tháinig roinnt athruithe ar an bpróiseas clárúcháin toghthóirí i bhfeidhm de thoradh an Achta um Athchóiriú Toghchán, 2022. Tá Rollchlár curtha in ionad na nDréachtchlár agus na mBeochlár agus déanfar é a nuashonrú ar bhonn leanúnach agus fanfaidh sé beo ar feadh suas le 15 lá roimh imeacht toghcháin. Léiríonn **Tábla 1** an staid maidir le líon na dtoghthóirí ar an gClár Rollach amhail an 18 Nollaig 2023.

Tábla 1: Clár na dToghthóirí

Toghcheantar na Dála	Toghthóirí Uachtaránachta	Toghthóirí na Dála
Ros Comáin - Toghthóirí Thoghcheantar na Gaillimhe	41,431	43,039
Toghthóirí Thoghcheantar Shligigh - Liatroma i gContae Ros Comáin	5,544	5,759
Toghthóirí Thoghcheantair an Láir Tíre – an Iarthuaiscirt do Pharlaimint na hEorpa		47,128
Toghthóirí na dToghlimistéar Áitiúil		50,434
➤ Toghlimistéar Áitiúil Bhaile Átha Luain		15,265
➤ Toghcheantar Áitiúil Mhainistir na Búille		17,994
➤ Toghlimistéar Áitiúil Ros Comáin		17,220

Fáiltiú Cathartha

Reáchtálann an Chomhairle fáiltithe cathartha do dhaoine ina limistéar riaracháin a dhéanann idirdhealú eatarthu féin agus a thugann mórtas agus onóir dá bpobal as a gcuid éachtaí. Feidhm fhorchoimeáda de chuid na Comhairle is ea daoine a ainmniú le haghaidh onóra sibhialta.

Ar 23 Samhain 2023, tugadh ómós do 21 faighteoir, lena n-áirítear foirne agus daoine aonair ag Fáiltiú Cathartha in Ionad Ealaíon Ros Comáin. Thaispeáin na faighteoirí Dámhachtainí Cathartha seo sármhaitheas i réimsí mar amhránaíocht, drámaíocht, peil, sacar, rothaíocht, galf agus liathróid láimhe. Bronnadh scrolla cuimhneacháin sínithe orthu.



Turais Ionadaithe Thar Lear

Thaistil an Cathaoirleach, an Comhairleoir Thug Tom Crosby, in éineacht leis an bPríomhfheidhmeannach, an tUasal Shane Tiernan agus ar chuireadh ó Chumann Chontae Ros Comáin Nua-Eabhrac, cuairt ar Nua-Eabhrac i Márta 2023 chun bualadh le diaspora Ros Comáin agus chun deiseanna eacnamaíocha agus turasóireachta a chur chun cinn do Ros Comáin. An Comhairleoir Rinne Orla Leyden ionadaíocht thar ceann na Comhairle i Chartrettes, Páras i mí an Mheithimh 2023 chun comórachd 25 bliain ar nascadh baile le baile Ros Comáin a cheiliúradh.

Sparánacht Dermot Earley

Bhunaigh Comhairle Contae Ros Comáin sparánacht bhliantúil spóirt in onóir Dermot Earley, nach maireann. Tugann na scoláireachtaí cúnamh airgid d'iarrthóirí rathúla ó Chontae Ros Comáin, fear amháin agus bean amháin, a bhfuil cúlra sármhaithe acu sa spórt agus atá ag freastal ar a gcéad bhliain in oideachas tríú leibhéal. Ba iad na hiarratasóirí rathúla don bhliain acadúil 2023/2024 ná Aisling Hanly mar ionadaí do Chlub CLG Chill Bhríde agus Cormac Rynn mar ionadaí do Chlub Snámh Trident.

Na Meáin Shóisialta

Feidhmíonn an Chomhairle cuntais meán sóisialta Facebook, Instagram, Twitter, YouTube agus LinkedIn. Feabhsaíonn na meáin shóisialta a gcumarsáid agus a rannpháirtíocht leis an bpobal. Feidhmíonn an Chomhairle próifílí éagsúla thar ardáin éagsúla lena n-áirítear seirbhísí leabharlainne, an t-ionad ealaíon agus an Oifig Fiontair Áitiúil. Cuireann ardáin na meán sóisialta ar chumas na Comhairle faisnéis a roinnt go tapa agus go héasca le lucht éisteachta mór a thacaíonn le feachtais náisiúnta, le deiseanna earcaíochta agus le feachtas ar sheirbhísí na Comhairle a chur chun cinn.

Feidhmeanna Tréidliachta

Feidhmíonn an Chomhairle conradh seirbhíse le húdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (ÚSBÉ) chun maoirseacht a dhéanamh ar shábháilteacht bia in 8 seamlas agus i 5 mhonarcha próiseála feola neamhspleácha. Tá 3 ghnólacht bia cláraithe leis an gComhairle freisin. Déanann Oifigeach Tréidliachta na Comhairle agus Cigirí Tréidliachta sealadacha maoirseacht ar mharú. Déantar scrúdú ar na hainmhithe ar fad roimh a mbás agus tar éis a mbáis lena chinntiú go bhfuil an fheoil oiriúnach mar bhia don duine. Déantar inrianaitheacht na n-ainmhithe go léir a dheimhniú chomh maith. Maraíodh 2,786 eallach, 2,350 chaora agus 255 mhuc in 2023 i seamlais ar a ndéanann an Chomhairle maoirseacht i gContae Ros Comáin.

Seirbhísí Rialaithe Madraí

Faoin Acht um Rialú Madraí 1986, is é Midland Animal Care Ltd. atá freagrach as rialú madraí laistigh den chontae faoi chonradh seirbhíse leis an gComhairle.

Tá dualgas faoin dlí ar úinéirí madraí ceadúnas reatha a bheith acu dá madra agus micrishlis a bheith sa mhadra. Thug An Post an *Clár Náisiúnta Madraí* isteach i mí Iúil 2018 chun gur féidir ceadúnais do mhadraí a cheannach ar líne is féidir ceadúnais a cheannach chomh maith ag aon Oifig Poist. In 2023, b'ionann an caiteachas ar sheirbhísí rialaithe madraí agus €212,821.07. Ba é an t-ioncam iomlán maidir le ceadúnais agus táillí ná €74,482.83.

Ceanglaíonn an tAcht um Fhorais Pórucháin Madraí, 2010 ar áitribh iarratas a dhéanamh ar chuimsiú ar an *gClár na bhForas Pórucháin Madraí*. Áiríodh 2 bhunaíocht ar chlár na Comhairle ag deireadh 2023.

Saoráil Faisnéise (SF)

Fuair an Chomhairle 81 iarratas SF in 2023. Tá miondealú ar thorthaí na n-iarratas seo leagtha amach i **dTábla 2**.

Tábla 2: Iarratais SF

Líon na n-iarratas neamhchinntithe amhail an 1 Eanáir 2023	5
Líon na n-iarratas a fuarthas le linn 2023	81
Líon na n-iarratas a ceadaíodh	26
Líon na n-iarratas a ceadaíodh i bpáirt	27
Líon na n-iarratas a diúltaíodh	25
Líon na n-iarratas SF a aistríodh, a tarraingíodh siar nó ar déileáladh leo lasmuigh de SF	2
Líon na n-iarratas neamhchinntithe amhail an 31 Nollaig 2023	6

Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil (RFC)

Fuair an Chomhairle 14 iarratas RFC in 2023. Tá sonraí ar thoradh na n-iarratas seo curtha i láthair i **dTábla 3**.

Tábla 3: Iarratais RFC

Líon na n-iarratas RFC neamhchinntithe amhail an 1 Eanáir 2023	0
Líon na n-iarratas RFC a fuarthas le linn na bliana 2023	14
Líon na n-iarratas RFC a deonaíodh	8
Líon na n-iarratas RFC a deonaíodh i bpáirt	2
Líon na n-iarratas RFC a diúltaíodh	4
Líon na n-iarratas RFC a tarraingíodh siar.	0
Líon na n-iarratas neamhchinntithe amhail an 31 Nollaig 2023	0

Cosaint Sonraí

Tá ceanglais leagtha amach sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus san Acht um Chosaint Sonraí, 2018 lena forchuirtear oibleagáidí ar an gComhairle maidir le cosaint na sonraí pearsanta uile atá ina seilbh. Lean an Chomhairle le beartais, nósanna imeachta agus cleachtais dá cuid a fhorbairt sa bhliain 2023 chun a freagrachtaí maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh. Phróiseáil an Chomhairle 4 iarratas Rochtana Ábhar (SARanna) i rith na bliana.

Dearbhuithe um Eitic agus Tuairisciú ar Shíntiúis Pholaitíochta

Chuir 18 gComhalta Tofa agus 150 Fostaí Ábhartha isteach dearbhuithe eitice de réir na gceanglas reachtúil a fhorordaítear i gCuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 agus de Rialacháin an Achta Rialtais Áitiúil 2001 (Cuid 15) 2015.

Chomhlíon na Comhaltaí Tofa go léir, in 2023, ceanglais atá leagtha amach san Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachais a Nochtadh 1999 (arna leasú)) maidir le síntiúis pholaitíochta a thuairisciú.

Nochtuithe Cosanta

D'uillmhaigh agus d'fhoilsigh an Chomhairle an tuarascáil seo a leanas de réir Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014:

Tábla 4: Nochtuithe Cosanta - Tréimhse Thuairiscithe: Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2023

Líon na Nochtuithe Cosanta a rinneadh do Chomhairle Contae Ros Comáin	0
Beart a rinneadh (má rinneadh é) chun freagairt a dhéanamh do na Nochtuithe Cosanta sin	N/B

Sláinte agus Sábháilteacht

Leanann an Chomhairle le forálacha *Chórais Bainistíochta Sábháilteachta* na n-údarás áitiúil a chur i bhfeidhm. Déantar an cur i bhfeidhm seo trí athbhreithniú leanúnach ar chórais reatha, cur i bhfeidhm an chlár iniúchta sláinte agus sábháilteachta agus críochnú an chlár oibre bhliantúil. Déantar cumarsáid agus comhairliúchán le fostaithe agus éascaítear oiliúint sláinte agus sábháilteachta fostaithe de réir mar is gá. Tugtar tacaíocht d'fhostaithe chun córais shábháilte oibre a chur i bhfeidhm. Déantar idirchaidreamh leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, Uisce Éireann agus páirtithe leasmhara eile de réir mar is cuí.

Ceanglaíonn an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 ar fhostóirí, ar a mbainistíocht ionadaíoch agus ar fhostaithe breathnú ar shláinte agus sábháilteacht mar chomhfhreagracht.

Áiríodh le clár oibre 2023:

- › Monatóireacht ar an *gCóras Bainistíochta Sábháilteachta* trí chigireachtaí leanúnacha oibre;
- › Oibriú agus athbhreithniú leanúnach ar chaighdeán *Deimhnithe ISO 45001* don tSeirbhís Dóiteáin;
- › Forbairt agus nuashonrú ar dhoiciméid *Chórais Bainistíochta Sábháilteachta* reatha na Comhairle lena n-áirítear beartais sláinte agus sábháilteachta, measúnuithe riosca srl.;
- › Forbairt agus seachadadh ar *Chlár Sláinte Ceirde, Leasa agus Folláine Foirne* lena n-áirítear soláthar scagthástála sláinte do thart ar 220 ball foirne;
- › Comhoibriú leanúnach le páirtithe seachtracha mar an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus Uisce Éireann;
- › Monatóireacht a dhéanamh ar nósanna imeachta rialaithe do chonraitheoirí atá ann cheana;
- › Feabhas leanúnach ar phróisis chumarsáide agus chomhair na Comhairle m.sh. Cruinnithe an Choiste Bainistíochta Sábháilteachta, cruinnithe Comhordaitheoir na gCeantar Bardasach agus idirchaidreamh le hIonadaithe Sábháilteachta;
- › Forbairt a dhéanamh ar bhonn leantach ar Chlár Oiliúna le haghaidh Láimhsiú Sábháilte agus Ionduchtú Sláinte agus Sábháilteachta;
- › Comhlíonadh leanúnach leis an dualgas reachtúil maidir le hiniúchtaí tríú páirtí ar threalamh ardaithe agus oibre faoi úinéireacht na Comhairle;
- › Bainistíocht ar na hoibreacha tógála go léir de réir na reachtaíochta ábhartha;
- › Comhairle agus tacaíocht a sholáthar do gach roinn agus aonad de chuid na Comhairle maidir le sláinte agus sábháilteacht.

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

I bhfeidhmiú a feidhmeanna, thug an Chomhairle aird, de réir Alt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, ar an ngá atá le:

- a. Deireadh a chur le hidirdhealú;
- b. Comhionannas deiseanna agus caitheamh a fhoireann agus na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chur chun cinn;
- c. Cearta daonna a comhaltaí, a ball foirne agus na ndaoine dá soláthraíonn sí seirbhísí a chosaint.

Acht an Gharda Síochána 2005

Thug an Chomhairle, agus a cuid feidhmeanna á gcomhlíonadh aici i gcomhréir le hAlt 37 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, aird ar an tábhacht le gníomhú chun coireacht, mí-ord agus iompar frithshóisialta a chosc laistigh dá réimse freagrachta.

Bainistíocht Sócmhainní agus Fuinnimh

Tá freagracht ag an Rannóg um Bainistíocht Sócmhainní agus Fuinnimh, lena n-áirítear Soilsiú Poiblí, as roinnt réimsí sonracha.

Bainistíocht Sócmhainní

Is é príomhchuspóir na feidhme seo sócmhainní uile na Comhairle a bhainistiú agus a thaifeadadh, lena n-áirítear maoin, foirgnimh, talamh agus tithe i *gClár Sócmhainní* comhdhlúite agus cloí le hoibleagáidí tuairiscithe reachtúla gaolmhara na Comhairle. Déantar sonraí a bhaineann le gach foirgneamh agus leis an talamh atá faoi úinéireacht na Comhairle mar aon le líon iomlán na dtithe sóisialta a chur ar aghaidh chuig Oifig na nOibreacha Poiblí ar bhonn bliantúil lena gcur ar an *gClár Náisiúnta Maoine*. Tá an Chomhairle ag obair i dtreo fardal caighdeánaithe dá sócmhainní uile a chur i gcrích.

Bainistíocht Fuinnimh

Is í príomhfheidhm na bainistíochta fuinnimh ról na Comhairle mar chomhlacht poiblí a éascú sa dúshlán maidir le seirbhísí poiblí a dhícharbónú agus spriocanna an *Phlean Gníomhaíochta Aeráide 2023* a bhaint amach. Leagtar amach sa phlean seo an leibhéal iarrachta agus gníomhaíochta a theastaíonn chun astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann (GCT) a laghdú 50% faoi 2030 agus aistriú chuig geilleagar agus sochaí atá neodrach ó thaobh carbóin de tráth nach déanaí ná 2050. Faoi bplean, tá sainordú ag an earnáil phoiblí laghdú iomlán 51% a bhaint amach ar astuithe GHG agus feabhsú éifeachtúlachta fuinnimh 50% faoi 2030, i gcomparáid le bunlíne 2016 go 2018 agus 2009 faoi seach.

Tá an Chomhairle ina ball de *Chlár Comhpháirtíochta um Dhícharbónú Fuinnimh an SEAI* agus tá sí tiomanta do:

- Oibriú le SEAI chun ár spriocanna dícharbónaithe fuinnimh 2030 agus 2050 a bhaint amach agus chun sainordú níos leithne na hearnála poiblí a sheachadadh;
- Clár bainistíochta fuinnimh a leabú atá oiriúnach do mhéid ár n-eagraíochta;
- Píblíne tionscadail a fhorbairt i dtreo spriocanna dícharbónaithe fuinnimh 2030 agus pleanáil go straitéiseach i dtreo glan-nialas a bhaint amach faoi 2050;

- Tuairisciú go bliantúil ar fheidhmíocht fuinnimh ár n-eagraíochta agus stoic foirgníochta;
- Oibriú le SEAI chun athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar ár ngníomhartha bainistithe fuinnimh agus dícharbónaithe fuinnimh;
- Ár ndul chun cinn maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a thuairisciú don SEAI gach bliain;
- Éifeachtúlacht fuinnimh agus laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhreithniú agus trealamh agus saoráidí á soláthar agus á ndearadh;
- Comhoibriú le SEAI chun tairbhí na gníomhaíochta aeráide a bhaineann le fuinneamh a chur in iúl.

Chuaigh an Chomhairle isteach sa Ghníomhaireacht Fuinnimh Lár Tíre (MEA), ag ailíniú leis an Oifig Réigiúnach um Gníomhaíocht Aeráide (CARO) Réigiún Lár na Tíre. Is iad Comhairle Contae Laoise an príomhúdarás don MEA agus comhordaíonn an tOifigeach Fuinnimh cruinnithe míosúla do ghrúpaí oibre agus cruinnithe ráithiúla do ghrúpaí stiúrtha idir na húdaráis áitiúla go léir sa MEA.

Leanann obair ar aghaidh ar oibleagáidí tuairiscithe reachtúla agus ar dhíriú ar phríomhúsáideoirí fuinnimh na Comhairle, lena n-áirítear foirgnimh, soilsiú poiblí, úsáid leictreachais agus breosla iompair d'fhonn tuilleadh éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach.

Soilsiú Poiblí

Tá conradh ag an gComhairle le Energia a bhaineann le fuinneamh neamh-mhéadraithe agus méadraithe a sholáthar chun an líonra de shoilse poiblí ar fud an chontae a choimeád ag soilsiú.

Rinne an Chomhairle, i gcomhar leis na húdaráis áitiúla eile i réigiún Chonnacht, conradh cothabhála don réigiún le Electric Skyline Limited i mí Dheireadh Fómhair 2020. Bhain an conradh seo le deisiúcháin ghinearálta ar an gcóras agus bhí rátaí iomaíocha le haghaidh soilsiú poiblí a chothabháil, a dheisiú agus a fheabhsú mar thoradh air. Tá thart ar 8,000 solas poiblí i gContae Ros Comáin agus 68% uasghrádaithe go LED, rud a fhágann coigilteas suntasach fuinnimh.

Tá an Chomhairle lonnaithe i Réigiún 3 don *Tionscadal Náisiúnta Iarfheistithe LED* agus shínigh sí Comhaontú Alt 85 le Comhairle Contae Mhaigh Eo maidir leis an *Tionscadal Éifeachtúlachta Fuinnimh do Shoilsiú Poiblí (PLEEP)*. Tá oibreacha uasghrádaithe ar shoilsiú poiblí ar siúl fós i gContae Ros Comáin tríd an gconradh cothabhála le Electric Skyline Limited. Cuirfear an soilsiú poiblí eile atá le huasghrádú san áireamh le *PLEEP*.

Dearbhú de réir I.R. 542 de 2009

Forléargas ar Úsáid Fuinnimh

In 2023, chaith an Chomhairle €1.8 milliún ar tháillí a bhain le fuinneamh agus is iad seo a leanas na príomhchatagóirí:

- › Muirir a bhain le fuinneamh agus cothabháil an tsoilseithe phoiblí;
- › Muirir leictreachais a bhain le soilsiú, trealamh agus téamh spáis;
- › Breosla iompair.

Gníomhaíochtaí a Rinneadh

Ó 2010 i leith, thug an Chomhairle faoi raon tionscnamh chun a feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear:

- › Monatóireacht agus tuairisciú ar úsáid fuinnimh;
- › Oiliúint i ndáil le fuinneamh;
- › Feachtais feasachta;
- › Oiliúint tiománaithe;
- › Oifigí na Comhairle i mbaile Ros Comáin a chomhdhlúthú i gCeanncheathrú Cathartha amháin saintógtha le coigilteas fuinnimh dá bharr;
- › Uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh ar fhoirgnimh agus ar shoilsiú poiblí.



Lean an Chomhairle ar aghaidh sa bhliain 2023 le tionscnaimh chun a feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú lenar áiríodh soilse poiblí a iarfheistiú le soilse LED ar bhóithre agus eastáit éagsúla ar fud an chontae. Cuireann na bearta seo le coigilteas suntasach bliantúil a bhaineann le fuinneamh don Chomhairle. I mBealtaine 2021, thuairiscigh an Chomhairle gur bhain sí laghdú 38.1% amach maidir le húsáid fuinnimh faoi dheireadh 2020 bunaithe ar bhonnlíne 2009, agus ar an mbealach sin sháraigh sí an sprioc de fheabhsú 33% i gcomhthéacs cheangaltas AE agus náisiúnta na hÉireann. Léiríonn sonraí faireacháin agus tuairiscithe fuinnimh an SEAI don bhliain 2022 go bhfuil feabhas 40.5% bainte amach ag an gComhairle ar éifeachtúlacht fuinnimh.

Gníomhaíochtaí atá Beartaithe

Tá sé beartaithe ag an gComhairle a feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh trí tabhairt faoi na tionscnaimh seo a leanas:

- › *Plean Gníomhaíochta Fuinnimh* Ilbhliantúil;
- › Monatóireacht agus iniúchtaí fuinnimh ar réimsí ina n-úsáidtear méid suntasach fuinnimh, le bheith mar bhonn eolais faoi phleananna d'oibreacha uasghrádaithe;
- › Feachtais feasachta leis an bhfoireann uile;
- › Tionscadail uasghrádaithe fuinnimh tógála i gcomhpháirtíocht leis an SEAI agus MEA;
- › Uasghráduithe LED ar shoilse poiblí atá ann cheana.



Acmhainní Daonna

Déanann an Roinn Acmhainní Daonna cultúr ina dtugtar tús áite do sheirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí sna bealaí seo a leanas: pleanáil fórsa saothair; earcaíocht agus roghnú ball foirne; oiliúint agus forbairt; bainistiú feidhmíochta; forbairt ar cheannasaíocht; leas na mball foirne; polasaithe agus nósanna imeachta Acmhainní Daonna a aontaíodh a fhorbairt agus a sholáthar; timpeallacht dhaingean oibreachais a chur ar fáil agus timpeallacht chothrom chomhairleach thacúil a chruthú.

Pleanáil d'Fhórsa Saothair

Aithníonn an Chomhairle gurb iad a fostaithe an acmhainn is luachmhaire laistigh den eagraíocht. Tá ról thar a bheith tábhachtach acu maidir le cuspóirí corparáideacha agus gnó na comhairle a bhaint amach agus tá siad riachtanach ó thaobh athruithe a chur i bhfeidhm. Déanann an Rannóg Acmhainní Daonna a cuid fostaithe a imlonnú, a fhorbairt agus a bhainistiú d'fhonn dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le timpeallacht athraitheach oibre agus le seirbhís éifeachtúil éifeachtach a chur ar fáil don phobal. Bhí an próiseas earcaíochta thar a bheith gnóthach le linn 2023. Reáchtáladh agallaimh go cianda den chuid is mó, rud a chiallaigh go raibh gach deis ag iarrthóirí freastal ar a gcuid agallaimh. Bhí coinneáil foirne agus líonadh folúntais mar thosaíocht i rith na bliana i gcónaí. Ba é 490 líon iomlán na mball foirne a bhí fostaithe ag an gComhairle amhail an 31 Nollaig 2023.

Bainistiú Feidhmíochta

Is é *Plean Corparáideach* na Comhairle bunchloch a *gCórais Chomhtháite um Bainistiú Feidhmíochta*. Is é an *Plean Corparáideach* an bonn chun pleananna seirbhíse bliantúla, pleananna aonaid agus pleananna feidhmíochta comhtháite a ghiniúint. Déanann na pleananna sin cuspóirí, spriocanna agus tréimhsí a chur ar bun lena chinntiú go gcuirfidh gach fostaí san eagraíocht le seirbhís ar ardchaighdeán ar fáil don phobal.

Oiliúint agus Forbairt na mBall Foirne

Tá an Chomhairle tiomanta d'oiliúint agus forbairt na mball foirne, rud a bhaintear amach i mbealaí éagsúla, amhail réimse leathan deiseanna oiliúna agus forbartha, cláir forbartha ceannasaíochta agus deiseanna breisoideachais le cinnte a dhéanamh de go mbeidh an t-eolas, an oilteacht, na hinniúlachtaí agus na scileanna cuí ag fostaithe chun cuspóirí agus aidhmeanna na Comhairle a bhaint amach. Sheachaid an Roinn Acmhainní Daonna clár oiliúna agus forbartha cuimsitheach agus cothrom le linn 2023, lenar áiríodh oiliúint i réimsí cearta daonna & comhionannais na hÉireann, meabhairshláinte & folláine, tithíocht aoischairdiúil agus míchumas & cóiríocht réasúnta.

Ag Bailiú Nirt – Comhaontú Seirbhíse Poiblí 2021-2023

Trí Neart a Fhorbairt - Comhaontú Seirbhíse Poiblí 2021-2023 soláthraítear síneadh leis an gcreat de comhaontuithe seirbhíse poiblí lena n-áirítear an comhaontú is déanaí *An Comhaontú um Chobhsaíocht na Seirbhíse Poiblí (2018 - 2020)* a chuaigh as feidhm an 31ú Nollaig 2020. Déantar na nithe seo a leanas leis an gcomhaontú nua seo; dúshláin reatha a chur san áireamh, freagairt na seirbhísí poiblí ar na dúshláin sin a léiriú, iarracht a dhéanamh teacht ar réiteach cothrom maidir le buarthaí na ngrúpaí iomadúla éagsúla seirbhíseach poiblí lena mbaineann na comhaontuithe sin, agus dul i ngleic freisin le bearta áirithe a tugadh isteach faoi *Chomhaontú Bhóthar Haddington*.

Caidreamh Tionsclaíoch

Bíonn Roinn na nAcmhainní Daonna ag obair le haontais agus ionadaithe na mball foirne le caidreamh dearfach le fostaithe a bhaint amach agus a choinneáil. Tá an Roinn tiomanta i leith timpeallach mhaith a chur chun cinn ó thaobh caidreamh oibreachais de.

Bainistíocht Tinrimh

Cuidíonn *Beartas Bainistíochta Tinrimh* na Comhairle le timpeallacht oibre a sholáthar a uasmhéadaíonn agus a spreagann tinreamh fostaithe. Is é is aidhm don pholasaí sin neamhláithreacha a laghdú agus is é an toradh a bhíonn air soláthar feabhsaithe seirbhísí agus costais níos ísle. Cailleadh 3.64% de laethanta oibre na bliana 2023 mar gheall ar thinneas nó ar neamhláithreachas.

Bearta Gníomhachtaí an Fhórsa Saothair

Chomh maith leis sin thug an Chomhairle 1 phrintíseach isteach faoin *Scéim Dreasaigha Printíseachtaí* i réimse an Airgeadais. Is é an aidhm a chinntiú, ag deireadh an chláir, go mbeidh a scileanna agus inniúlachtaí feabhsaithe ag an rannpháirtí ina réimse saíneolais roghnaithe.

An Stiúrthóireacht um,
Athghiniúint,
Forbairt Eacnamaíoch,
Pobail Tuarasóireachta
agus Oidhreachta

Athbheochan agus Forbairt Eacnamaíoch

Is éard is cúram d'Aonad Tionscadail Speisialta agus Athnuachana Chomhairle Contae Ros Comáin tionscadail a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm d'fhonn an bealach a réiteach d'fhorbairt gheilleagrach agus tuaithe fud fad an chontae.

An Ciste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach (URDF)

I measc na gníomhaíochta in 2023 bhí an méid seo a leanas:

- Críochnú Spás Cathartha Clúdaithe uathúil agus buailte i gCearnóg an Mhargaidh, Ros Comáin. Nochtadh an tobar stairiúil freisin. Fostaíodh ealaíontóirí chun lánaí a fheabhsú go Cearnóg an Mhargaidh agus chun píosaí dealbhóireachta a sholáthar. Táthar ag súil go gcríochnófar na hoibreacha seo in 2024;
- Ceadaíodh iarratas ar luach €12.3m do thionscadal *Bhaile Ros Comáin – Ag Cur na Spócaí Ar Ais sa Roth* i Ráithe 1, 2021. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo tailte cúil na Príomhshráide, páirceanna miondíola agus Cuarbhóthar a nascadh chun tacú le croí an bhaile agus bealach imlíne rothaíochta. Cuireadh oibreacha dearaidh ar an tionscadal chun cinn in 2023. Fuarthas cead pleanála Cuid 8 le haghaidh eilimint feabhsúcháin fearainn phoiblí Bhaile Ros Comáin Thoir den tionscadal, lena n-áirítear Bóthar Bhaile Átha Luain, Sráid Mhic Eochaidh, Sráid Anraí, Sráid na hEaglaise agus an Cuarbhóthar ó Caseys go Bóthar Bhéal Átha Liag. Táthar ag súil go gcuirfear tús le tógáil in 2024.



An radharc ar Shráid an Chaisleáin ón an Spás Cathartha Faoi Dhíon i gCearnóg an Mhargaidh, Co. Ros Comáin.



An Tobar Stairiúil, Cearnóg an Mhargaidh, Ros Comáin.



An Spás Cathartha Clúdaithe san oíche, Cearnóg an Mhargaidh, Ros Comáin.

An Ciste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach (RRDF)

I measc na gníomhaíochta in 2023 bhí an méid seo a leanas:

- Oibreacha ar athfhorbairt shuíomh an Royal Hotel i Mainistir na Búille isteach in ionad fiontair agus spás pobail *An Ríoga* a críochnaíodh i rith na bliana agus sheol an tAire Heather Humphries an foirgneamh go foirmiúil i mí Iúil 2023;
- Rinneadh dul chun cinn suntasach ar obair thógála ar *Mhol Bia an Chaisleáin Riabhaigh*;
- Cuireadh tús le hoibreacha ag *Spás Eolaíochtaí Beatha Fhearann na Manach* agus *Bog-Thirlingthe*;
- Oibreacha substaintiúla ar thionscadal *Ag Spreagadh Lár Bhaile Mhainistir na Búille* agus *Teach King*. Críochnaíodh cuid mhaith uasghráduithe ar Theach an Rí, lena n-áirítear taispeántais, oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh agus áiseannaampaís. Cuireadh tús freisin le hoibreacha ar fheabhsúcháin an fhearainn phoiblí ag Sráid an Droichid agus Sráid na Siopaí lena n-áirítear an carrchlós in aice láimhe. Tá na hoibreacha seo le bheith críochnaithe in 2024;
- Bronnadh an conradh tógála le haghaidh feabhsúcháin ar an *Réimse Poiblí i mBealach an Doirín*. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis na hoibreacha in 2024;



An tAire Heather Humphries ag oscailt An Ríoga go hoifigiúil, Iúil 2023.

- Baineadh amach pleanáil Chuid 8 in 2023 don *Scéim Feabhsúcháin ar an Réimse Poiblí i mBéal na mBuillí*. Cuireadh iarratas ar chiste tógála isteach don tionscadal agus táthar ag fanacht le cinneadh maoinithe in 2024;
- Cuireadh tús le réamhoibreacha dearaidh ar an *Tionscadal Ag Cur an Croí i dTalamh na Manach*. Bhí imeachtaí comhairliúcháin phoiblí ar siúl in 2023 agus leanfar leo go dtí 2024. Tá iarratas pleanála Cuid 8 sceidealaithe do 2024 freisin;
- Foireann deartha a cheapadh do *thionscadal Leabharlann Pobail Mhainistir na Búille*. Foilseofar tairiscint tógála in 2024.

Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte

In 2023, tugadh roinnt tionscadal bailte agus sráidbhailte chun críche, lena n-áirítear tionscadail ag Cluain Fad, Ceithre Bhóthar agus an Díseart. I measc na n-oibreacha a rinneadh tá soláthar limistéir phábháilte do choisithe, limistéir cruinnithe lasmuigh, moil dhigiteacha, soilsiú sráide, troscán sráide, racaí rothar, tírdhreachú agus péinteáil. D'éascaigh *Maoiniú Forbartha Tionscadal Bailte agus Sráidbhaile* freisin coimisiúnú agus críochnú staidéar féidearthachta timpeall ar mholtaí chun 2 iarbheairic an Gharda Síochána i mBaile an Tobair agus i dTearmann Bearaigh a athchur ina spásanna pobail ilchuspóireacha.

Mar thoradh ar mhaoiniú freisin rinneadh dul chun cinn do roinnt tionscadal eile lena n-áirítear tús a chur le hoibreacha suntasacha i mBaile an Tobair, Fearann na Manach, Áth Liag, Béal Átha na gCaor agus Muinchille. I measc na n-oibreacha seo tá forbairt páirceanna pobail, páirceanna spóirt agus taitneamhachtaí áineasa le limistéir suí agus léirithe, cosáin siúil, pláda, gaiséabóanna and áiteanna súgartha do choisithe.



Sráidbhaile Chluain Fada – Limistéar Cruinnithe Allamhagh.

Ag leanúint leis an treocht i dtreo infheistíocht shuntasach i dtaitneamhachtaí pobail, cuireadh iarratais nua isteach freisin in 2023, atá ag fanacht le cinneadh maoinithe in 2024. Ina measc seo tá iarratais ar Fhearann na Manach, Bealach an Doirín, Béal na mBuillí, Ail Finn agus Baile an Phluincéid.

Scéim Feabhsúcháin Shráid-dreacha Sráidbhailte agus Bailte

In 2022, roghnaíodh Baile an Locha don Scéim *Deontais um Fheabhsú Sráid-dreach na mBailte agus na Sráidbhailte*, a bhí maoinithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Críochnaíodh an obair in 2023. Chuir an scéim sráid-dreacha feabhas mór ar ghné amhairc an bhaile.



An Díseart - Limistéar Pábháilte do Choisithe.



Feabhsú Sráid-dreach Baile agus Sráidbhailte, Baile an Locha.

Scéim um Bonneagar Áineasa Lasmuigh (ORIS)

Bhí an tAonad Athnuachana cruógach in 2023 agus na tionscadail seo a leanas á gcur chun cinn acu:

- Críochnaíodh oibreacha ar limistéar taitneamhachta Chladach an Dúin i Mainistir na Búille. Ina measc seo bhí feabhsú na mbóithre isteach agus limistéir tráchta agus forbairt cosáin, limistéir phábháilte, imlíne, faichí, binsí agus seastán rothair. Críochnaíodh tionscadail níos lú freisin i nGort an Ghainimh, i bPáirc Foraoise Loch Cé, i Mainistir na Búille agus i bPáirc Chomharsanachta an Pháláis, Ail Finn. I measc na n-oibreacha bhí plandáil agus uasghrádú ar áiseanna agus ar rianta siúlóide;
- Cuireadh tús le tionscadal *Uiscebhealaí Bhaile an Tobair agus Bhéal Átha Mó* nuair a críochnaíodh fána shubstantiúil in 2023. Táthar ag súil go dtabharfar an dara fánán agus oibreacha coimhdeacha i gcrích in 2024;



Nód 1 – Baile Átha Liag.

- Críochnaíodh oibreacha go suntasach ar fhorbairt na taitneamhachta áineasa a nascann an dá mhuiríne i mBaile Átha Liag. Áiríodh leis na hoibreacha seo 2 nód faire amach a chur leis, oibreacha tírdhreachaithe le spás gairdín tiomnaithe, dromchla nua a chur ar an gcarrchlós, scáthlán nua agus comharthaí breise. Déanfar na hoibreacha eile in 2024;
- Cuireadh roinnt tionscadal eile maoinithe ag ORIS chun cinn trí thairiscint dearaidh agus tógála in 2023 lena n-áirítear *Páirc Fionnachtana na hAirgní agus Conair na Mianadóirí, Cosáin Lúbacha Ráth Cruachan, Seoladh Cadhc Inrochtana Uisce Thuaidh agus Dealbhóireacht Céadfach Pháirc an Mhóta agus Eispéireas Conairí*. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis na tionscadail seo a thógáil in 2024;
- Rinneadh iarratais bhreise ar mhaoiniú in 2023 chun oibreacha a dhéanamh lena n-áirítear athchóiriú agus uasghrádú na n-áiseanna atá ann cheana féin agus feabhsú agus cur leis na cosáin, suíocháin, cosáin agus comharthaíocht in áiteanna ar nós Dún Iomáin, Mainistir na Búille, Ail Finn, Áth Liag agus An Caisleán Riabhach.

Ag deireadh 2023, bhí breis agus 50 tionscadal gníomhach ag an Aonad Athghiniúna ar fud an Chontae ag céimeanna éagsúla dul chun cinn. Tá beagnach €45 milliún de mhaoiniú na Roinne i gceist leis na tionscadail seo agus cuireann an Chomhairle maoiniú de bhreis ar €10 milliún ar fáil.



Áit Suíocháin Nód 2 – Béal Átha Liag.

An Tionscnamh um Thús Áite do Láir Bailte

Tá sé mar aidhm ag tionscnamh *Tús Áite do Lár an Bhaile* ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail lár bailte a chruthú a fheidhmíonn mar láithreacha inmharthana, bríomhara agus tarraingteacha le go bhféadfaidh daoine cónaí, oibriú agus cuairt a thabhairt orthu. Ba é Béal na mBuillí an chéad bhaile i gContae Ros Comáin a chríochnaigh a *Phlean Thús Áite Lár an Bhaile*. Leagtar amach *Plean Bhéal na mBuillí 2040 Tús Áite Lár an Bhaile* 8 dtogra bunathraithe a thaispeánann fíis do Bhéal na mBuillí go dtí 2040 agus tá sé ar fáil ar www.roscommoncoco.ie.

Ag Triall ar Ros Comáin

Nuair a dheonaíonn an tÚdarás Rialaithe Foirgníochta Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas is deimhniú é gur chloígh dearadh oibreacha áirithe [e.g. foirgnimh úra (seachas tithe cónaithe), agus roinnt síntí ar fhoirgnimh agus roinnt athruithe ábhartha ar fhoirgnimh (seachas tithe cónaithe)] leis na ceanglais de Chuid M de na Rialacháin maidir le Rialú Foirgníochta. Cuireadh 34 iarratas isteach ar Theastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas agus 1 iarratas amháin ar Theastas Rochtana Athbhreithnithe do Dhaoine faoi Mhíchumas in 2023. Rinneadh 12 iniúchadh ar láithreáin maidir leis na hiarratais seo.

Gníomhaíocht Forfheidhmiúcháin Eile

Is í an Chomhairle an t-údarás forfheidhmiúcháin ainmnithe freisin maidir le comhlíonadh na reachtaíochta a leanas a chinntiú:

- Margaíocht táirgí foirgníochta i gcomhréir le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Táirgí Foirgníochta) 2013 (S.I. Uimh. 225 de 2013); Aguisín I;
- Deimhnithe Rátála Fuinnimh Foirgnimh le haghaidh foirgneamh ar aon dul le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh) 2012 (I.R. Uimh. 243 de 2012); Aguisín II;
- Clárú foirgneamh ilstórach chun chríocha an Achta Rialtais Áitiúil (Foirgnimh Ilstóreacha) 1988.

Seirbhísí Éigeandála

I measc Sheirbhísí Éigeandála Chomhairle Contae Ros Comáin tá seirbhísí Dóiteáin, Bainistithe Éigeandála agus Cosanta Sibhialta.



Lá Oscailte na Seirbhísí Éigeandála ag Áras an Chontae, Ros Comáin.



D'óstáil Seirbhísí Dóiteáin Ros Comáin Comhdháil na bPríomhoifigeach Dóiteáin ag Caisleán Chill Rónáin, Béal Átha Fearnáin.

Seirbhísí Dóiteáin

Is í Comhairle Contae Ros Comáin an tÚdarás Dóiteáin reachtúil do Chontae Ros Comáin. Soláthraíonn a Seirbhís Dóiteáin réimse seirbhísí sábháilteachta agus forfheidhmithe dóiteáin sa bhreis ar a cuid seirbhísí briogáide dóiteáin oibríochtúla.

Sábháilteacht agus Forfheidhmiú Dóiteáin

D'fhreastail Seirbhísí Dóiteáin Ros Comáin ar roinnt teagmhas tromchúiseach ag teaghaisí príobháideacha, ag áitribh thráchtála, agus ag imbhuailtí tráchta ar bhóithre le linn 2023. D'iniúch sí 86 áitreabh agus thug sí comhairle/foláireamh do 18 n-áitreabh faoi Alt 18 de na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin.

Oibríochtaí na Seirbhíse Dóiteáin

Soláthraítear oibríochtaí na Seirbhíse Dóiteáin trí Chóras um Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde ISO 45001 creidiúnaithe ag NSAI. Cuireadh aonaid bhriogáide dóiteáin ina bhfostaítear 45 chomhraitheoir dóiteáin coimeáda páirtaimseartha ó Bhaile Ros Comáin, ó Bhealach an Doirín, ó Mhainistir na Búille, ó Ail Finn agus ó Bhéal na mBuillí ar a n-airdeall 274 huairte le linn 2023, lena n-áirítear freastal ar 67 n-imbhualadh tráchta. D'óstáil Seirbhís Dóiteáin Ros Comáin Comhdháil na bPríomhoifigeach Dóiteáin ag Caisleán Chill Rónáin, Béal Átha Fearnáin, agus réachtáil siad Lá Oscailte na Seirbhísí Dóiteáin ag Áras an Chontae, Ros Comáin, le linn na bliana.

Ceadúnú Tráchtála agus Pobail Áiteanna Siamsaíochta

Déantar foráil le haghaidh fógra iarratas ar cheadúnas nó ar dheimhnithe clárúcháin faoi reachtaíocht um sheirbhísí dóiteáin agus ceadúnú. Rinne Seirbhís Dóiteáin Ros Comáin iniúchtaí ar shábháilteacht dóiteáin ar réimse áitreabh poiblí in 2023. Éilítear ar an tSeirbhís Dóiteáin tuairiscí sábháilteachta dóiteáin a sholáthar tar éis iniúchtaí le haghaidh iarratas ar cheadúnas na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche le haghaidh áitribh shiamsaíochta phoiblí, clárú stóras pléascán ag an nGarda Síochána, agus ceadúnais substaintí contúirteacha builc agus siopaí miondíola breosla (peitрил agus díosail).

Bainistíocht Éigeandálaí

Éascaíonn Seirbhís Dóiteáin Ros Comáin ullmhú an Phlean um Mór-éigeandálaí agus cur chun feidhme na freagrachta gaolmhaire ón gComhairle agus ó ghníomhaireachtaí freagartha eile (an Garda Síochána agus Seirbhís Otharcharranna FSS).

Cosaint Shibhialta

Freagairt Leighis

Le linn 2023, d'fhreastail oibrithe deonacha cosanta sibhialta ar chúrsaí, lena n-áirítear cúrsaí faoi conas bheith i do Chéad Fhreagróir ar Eachtra Chairdiach (CFR) agus i do Chéad Fhreagróir Garchabhrach (FAR). Chríochnaigh 8 n-oibrí dheonacha an cúrsa faoi bheith i do Chéad Fhreagróir ar Éigeandáil (EFR). Chríochnaigh 5 oibrí dheonacha an oiliúint Hugs@Home agus iad in ann scileanna praiticiúla bainistithe struis a mhúineadh dá gcomhoibrithe deonacha anois.

Cuardach agus Tarrtháil

In 2023, rinneadh 4 oibríocht chuardaigh agus, lena linn sin, tugadh cúnamh do Chosaint Shibhialta Mhaigh Eo, cúnamh arbh ionann é agus 400 uair dualgas a dhéanamh. Ar na oibríochtaí chuardaigh seo bhí idir chuardaigh ar muir agus chuardaigh ar tír, oibríochtaí le drón agus tacaíocht léarscáilithe.

Oibríochtaí Báid

Bhí 2023 an-ghnóthach i dtaca le hoibríochtaí bád de, go háirithe maidir le tacú le cuardaigh ar dhaoine a chuaigh ar iarraidh san uisce chomh maith le clúdach bád a thabhairt ag imeachtaí ar uisce amhail trí-atlain, *Lá na gCúramóirí* agus comórtais iascaireachta.

Tá 2 liagóir nua tar éis oiliúint in oibríochtaí báid a chríochnú fad is ar thug 5 oibrí dheonacha eile faoin gcúrsa oiliúna i Teicníc Fhéintharrthála sa Choláiste Muirí Náisiúnta i gCorcaigh.



D'fhreastail lucht Cosanta Sibhialta ar theagmhas a tharla ar uiscebhealach intíre.

Lá Náisiúnta na Seirbhísí

I Meán Fómhair 2023, d'óstáil Ros Comáin *Lá Náisiúnta na Seirbhísí* i mBéal na mBuillí. Thug an t-imeacht seo deis do na príomhghníomhaireachtaí freagartha an deis teacht le chéile agus trealamh agus seirbhísí dá gcuid a chur os comhair an phobail. Reáchtáladh seirbhís chuimhneacháin i gcuimhne ball nach maireann agus chun aitheantas a thabhairt don obair a dhéanann oibrithe túsline.

Faireachán Radaíochta

I mí na Bealtaine 2023, d'fhreastail 2 bhall ar an GCC i mBaile Átha Cliath d'fhonn oiliúint i Monatóireacht ar Radaíocht a fháil le go mbeidís réidh chun páirt a ghlacadh sa chleachtas monatóireachta radaíochta náisiúnta a bhí le tarlú i mí Meithimh.

Cúnamh Pobail

In 2023, chlúdaigh Cosaint Shibhialta Ros Comáin 125 dualgas agus d'oibrigh oibrithe deonacha 1000 uair chuige seo. Mar chuid de seo bhíodas ar dualgas ag cluichí peile, cluichí iománaíochta, rásaíocht capall, clinic fola, imeachtaí carthanachta agus *Camino na Carraige*.

Ghlac Cosaint Shibhialta Ros Comáin páirt freisin i 2 pharáid le linn 2023 agus d'fhreastail siad ar *Lá Oscailte Mhuintir na Polainne* agus ar imeachtaí *Lae Oscailte na nGardaí Síochána*.

Thaisteal 4 oibrí dheonacha go Lourdes i gcomhair oilitheacht 5 lá le hÓglaigh na hÉireann.



Cosaint Shibhialta ar dualgas ag Camino na Carraige.

Earcaigh Nua, Oiliúint agus Uasghráduithe

I gcaitheamh 2023, chríochnaigh 5 oibrí dheonacha nua na ceanglais oiliúna éigeantaí agus cuireadh a n-ainmneacha ar an gclár oibrithe deonacha dá réir. D'éirigh le 1 oibrí deonach amháin an oiliúint teagascóra Swiftwater a chríochnú agus an duine sin in ann tacú anois leis an Aonad Cosanta Sibhialta oiliúint Swiftwater agus oiliúint in bheith i do Chéad Fhreagróir ar Thuile a chur ar oibrithe deonacha eile. Chríochnaigh oibrí deonach eile oiliúint le bheith ina T(h)eagascóir Cuardaigh. Ceannaíodh trealamh sonóra nua le cumas cuardaigh an aonaid cosanta sibhialta a threisiú.

I dtreo dheireadh 2023, chuathas i mbun oibre ar Cheanncheathrú nua do Chosaint Shibhialta Ros Comáin. Feabhsóidh an foirgneamh saintógtha seo cumas oibríochtúil tuilleadh.

Tuarascáil an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil

Is é an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) atá freagrach go príomha as an *bPlean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil* a chomhordú, a phleanáil agus a mhaoirsiú.



Seo a leanas forléargas ar an méid a bhí idir lámha ag an CFPÁ in 2023:

- Déanann fochoistí de chuid an CFPÁ measúnú agus déanann siad moltaí don CFPÁ iomlán. Is iad fochoistí CFPÁ Ros Comáin:
 - Fochoiste Sláinte agus Folláine – Is é €210,721.42 buiséad bhabhta 4 Éire na Sláinte 2023-2025;
 - Fochoiste SICAP (An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail) - Dámhadh an Conradh ar Glao SICAP 2024-2028 do Roscommon Integrated Cuideachta Forbartha CTR ag trádáil mar Roscommon LEADER Partnership agus buiséad €4,403,855 ar láimh aici;
 - Chuir an Fochoiste Deontas moltaí faoi bhráid an CFPÁ maidir le hiarratais a chur isteach ar shruthanna cistiúcháin amhail an *Scéim um Fheabhsú Pobail* agus an *Ciste Tacaíochta Pobail*.
- Faomhadh an *Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) 2023-2029*.
- SICAP: *Ceadaíodh Tuarascáil Dheireadh na Bliana 2022*; Faomhadh an *Plean Bliantúil 2023*.
- *Faomhadh An Straitéis um Imeachadh Imirceach 2023-2028*;
- *Faomhadh an Straitéis i leith Forbairt Áitiúil (LDS)*. Chuir an Chuideachta LEADER an straitéis le chéile i gcomhréir leis na dtreoirilínte a d'eisigh an Roinn.

Tionóladh 10 gcruinniú CFPÁ in 2023.

Tábla 1: Cruinnithe CFPÁ in 2023

Dáta	% an Tinrimh
an 18 Eanáir 2023	71%
an 7 Márta 2023	63%
an 22 Márta 2023	63%
an 31 Bealtaine 2023	68%
an 5 Iúil 2023	74%
an 19 Iúil 2023	63%
an 23 Lúnasa 2023	78%
an 20 Meán Fómhair 2023	78%
an 22 Samhain 2023	58%
an 13 Nollaig 2023	58%

An Próiseas Rannpháirtíochta

Rinneadh céim an chomhairliúcháin phoiblí den LECP le linn mhí an Mhárta, mhí Aibreáin agus mhí Bealtaine in 2023.



Bhí **4000+** duine rannpháirteach ar líne trí ardáin na meán sóisialta



60+ rannpháirtithe ar fud na bhfócasghrúpaí pobail

300+

rannpháirtithe ag seisiúin phoiblí aiseolais agus eolais



275+

freagra ar an suirbhé poiblí

2,000+
LEANTÓIRÍ

thar ardáin éagsúla na meán sóisialta

100+


freagra ar an suirbhé PPN

Freagróirí an LECP ar an suirbhé poiblí


Náisiúntacht




Aois



Inscne



Féiniúlacht arna fheintuairisciú



Próiseas Comhairliúcháin LECP.

Ballraíocht an CFPÁ amhail an 31 Nollaig 2023

Colún	Gníomhaireacht / Foras Ainmnithe	Líon na nAinmnithe	Ainm an Ainmní
Leasanna Reachtúla			
Rialtas Áitiúil	Comhaltaí Chomhairle Contae Ros Comáin	3	An Comhairleoir Laurence Fallon An Comhairleoir Paschal Fitzmaurice An Comhairleoir Nigel Dineen
Oifigigh an Údaráis Áitiúil	Feidhmeannas Chomhairle Contae Ros Comáin	2	An tUasal Shane Tiernan, Príomhfheidhmeannach Iníon Louise Ward, Ceann LEO (Oifig Fiontair Áitiúil)
Gníomhaireacht Stáit	Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin	1	Iníon Lynne Keery
Gníomhaireacht Stáit	An Roinn Coimirce Sóisialaí	1	Iníon Patricia Gilbride
Gníomhaireacht Stáit	Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte	1	An tUasal Eamon Hannan
Gníomhaireacht Stáit	Teagasc	1	An tUasal Tom Kellegher
Leasanna Neamhreachtúla			
Forbairt Áitiúil & Pobail	Cuideachta Chomhpháirtíocht LEADER Ros Comáin	1	Iníon Carina Lennon
Ionchuimsitheacht Shóisialta (Príobháideach)	Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)	1	Iníon Rita Kearney
	PPN	1	An tUasal Kevin Conry
Pobal & Deonach (Príobháideach)	PPN	1	An tUasal Vincent Moran
	PPN	1	An tUasal Gerard Fallon
Colún an Chomhshaoil	PPN	1	Folamh
Leasanna Sóisialta, Geilleagracha & Pobail	Feirmeoireacht & Talmhaíocht	1	An tUasal Jim O'Connor
Leasanna Sóisialta, Geilleagracha & Pobail	Ionadaí Gnó	1	An tUasal Gareth Scahill
Leasanna Sóisialta, Geilleagracha & Pobail	Ionadaí Ceardchumainn	1	An tUasal Pat Compton
Leasanna Sóisialta, Geilleagracha & Pobail	An Earnáil Mhíchumais	1	Iníon Helen Hunt
Líon Iomlán na gComhaltaí		19	

Clár Achomair LEADER 2023 lena n-áirítear EURI (Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh)

Téama	Fothéama	Buiséad Bunaidh Tionscadail	Líon na dTionscadal a faomhadh go deireadh na bliana 2023	Luach na dTionscadal a faomhadh go deireadh na bliana 2023
Forbairt an Gheilleagair Tuaithe, Forbairt Fiontraíochta agus Cruthú Post	Turasóireacht na Tuaithe	€1,014,141.25	3	€49,961.12
	Forbairt Fiontair	€1,738,595.07		
	Bailte Móra na Tuaithe	€1,340,000.00		
	Leathanbhanda	€20,645.58		
Ionchuimsiú Sóisialta	Seirbhísí Bunúsacha	€2,231,412.13		
	Óige na Tuaithe	€406,663.17		
Comhshaoil na Tuaithe	Acmhainní Uisce	€72,709.66		
	Bithéagsúlacht	€166,061.48		
	Fuinneamh In-athnuaite	€200,000.00	1	€81,700.00
	Comhoibriú	€174,547.99		
	Clár Bia Náisiúnta	€201,321.50		
Iomlán:		€7,566,097.83	4	€131,661.12

Tuarascáil maidir leis an bPlean Corparáideach

Ullmhaíodh *Plean Corparáideach 2019-2024* Chomhairle Contae Ros Comáin i gcomhréir leis na forálacha reachtúla a leagtar amach in Alt 134 den Acht Rialtais Áitiúil 2001, arna leasú ag Alt 49 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014. Ghlac Comhaltaí Tofa leis go foirmiúil ag Cruinniú Iomlánach Comhairle dá gcuid i mí Feabhra 2020.

Tá an *Plean Corparáideach* i gcroílár ghníomhaíocht ghnó na Comhairle. Déantar é a ullmhú ar bhunús cur chuige straitéiseach ar fud na heagraíochta lena gcuimsítear feidhmeanna agus freagrachtaí éagsúla na Comhairle. Leis an bplean, cuirtear creat leathan le haghaidh gníomhaíochta ag an gComhairle ar fáil thar thréimhse 5 bliana agus príomhghnéithe beartais náisiúnta agus riachtanais eacnamaíocha, shóisialta agus chultúrtha an phobail agus na saoránaigh ar a bhfreastalaíonn sí orthu á dtabhairt san áireamh.

Ullmhaíodh *Plean Corparáideach 2019-2024* tar éis próiseas comhairliúcháin leathan agus páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha i gceist. Áiríodh leis sin comhairliúchán leis an bhfoireann, le Comhaltaí Tofa agus leis an bpobal i gcoitinne trí shuirbhé a rinneadh ar ardáin na meán sóisialta.

Leagtar amach sa phlean cuspóirí na Comhairle chun í a éascú a misean a chur i bhfeidhm go rathúil, **'ag cinntiú, trí chomhoibriú agus trí cheannaireacht láidir a sholáthar i gcomhpháirtíocht leis an bpobal, gur áit tharraingteach, uilechuimsitheach, rathúil agus spleodrach é Contae Ros Comáin chun maireachtáil ann, infheistiúchta a dhéanamh ann, oibriú ann agus cuairt a thabhairt air'**. Tá na cuspóirí seo dírithe ar na 3 thosaíocht seo a leanas:

- **Cáilíocht na beatha agus folláine do chách;**
- **Forbairt gheilleagragh agus pobail;**
- **Seirbhísí ardchaighdeán dár ndaoine.**



Is ann don *Phlean Corparáideach* go príomha le bheith mar chreat ina ndéantar *Pleananna Bliantúla Seirbhíse* a cheapadh. I *bPlean Bliantúil Soláthair Seirbhísí 2023* de chuid Chomhairle Chontae Ros Comáin, rinneadh straitéisí tacaíochta mionsonraithe as cuspóirí *Phlean Corparáideach 2019-2024* do gach rannóg agus aonad gnó don bhliain mar aon le gníomhaíochtaí i dtaca le soláthar seirbhísí chomh maith le méadracht trínar féidir dul chun cinn a thomhas. Cuireadh gnéithe áirithe den *Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhísí 2023* i gcrích trí *Sceidil Oibreacha an Cheantair Bhardasaigh* a d'fhorbair gach Ceantar Bardasach.

I dtaca le dul chun cinn a dhéanamh maidir le cuspóirí straitéiseacha agus gníomhaíochtaí an *Phlean Corparáidigh* sa *Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhísí 2023* a bhaint amach, i measc bhuaicphointí na bliana 2023 bhí:

- D'éirigh leis an Roinn Tithíochta 57 aonad tithíochta sóisialta a sholáthar faoin *gClár um Éadail agus Tógáil*.
- Tugadh an *Measúnú Bliantúil ar Riachtanais Tithíochta Sóisialta* chun críche.
- Faoi dheireadh 2023, bhí tacaíocht á tabhairt do 329 teaghlach faoin *Scéim Cóiríochta Cíos (RAS)*.
- Freastalaíodh ar 79 iarrthóir faoin *Scéim Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP)*, rud a d'fhág go bhfuiltear ag freastal ar 982 iarratasóir anois.
- Fuair an Chomhairle 55 iarratas faoina *Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí* agus 40 iarratas ar *lasacht Tithíochta Údaráis Áitiúil*.
- B'ionann leithdháiltí Maoinithe do *Bhóithre Náisiúnta* agus do *Bhóithre Neamhnáisiúnta* Chontae Ros Comáin agus beagán le cois €48m.
- Síníodh an conradh chun an *Tionscadal Bóthair idir Bealach an Dóirín agus Scramóg* a thógáil.
- Tosaíodh céim dhearaidh agus mheasúnaithe an *Tionscadail Bóthair idir Cora Droma Rúisc agus Dromad ar an N4*.
- Críochnaíodh breis agus 420 tionscadal ar *Bhóithre Réigiúnacha* agus *Áitiúla*.
- Fuair an Chomhairle leithdháileadh €2.5m faoin *gClár Infheistíochta um Thaisteal Gníomhach*.
- Leanadh le hobair ar an bpróiseas *Feidhmiú Céimneach Leathanbhanda Snáithín National Broadband Ireland*. Tá ionaid réadmhaoinne i mBéal Átha na Sluaighe, Ros Comáin agus i gCora Droma Rúisc nasctha leis an líonra leathanbhanda anois.
- Fuarthas 707 iarratas pleanála. Rinneadh 333 cinneadh cead pleanála a dheonú.
- Seirbheáladh 49 Litir Foláirimh agus 24 Fhógra Forfheidhmithe maidir le forbairt neamhúdaraíthe a líomhnaíodh. Cuireadh tús le caingean dlí i 6 chás.
- Cuireadh tús le comhairliúchán poiblí faoi *Dhréachtphean Ceantair Áitiúil Bhaile Ros Comáin*.
- Cuireadh tús le comhairliúchán poiblí faoi *Dhréachtphean Ros Comáin um Ghníomhú ar Son na hAeráide*.
- Tugadh clár isteach chun aird mhuintir Ros Comáin a Tharraingt ar *Ghníomhú ar Son na hAeráide* mar thaca leis an bpróiseas comhairliúcháin i leith *Dhréachtphean Ros Comáin um Ghníomhú ar Son na hAeráide*.
- Seoladh *Ciste Pobail um Ghníomhú ar Son na hAeráide* ag deireadh na bliana agus €402,000 leithdháilte ar Chontae Ros Comáin.
- Leithdháileadh deontas €139,043 ar an gComhairle ón *gCiste um Chomhshaol* chun tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh fhorfheidhmithe tiomnaithe agus intomhaiste.
- Rinneadh comhairliúchán poiblí agus chuathas chun cainte leis an bpobal maidir le *Plean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola i dtreo Geilleagar Ciorclach*.
- Rinneadh 82 suirbhé ar thruailliú bruscair faoin *gCóras Náisiúnta Monatóireachta maidir le Truailliú ó Bhruscar*.
- Tháinig *Fo-dhlíthe Chorrthrádála athbhreithnithe* i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2023.
- Críochnaíodh an Spás Cathartha Faoi Dhíon i gCearnóg an Mhargaidh, Co. Ros Comáin.
- Críochnaíodh an obair a bhí ar siúl chun láithreán an Royal Hotel i Mainistir na Búille a athfhorbairt mar ionad fiontar agus ina spás don phobal.
- Dámhadh an conradh tógála le haghaidh oibreacha feabhsúcháin a dhéanamh ar *Ríocht Phoiblí Bhealach an Dóirín*.
- Leithdháileadh €709,628 ar 15 eagraíocht pobail faoin gclár *CLÁR 2023*.
- Leithdháileadh €279,884 ar an gComhairle faoin *gCiste Tacaíochta Pobail*. Maoiníodh 152 grúpa pobail.
- Fuair an Chomhairle €689,057 faoin *gCiste Aitheantais Pobail*. Cinneadh go ndeonófaí maoiniú do 19 tionscadal.
- Tugadh an *Straitéis um Imeachadh Imirceach* chun críche.
- Thacaigh an Oifig Fiontar Áitiúil le 171 gnólacht (a bhfuil 996 duine fostaithe iontu) trí chistiú deontais a thabhairt dóibh.
- Bronnadh onóir ar 21 dhuine agus fhoireann ag Fáiltiú Cathartha in Ionad Ealaíon Ros Comáin.
- Ba €72.8m agus €52m faoi seach méid an chaiteachais a tabhaíodh i gCuntas Chaipitil Ioncaim na Comhairle.

Ba i bhfoirm Tuarascálacha Míosúla agus Ráithiúla do na Comhaltáí Tofa a rinneadh tuairisciú ar *Phlean Corparáideach 2019-2024* agus ar *Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhísí 2023*. Tuairiscíodh orthu freisin trí leas a bhaint as próisis tuairiscithe inmheánaí agus seachtraí agus as próiseas na dTáscarí Seirbhíse, rud a rinneadh i gcomhréir le *Treorlínthe an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC)*. Tá tuairisc iomlán ar Tháscarí Seirbhísí don bhliain 2023 ar fáil in *Aguisín 1* sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

Aguisín 1: Táscairí Feidhmíochta 2023

C: CORPARÁIDEACH

C1: Coibhéis Lánaimseartha ar an Iomlán	
A. Coibhéis lánaimseartha (CL) na mball foirne amhail an 31 Nollaig 2023	425.02
C2: Laethanta oibre a cailleadh de dheasca tinnis	
A. Céatadán na laethanta oibre íoctha a cailleadh in 2023 de dheasca neamhláithreachas tinnis mar gheall ar shaoire a raibh teastas liachta ann ina leith	3.19%
B. Céatadán na laethanta oibre íoctha a cailleadh in 2023 de dheasca neamhláithreachas tinnis mar gheall ar shaoire a raibh féinteastas ann ina leith	0.29%
C3: Úsáid a baineadh as suíomh gréasáin agus meáin shóisialta an údaráis áitiúil	
A. Líon iomlán na n-amharc ar leathanaigh in aghaidh an duine ar shuíomhanna gréasáin an údaráis áitiúil sa bhliain 2023	0.89
B. Líon iomlán leantóirí in aghaidh an duine ag deireadh na bliana 2023 ar chuntais meán sóisialta an údaráis áitiúil	1.03
C4: An Costas Iomlán a Bhain le Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a Sholáthar de Réir na Coibhéise Lánaimseartha	
A. An méid iomlán a caitheadh ar TFC sa tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2023, arna roinnt ar líon na bhfostaithe CL a cuireadh ar fáil faoi tháscaire C1	€4,811.99
C5. Costas foriomlán TFC mar chion den Chaiteachas Ioncaim	
A. Caiteachas uile ar TFC arna ríomh i C4 mar chion den chaiteachas ioncaim	2.81

E: DRAMHAÍL / COMHSHAOL

E1: Líon / Céatadán de na Teaghlaigh a bhfuil Rochtain acu ar Sheirbhís 3 Araid	
A. Líon na dtithe a bhain úsáid as seirbhís 3 bhosca bruscair a cuireadh ar fáil ag oibreoir ceadúnaithe amhail an 31 Nollaig 2023	6,546
B. Céatadán de na teaghlaigh laistigh de limistéar an údaráis áitiúil arb ionann an líon ag A (bunaithe ar cheirtleáin níos mó ná 500)	85.97%
E2: Líon na nGearán maidir le Truailliú Comhshaoil a Dúnadh	
A1. Líon iomlán na gcásanna truaillithe a ndearnadh gearán i ndáil leo le linn na bliana 2023	715
A2. Líon iomlán na gcásanna a dúnadh ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2023	716
A3. Líon iomlán na gcásanna idir lámha amhail an 31 Nollaig 2023	186
E3: Céatadán de Limistéar an Údaráis Áitiúil taobh istigh de na 5 Leibhéal de Thruailliú Bruscair	
A. Céatadán an limistéir san údarás áitiúil (nuair a rinneadh suirbhéireacht air in 2023) a bhí:	
1) gan truailliú nó saor ó bhruscar	29%
2) truaillithe de bheagán	56%
3) measartha truaillithe	12%
4) truaillithe go mór	1%
5) thar a bheith truaillithe	1%
E4: Stádas an Bhrait Ghlais	
A. Céatadán na scoileanna ar bronnadh stádas brait ghlas orthu nó ar éirigh leo a stádas brait ghlais a athnuachan sa dá bhliain go dtí an 31 Nollaig 2023	41.84%

ar lean >

E5: Éifeachtúlacht Fuinnimh	
A. An céatadán carnach de choigiltis fuinnimh a baineadh amach faoin 31 Nollaig 2023 i gcomparáid le bliain na bonnlíne (2009)	-46.20%
E6: Soilsiú Poiblí	
A. Ídiú bliantúil iomlán an chórais soilsithe poiblí	2,222.86 MWh
B. Vatacht inbhilleáilte gach solais poiblí ar an meán	75.82 W
C. Céatadán den chóras iomlán a bhfuil solais LED i gceist leis	65.05%
E7: An tAthrú Aeráide	
1A. An bhfuil Comhordaitheoir Gníomhaithe ar son na hAeráide ag an údarás áitiúil?	Tá
1B. An bhfuil Oifigeach Gníomhaithe ar son na hAeráide ag an údarás áitiúil?	Tá
2. An bhfuil Foireann Gníomhaithe ar son na hAeráide ag an údarás áitiúil?	Tá

F: SEIRBHÍS DÓITEÁIN	
F1: Costas per capita na Seirbhíse Dóiteáin	
A. Sonraí caiteachais ó Ráiteas Airgeadais Bliantúil Chlár E don bhliain 2023 arna roinnt ar dhaonra limistéar an údarás áitiúil de réir fhigiúirí Dhaonáireamh 2022i dtaobh an daonra a ndéanann an t-údarás dóiteáin freastal air de réir na dtuarascálacha Chéim a hAon den Chur Chuige Bunaithe ar Riosca	€38.52
F2: Slógadh na seirbhíse	
A. An t-am a glacadh ar an meán, i nóiméid, chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i stáisiúin lánaimseartha i ndáil le dóiteán	N/B
B. An t-am a glacadh ar an meán, i nóiméid, chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i stáisiúin páirtaimseartha (an tseirbhís dóiteáin ar áirithíocht) i ndáil le dóiteán	6.34 nóiméad
C. An t-am a glacadh ar an meán, i nóiméid, chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i stáisiúin lánaimseartha i ndáil le teagmhais éigeandála ar fad eile (nach dóiteáin iad)	N/B
D. An t-am a glacadh ar an meán, i nóiméid, chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i stáisiúin páirtaimseartha (an tseirbhís dóiteáin ar áirithíocht) i ndáil le teagmhais éigeandála ar fad eile (nach dóiteáin iad)	7.06 nóiméad
F3: Céatadán de na hamanna chun Freastal ar na Láithreacha	
A. Céatadán de na cásanna i ndáil le dóiteán a ndearnadh freastal den chéad uair ar an láthair taobh istigh de 10 nóiméad	24.18%
B. Céatadán de na cásanna i ndáil le dóiteán a ndearnadh freastal den chéad uair ar an láthair i ndiaidh 10 nóiméad ach taobh istigh de 20 nóiméad	58.24%
C. Céatadán de na cásanna i ndáil le dóiteán a ndearnadh freastal den chéad uair ar an láthair i ndiaidh 20 nóiméad	17.58%
D. Céatadán de na cásanna i ndáil le teagmhais éigeandála ar fad eile a ndearnadh freastal den chéad uair ar an láthair taobh istigh de 10 nóiméad	23.48%
E. Céatadán de na cásanna i ndáil le teagmhais éigeandála ar fad eile a ndearnadh freastal den chéad uair ar an láthair i ndiaidh 10 nóiméad ach taobh istigh de 20 nóiméad	62.61%
F. Céatadán de na cásanna i ndáil le teagmhais éigeandála ar fad eile a ndearnadh freastal den chéad uair ar an láthair i ndiaidh 20 nóiméad	13.91%

H: TITHÍOCHT**H1: Stoc Tithíochta Sóisialta**

A. Líon na dteaghaisí ar leis an údarás áitiúil iad amhail an 1 Eanáir 2023	1404
B. Líon na dteaghaisí a cuireadh le stoc an údarais áitiúil i gcaitheamh 2023 (cé acu a tógadh nó a fuarthas iad)	49
C. Líon na dteaghaisí ar leis an údarás áitiúil iad a díoladh sa bhliain 2023	8
D. Líon na dteaghaisí ar leis an údarás áitiúil iad a leagadh sa bhliain 2023	0
E. Líon na dteaghaisí ar leis an údarás áitiúil iad amhail an 31 Nollaig 2023	1445
F. Líon na dteaghaisí ar leis an údarás áitiúil iad atá pleanáilte lena leagan faoi scéim faofa de chuid na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil	0

H2: Folúntais Tithíochta

A. Céatadán líon iomlán na dteaghaisí ar leis an údarás áitiúil iad a bhí folamh an 31 Nollaig 2023	2.01%
---	--------------

H3: Tréimhse agus costas ar an meán chun an teaghais a ligean ar cíós arís

A. An méid ama a d'imigh thart ón dáta ar fágadh an teaghais folamh go dtí an dáta in 2023 nuair a tháinig tionónta nua chun cónaithe sa teaghais, ar an meán ar fud na n-aonad ar fad a ligeadh ar cíós arís le linn 2023	18.38 seachtain
B. An méid a caitheadh ar thionóntaí nua a fháil sa bhliain 2023 do na haonaid a bhí réidh lena ligean ar cíós arís, ar an meán ar fud na n-aonad ar fad a ligeadh ar cíós arís le linn 2023	€14,134.07

H4: Costas Cothabhála Tithe

A. An méid a caitheadh in 2023 ar chaoi a choinneáil ar thithíocht de chuid an údarais áitiúil ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2023, arna roinnt ar líon na dteaghaisí i stoc an údarais áitiúil amhail an 31 Nollaig 2023	€1,058.00
---	------------------

H5: Iniúchtaí san earnáil cíosa príobháidí

A. Líon na dtionóntaí cláraithe i limistéar an údarais áitiúil ag deireadh mhí an Mheithimh 2023	2,195
B. Líon na dteaghaisí ar cíós a ndearnadh iniúchadh orthu sa bhliain 2023	535
C. Céatadán na dteaghaisí a ndearnadh iniúchadh orthu sa bhliain 2023 agus a fuarthas amach nach raibh siad ag cloí leis na Rialacháin Caighdeán	69.91%
D. Líon na dteaghaisí neamh-chomhlíontacha a d'éirigh comhlíontach sa bhliain 2023	276
E. Líon na n-iniúchtaí (athiniúchtaí san áireamh) a rinne an t-údarás áitiúil in 2023	839

H6: Daoine fásta gan dídean go fadtéarmach

A. Líon na ndaoine fásta i gcóiríocht éigeandála atá gan dídean le fada mar chéatadán de líon iomlán na ndaoine fásta gan dídean i gcóiríocht éigeandála ag deireadh na bliana 2023	0%
---	-----------

H7: Iarfheistiú Stoic Tithíochta

A1. Líon iomlán na dtithe a ndearnadh iarfheistiú orthu idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2023 faoin gClár um Stoc Tithíochta Sóisialta a Iarfheistiú	38
A2. Líon na dtithe ar éirigh leo Rátáil RFF [Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh] B2 nó níos mó a bhaint amach idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2023 faoin gClár um Stoc Tithíochta Sóisialta a Iarfheistiú	38
A3. Líon na gcaidéal teasa a cuireadh isteach sna tithe sin idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2023 faoin gClár um Stoc Tithíochta Sóisialta a Iarfheistiú	17
B. An méid fuinnimh iomlán a coiglíodh in MWh [Uaireanta Meigeavata] idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2023 faoin gClár um Stoc Tithíochta Sóisialta a Iarfheistiú	515.3 MWh
C. Líon iomlán carbóin a baineadh den líon CO2 a chuir na tithe iarfheistithe amach roimhe sin idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2023 faoin gClár um Stoc Tithíochta Sóisialta a Iarfheistiú	158.7

J: FORBAIRT GHEILLEAGRACH**J1: Líon na bPost a Cruthaíodh**

A. Líon na bpost a cruthaíodh in aghaidh an duine a bhuí le cúnamh a fuarthas ón Oifig Fiontair Áitiúil le linn na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2023 in aghaidh 100,000 den daonra	37.01
---	--------------

J2: Dearbháin chun Trádáil Ar Líne

A. Líon na n-iarratas ar dhearbháin chun trádáil ar líne faofa a d'fhaomh an Oifig Fiontair Áitiúil in 2023 in aghaidh 100,000 den daonra	35.58
B. Líon na ndearbhán trádála sin ar tarraingíodh anuas iad sa bhliain 2023 in aghaidh 100,000 den daonra	21.35

J3: Líon na nDaoine ar tugadh Meantóireacht dóibh

A. Líon na rannpháirtithe in aghaidh an duine ar tugadh meantóireacht dóibh le linn na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2023 in aghaidh 100,000 den daonra	415.61
---	---------------

J4: Turasóireacht

A. An bhfuil straitéis reatha turasóireachta ag an údarás áitiúil?	Tá
B. An bhfuil Oifigeach Turasóireachta ainmnithe ag an údarás áitiúil?	Tá

J5: An Méid a Caitheadh ar Fhorbairt Eacnamaíoch

A. An méid a chaith an t-údarás áitiúil ar fhorbairt eacnamaíoch in 2023 in aghaidh an duine den daonra	€116.14
---	----------------

L: SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE / FÓILLÍOCHTA**L1: Cuairteanna ar an Leabharlann agus Eisiúintí**

A. Líon cuairteanna ar leabharlanna in aghaidh an duine den daonra do limistéar an údaráis áitiúil de réir dhaonáireamh 2022	1.36
B. Líon na n-earraí a eisíodh do lucht iasachta ón leabharlann le linn na bliana	131,145
C. Baill chláráithe den leabharlann in aghaidh an duine den daonra.	0.11
D. Líon de bhaill chláráithe na leabharlainne sa bhliain	6,222

L2: Costas as Seirbhís Leabharlainne a Reáchtáil

A. Sonraí ó Ráiteas Airgeadais Bliantúil Chlár F don bhliain 2023 arna roinnt ar dhaonra limistéar an údaráis áitiúil de réir Dhaonáireamh 2022	€33.01
B. An caiteachas bliantúil in aghaidh an duine ar bhailiúcháin sa bhliain 2023	€1.50

M: Airgeadas**M1: Achoimre 5 Bliana ar Iarmhéid Ioncaim**

A. An t-iarmhéid carnach barrachais amhail an 31 Nollaig 2019	€201,740
B. An t-iarmhéid carnach barrachais amhail an 31 Nollaig 2020	€218,803
C. An t-iarmhéid carnach barrachais amhail an 31 Nollaig 2021	€243,944
D. An t-iarmhéid carnach barrachais amhail an 31 Nollaig 2022	€269,994
E. An t-iarmhéid carnach barrachais amhail an 31 Nollaig 2023	€297,113
F. An t-iarmhéid carnach barrachais amhail an 31 Nollaig 2023 mar chéatadán den ioncam iomlán sa bhliain 2023 ón Ráiteas ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais den Ráiteas Airgeadais Bliantúil	0.38%
G. Caiteachas ioncaim in aghaidh an duine sa bhliain 2023	€1,037.36

ar lean >

M2: Achoimre 5 Blíana ar an gcéatadán de na leibhéil bhailiúcháin d'fhoinsí móra ioncaim

A. 2019:	Rátaí Cíos & Blianachtaí Iasachtaí Tithíochta	89% 91% 76%
B. 2020:	Rátaí Cíos & Blianachtaí Iasachtaí Tithíochta	68% 93% 62%
C. 2021:	Rátaí Cíos & Blianachtaí Iasachtaí Tithíochta	89% 93% 65%
D. 2022:	Rátaí Cíos & Blianachtaí Iasachtaí Tithíochta	89% 91% 71%
E. 2023:	Rátaí Cíos & Blianachtaí Iasachtaí Tithíochta	88% 90% 75%

M3: Éilimh faoi Dhliteanas Poiblí

A. Costas na n-éileamh in aghaidh an duine a réitíodh don bhliain 2023	€7.10
--	--------------

M4: Forchostais

A. Muirear bainistíochta láir foriomlán mar chéatadán de chaiteachas iomlán ar an gCuntas Ioncaim	16.95%
B. Costais phárolla iomlána mar chéatadán de chaiteachas ioncaim	41.92%

P: PLEANÁIL**P1: Foirgnimh nua a ndearnadh iniúchadh orthu**

A. Foirgnimh a ndearnadh iniúchadh orthu mar chéatadán d'fhoirgnimh nua a fógraíodh don údarás áitiúil	15.91%
--	---------------

P2: Líon / Céatadán de na Cinntí Pleanála a Dheimhnigh An Bord Pleanála

A. Líon chinntí pleanála an údaráis áitiúil a bhí mar ábhar d'achomharc chun an Bhoird Pleanála agus a ndearna an Bord cinneadh ina leith ag am ar bith in 2023	20
B. Céatadán de na cinntí ag A nuair a dheimhnigh an cinneadh a rinne an t-údarás (le hathrú nó gan athrú)	65%

P3: Céatadán de na Cásanna Forfheidhmithe Pleanála a Dúnadh mar Réitithe

A. Líon iomlán na gcásanna pleanála a ndearnadh iniúchadh orthu a treoraíodh chuig an údarás áitiúil nó arbh iad an t-údarás áitiúil a thionscain iad, sa tréimhse 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2023	88
B. Líon iomlán na gcásanna a dúnadh le linn na bliana 2023	30
C. Céatadán de na cásanna ag B a diúltaíodh mar mionchúiseach, fánach nó gan bhunús a bheith leo nó a dúnadh mar gheall ar urchosc reachta nó forbairt eisiata	16.67%
D. Céatadán de na cásanna ag B a réitíodh go sásamh an údaráis áitiúil de thoradh ar idirbheartaíocht	0%
E. Céatadán de na cásanna ag B a dúnadh mar gheall ar imeachtaí forfheidhmithe	88.33%
F. Líon na gcásanna pleanála atá á n-iniúchadh go fóill amhail an 31 Nollaig 2023	249

P4: Costas per capita na Seirbhíse Pleanála

A. Sonraí ó Ráiteas Airgeadais Bliantúil Chlár D arna roinnt ar dhaonra limistéar an údaráis áitiúil de réir Dhaonáireamh 2022	€35.07
--	---------------

P5: Iarratas ar Dheimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán

A. Céatadán na n-iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin a fuarthas in 2023 a ndearnadh cinneadh ina leith (deonaithe nó diúltaithe) faoi cheann dhá mhí ón uair a fuarthas iad	28.95%
B. Céatadán na n-iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin a fuarthas sa bhliain 2023 a ndearnadh cinneadh ina leith (deonaithe nó diúltaithe) faoi cheann tréimhse ar cuireadh fad léi i gcomhaontú leis an iarratasóir	39.47%

R: BÓITHRE**R1: Ratálacha san Innéacs maidir le Bail Dromchla Cosán (PSCI)**

A. Céatadán na mBóithre	98.24%
(a) Réigiúnach	99.00%
(b) Príomhbhóithre Áitiúla	
(c) Bóithre Áitiúla den Dara Grád a fuair rátáil PSCI maidir le bail sa tréimhse 24 mhí roimh an 31 Nollaig 2023 agus	97.05%
(d) Bóithre Áitiúla den Tríú Grád a fuair rátáil PSCI maidir le bail sa tréimhse 60 mí go dtí an 31 Nollaig 2023	74.00%
B. Céatadán na gciliméadar bóithre iomlán de (a) Bóithre Réigiúnacha (b) Príomhbhóithre Áitiúla (c) Bóithre Áitiúla den Dara Grád agus (d) Bóithre Áitiúla den Tríú Grád agus iad léirithe de réir líon na gciliméadar amhail an 31 Nollaig 2023, iad rátáilte i ngach ceann de na 4 ghrúpáil seo a leanas de na 10 gcatagóir rátála PSCI; 1-4, 5-6, 7-8 agus 9-10 do gach cineál bóthair.	
(a) Bóthar Réigiúnach	
Ar an 31 Nollaig 2023, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 1-4	1.77%
Ar an 31 Nollaig 2023, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 5-6	12.83%
Ar an 31 Nollaig 2023, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 7-8	34.91%
Ar an 31 Nollaig 2023, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 9-10	48.74%
(b) Príomhbhóthar Áitiúil	
Ar an 31 Nollaig 2023, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 1-4	2.19%
Ar an 31 Nollaig 2023, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 5-6	39.03%
Ar an 31 Nollaig 2023, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 7-8	36.75%
Ar an 31 Nollaig 2023, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 9-10	21.05%
(c) Bóthar Áitiúil den Dara Grád	
Ar an 31 Nollaig 2023, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 1-4	5.49%
Ar an 31 Nollaig 2023, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 5-6	40.01%
Ar an 31 Nollaig 2023, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 7-8	36.64%
Ar an 31 Nollaig 2023, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 9-10	16.95%
(d) Bóthar Áitiúil den Tríú Grád	
Ar an 31 Nollaig 2023, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 1-4	12.06%
Ar an 31 Nollaig 2023, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 5-6	32.09%
Ar an 31 Nollaig 2023, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 7-8	11.97%
Ar an 31 Nollaig 2023, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 9-10	17.97%

R2: Oibreacha dheonacha na mbóithre réigiúnacha

A. An méid ciliméadair de bhóithre réigiúnacha a neartaíodh le linn na bliana 2023 agus an méid a caitheadh ar an obair sin agus an costas aonaid in aghaidh an mhéadair chearnaigh	16.2km €3,889,511 €33.95
B. An méid ciliméadair de bhóithre réigiúnacha a athshéalaíodh le linn na bliana 2023 agus an méid a caitheadh ar an obair sin agus an costas aonaid in aghaidh an mhéadair chearnaigh	0.0 km €0 €0
C. An méid ciliméadair de bhóithre áitiúla (i.e. líon iomlán na bpríomhbhóithre, na mbóithre den dara grád agus den tríú grád) a neartaíodh le linn na bliana 2023 agus an méid a caitheadh ar an obair sin agus an costas aonaid in aghaidh an mhéadair chearnaigh	138.9 km €9,087,943 €17.10
D. Méid ciliméadair de bhóithre áitiúla a athshéalaíodh le linn na bliana 2023 agus an méid a caitheadh ar an obair sin agus an costas aonaid in aghaidh an mhéadair chearnaigh	172.3 km €2,913,972 €4.51

R3: Céatadán de na hidirbhearta mótarchánach a rinneadh ar líne

A. Céatadán na n-idirbheart mótarchánach a bpléitear leo ar líne (is é sin, go bpróiseáiltear an t-idirbheart agus go n-eisítear an diosca cánach ar líne) in 2023	32.91%
--	---------------

W: UISCE

W1: Céatadán den uisce óil i Scéimeanna Príobháideacha i gcomhréir le Ceanglais Reachtúla

Céatadán uisce óil i scéimeanna príobháideacha i gcomhréir le ceanglais reachtúla maidir le monatóireacht ar cháilíocht soláthairtí príobháideacha uisce óil le linn na bliana 2023	98.97%
---	--------

W2: Céatadán na scéimeanna cláraithe a ndéantar monatóireacht orthu

Líon na scéimeanna cláraithe a ndéanann gach údarás áitiúil monatóireacht orthu mar chéatadán de líon na scéimeanna cláraithe ina n-iomláine	100.00%
--	---------

Y: ÓIGE / POBAL

Y1: Rannpháirtíocht i scéim Chomhairle na nÓg

A. Céatadán na scoileanna áitiúla páirteach sa scéim áitiúil Chomhairle na nÓg	100%
--	------

Y2: Grúpaí atá bainteach leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

A. Líon na n-eagraíochtaí atá ar Chlár an Chontae agus cion na n-eagraíochtaí sin a roghnaigh chun páirt a ghlacadh sa Choláiste Ionchuimsithe Sóisialta sa Líonra Rannpháirtíochta Pobail	14.10
--	-------

Aguisín 2: Comhdhálacha agus Imeachtaí Oiliúna na gComhairleoirí 2023

Comhdhálacha/Seimineáir in Éirinn ar fhreastail Comhairle Contae Ros Comáin orthu sa bhliain 2023					
Dáta Tosaigh	Dáta Criochnaithe	Eagraí	Imeacht Oiliúna/Comhdhála	Ionad	Líon Comhairleoirí a d'fhreastail ar an imeacht
07/01/23	09/01/23	Comhdhálacha Ceilteacha	An tAcht Airgeadais, 2021	Óstán Four Seasons, Cairlinn, Co. Lú	1
03/02/23	05/02/23	Comhdhálacha Ceilteacha	Tithíocht Mhodúlach in Éirinn	Óstán Four Seasons, Cairlinn, Co. Lú	1
23/02/23	23/02/23	Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann	Modúl 1 - Seisiún Eolais ar an Acht um Athchóiriú Toghcháin	Óstán The Tullamore Court, an Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí	4
02/03/23	04/03/23	Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil (LAMA)	Seimineár an Earraigh 2023	Óstán West Lodge, Beanntraí, Co. Chorcaí	7
25/03/23	25/03/23	Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann	Modúl 2- Plean an Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide	Óstán Fairways, Dún Dealgan, Co. Lú	3
05/04/23	06/04/23	Eile	Comhdháil Bhealach Ghleann na Suca	Teach Baile Mhóir mhuintir Gleeson agus Óstán na Mainistreach, Ros Comáin	7
19/04/23	20/04/23	Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann	Comhdháil Bhliantúil Oiliúna 2023	Ostán Kilkenny, Bóthar an Choláiste, Cill Chainnigh	6
15/06/23	15/06/23	Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann	Modúl 3 - Forléargas ar an Reachtaíocht Phleanála atá Ann Cheana Maille le Treoir faoi Bheartais	Ostán Mullingar Park, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí	4
22/07/23	22/07/23	Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann	Modúl 4 - Uisce Éireann (Irish Water) – Seisiún Eolais do Chomhairleoirí	Óstán agus Spá an Radisson Blu, Sligeach	1
13/09/23	14/09/23	Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann	Seimineár an Fhómhair - A Bhfuil i nDán do Réimse an Rialtais Áitiúil in Éirinn	Óstán Sligo Park, Sligeach	6
13/10/23	15/10/23	Comhdhálacha Ceilteacha	Treoir Phraiticiúil maidir le Buiséad 2024	Óstán The Four Seasons, Cairlinn, Co. Lú	1
19/10/23	19/10/23	Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann	Modúl 5 - Slándáil Phearsanta Comhaltaí Tofa - Cleachtais Slándála Fhónta sa Bhaile, sa Láthair Oibre agus le Linn Dul ó Áit go hÁit	Óstán Kilmore, an Cabhán	2
21/10/23	21/10/23	Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann	Slándáil Phearsanta Comhaltaí Tofa - Cleachtais Slándála Fhónta sa Bhaile, sa Láthair Oibre agus le Linn Dul ó Áit go hÁit	Óstán na Rós, Trá Lí, Co. Chiarraí	2
25/10/23	26/10/23	LAMA	Seimineár an Fhómhair - Gníomhú ar Son na hAeráide, Gnólachtaí Inbhuanaithe agus An Chaoi le Forbairt Réigiúnach Thomhaiste a Dhéanamh	Óstán Theach an Aird Rí, Tuaim, Co. na Gaillimhe	8
16/11/23	16/11/23	Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann	Modúl 6 - Sábháilteacht ar Bhóithre: An Beartas i leith na Luasteorann Nua agus Úsáideoirí Bóithre a Chosaint	Óstán an Túir, Port Láirge	2
18/11/23	18/11/23	Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann	Modúl 6 - Sábháilteacht ar Bhóithre: An Beartas i leith na Luasteorann Nua agus Úsáideoirí Bóithre a Chosaint	Óstán Clayton, Gaillimh	2
01/12/23	03/12/23	Comhdhálacha Ceilteacha	Córas Leasa Shóisialaigh na hÉireann	Óstán O'Donovan, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí	1

Ba €22,641 an costas iomlán a bhain le freastal Comhaltaí Tofa ar Oiliúint agus ar Chomhdhálacha.

Aguisín 3: Coistí na gComhairleoirí 2023


Liosta na gCoistí Contae agus na gComhlachtaí Seachtracha a raibh Ionadaíocht Fhoirmiúil ag Comhairle Contae Ros Comáin orthu sa bhliain 2023		
Teideal an Choiste	Cuspóir an Choiste	Comhaltaí Tofa thar ceann Chomhairle Contae Ros Comáin
Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann (AILG)	Reáchtálann an tAontas clár cruinnithe ag a dtugtar deis do chomhaltaí cuntas a thabhairt ar na fadhbanna atá ag cur as do dhaoine i saol na Comhairle faoi láthair. Is acmhainn líonraithe, forbartha beartas agus oiliúna an AILG do na Comhaltaí Tofa ar na 31 Chomhairle Contae agus Cathrach in Éirinn.	Comhairleoirí Waldron, Fitzmaurice agus Fallon
Tuaisceart agus Iarthar Tionól Réigiúnach	Bainistíocht agus monatóireacht a dhéanamh ar chlár oibríochta atá maoinithe ag AE sa Réigiún Thuaidh agus Thiar.	Comhairleoirí Leyden agus Naughten
Fóram Oidhreachta	Comhlacht comhairleach chun maoirseacht a dhéanamh agus comhairle a thabhairt maidir le Plean Oidhreachta Chontae Ros Comáin a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.	Comhairleoir Murphy
Gaillimh Ros Comáin Oideachas agus Oiliúint Bord (BOO)	Tá an coiste seo freagrach as rialachas na seirbhísí oideachais agus riaracháin ar fad a chuireann Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin ar fáil.	Comhairleoirí Shanagher, Cummins agus Fallon
Comhar-Árachais Comhairlí Éireann Teoranta (IPB)	Tá gá le Coiste ós rud é go bhfuil IPB ina chuideachta fhrithpháirteach.	Comhairleoir Keogh
Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil (LAMA)	Déanann an cumann ionadaíocht thar ceann chomhaltaí na gComhairlí ar leibhéal contae, cathrach agus bardasach. Cumann atá ann chun coinníollacha níos fearr, oideachas agus oiliúint a bhaint amach le haghaidh comhaltaí atá ann.	Comhairleoir Cummins
Cumann Leabharlann na hÉireann	Chun freastal ar Chruinniú Bliantúil Chumann Leabharlann na hÉireann.	Comhairleoir Callaghan
Cumann Leabharlann na hÉireann	Chun freastal ar Chruinniú Bliantúil Chumann Leabharlann na hÉireann mar thoscaire	Comhairleoirí Callaghan, McDermott agus Waldron
An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil	Chun maoiniú forbartha pobail agus áitiúil a chomhordú, a phleanáil agus a mhaoirsiú agus chun cur chuige comhtháite a chur i bhfeidhm maidir le clár agus idirghabhálacha forbartha áitiúla agus pobail a reáchtáil.	Comhairleoirí Kilduff, Fitzmaurice agus Fallon

Liosta na gCoistí Contae agus na gComhlachtaí Seachtracha a raibh Ionadaíocht Fhoirmiúil ag Comhairle Contae Ros Comáin orthu sa bhliain 2023

Teideal an Choiste	Cuspóir an Choiste	Comhaltaí Tofa thar ceann Chomhairle Contae Ros Comáin
Coiste Comhairliúcháin Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil (LTACC)	Chun comhairle a chur maidir le cóiríocht don lucht siúil a sholáthar agus a bhainistiú.	Comhairleoirí Shanagher, Cummins agus Crosby
An Fóram Réigiúnach Sláinte Thiar	Chun a chinntiú go mbeadh deis ag comhaltaí tofa áitiúla ar bhonn leantach chun maoirsiú a dhéanamh ar na seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a chuireann FSS ar fáil.	Comhairleoirí Ward, Cummins agus Crosby
Comhchoiste maidir le Draenáil na Suca	Chun maoirseacht a dhéanamh ar chothabháil leantach ar Cheantar Draenála na Suca	Comhairleoirí Dineen, Fitzmaurice, Kilduff agus Naughten
Coiste Sábháilteachta ar Bhóithre le Chéile	Chun go mbeidh na bóithre i gContae Ros Comáin níos sábháilte d'úsáideoirí ar fad na mbóithre	Comhairleoirí Waldron, Murphy agus Naughten
Coiste Stiúrtha Chomhairle na nÓg Ros Comáin	Comhairle áitiúil na n-óg, a thugann tacaíocht do pháistí agus do dhaoine óga ionas go n-éistear leo nuair atá seirbhísí agus polasaithe áitiúla á bhforbairt. Bíonn an coiste stiúrtha ag cuidiú le daoine óga rochtain agus teagmháil a dhéanamh leis an údarás áitiúil agus le forais déanta cinntí sa chontae.	Comhairleoirí McDermott agus Crosby
Coiste Iniúcháireachta Chomhairle Contae Ros Comáin	Comhairle a chur ar an gcomhairle maidir le próisis tuairiscithe airgeadais, rialú inmheánach, cúrsaí a bhaineann le bainistíocht riosca agus iniúcháireacht, dea-chleachtais na cuntasafachta a chur chun cinn, cinnteoireacht níos fearr agus níos eolaí a chinntiú agus feabhas a chur ar an mbéim ar luach ar airgead ar fud na heagraíochta.	Comhairleoirí Cummins agus Fallon
Coiste Iniúcháireachta Chomhairle Contae Ros Comáin	Le bheith mar fhóram le haghaidh comhairliúcháin, plé agus moltaí maidir le nithe a imríonn tionchar ar phóilíneacht a dhéanamh ar limistéar riaracháin an údaráis áitiúil.	Comhairleoirí Waldron, Kilduff, Shanagher, Dineen, Ward, Naughten, Fitzmaurice, Callaghan, Cummins, Fallon, Crosby, McDermott agus Murphy
Coiste Monatóireachta Uisce Tuaithe an Chontae	Chun comhairle a thabhairt maidir le Clár an Uisce Tuaithe a fheidhmiú agus chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an chlár.	Comhairleoirí Kilduff, Cummins agus Callaghan.
Údarás na hOllscoile Údarás Ceannais Ollscoile na hÉireann, Gaillimh	Freagrach as gnóthaí uile na hOllscoile a bhainistiú agus a rialú.	Comhairleoir Keogh
Coiste Iarnróid Idirchontae an Iarthair	Tá an coiste seo tiomanta do Chonair Iarnróid an Iarthair a athoscailt.	An Comhairleoir Crosby

Aguisín 4: Struchtúr na Bainistíochta 2023

Sa léaráid seo a leanas léirítear struchtúr bainistíochta na Comhairle ag deireadh 2023:







Páirc an Mhóta

Comhairle Contae Ros Comáin
Áras an Chontae, Ros Comáin,
Contae Ros Comáin, F42 VR98

Fón: +353 (0)90 6637100

Facs: +353 (0)90 6625599

R-phost: customerservice@roscommoncoco.ie



www.roscommon.ie



Comhairle Contae Ros Comáin



@roscommoncoco